

4. Roghanna Eile a Breithníodh don Tionscadal

4.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, is nuashonrú é seo ar Chaibidil 4 den TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar cheadú don N6 GCRR atá beartaithe de bhun alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú. Is cuid den fhreagairt é an TMTT nuashonraithe ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar fhaisnéis bhreise i mí na Nollag 2023, tráth ar iarr sé (in éineacht le roinnt iarrataí eile) ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an *“Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Nuashonrú”*. Sa chaibidil seo tá cur síos ar na roghanna réasúnta eile i gcomhthéacs dhearadh, theicneolaíocht, shuíomh, mhéid agus scála an tionscadail ar a ndearnadh staidéar agus na príomhchúiseanna gné N6 GCRR an Tionscadail a roghnú. Sa chaibidil seo áirítear freisin comparáid maidir le héifeachtaí comhshaoil na roghanna eile ar an N6 GCRR atá beartaithe agus gnéithe eile an Tionscadail, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistean iompair an-tromchúiseach atá le réiteach ag Cathair na Gaillimhe agus ag an gceantar máguaird. Comhlíonann an mheasúnacht seo ar na roghanna eile forálacha ábhartha na Treorach um Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, go hiomlán chomh maith. I gcás ina ndearnadh mionathruithe / athruithe i ndiaidh TMTT 2018, leagadh amach iad sin sa chaibidil nuashonraithe seo.

Ceanglaítear le Treoir MTT arna leasú le Treoir 2014/52/AE go mbeidh sé seo a leanas sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) *“cur síos ar staidéir ar roghanna réasúnta eile arna ndéanamh ag an bhforbróir, a bhaineann leis an tionscadal agus a shaintréithe sainiúla, agus na príomhchúiseanna leis an rogha a roghnaíodh a chur in iúl, ag cur san áireamh éifeachtaí an tionscadail ar an gcomhshaol”*. (Airteagal 5(1)(d)).

Ní mór an méid seo a leanas a chuimsiú sa Tuarascáil MTT chomh maith *“cur síos ar staidéir ar roghanna réasúnta eile (mar shampla, i gcomhthéacs dhearadh, theicneolaíocht, shuíomh, mhéid agus scála an tionscadail) arna ndéanamh ag an bhforbróir, a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe agus a shaintréithe sainiúla, agus na príomhchúiseanna leis an rogha a roghnaíodh a chur in iúl, lena n-áirítear comparáid idir na héifeachtaí ar an gcomhshaol”* (Iarscríbhinn IV).

Chomh maith leis sin, de bhun alt 50(2)(b)(iv) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) ní mór an méid seo a leanas a chur sa TMTT: *“tuairisc ar na roghanna réasúnta eile arna staidéar ag an údarás bóithre nó ag an Údarás, de réir mar a bheidh, atá ábhartha don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus a shaintréithe sainiúla, agus tuiscint ar na príomhchúiseanna leis an rogha a roghnaíodh, ag cur san áireamh éifeachtaí na forbartha bóthair atá beartaithe ar an gcomhshaol”*.

4.1.1 Forléargas ar na roghanna eile a breithníodh agus ar na nuashonruithe ó TMTT 2018

Agus aird á tabhairt ar stair phleanála agus dlí Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCOB), 2006 – inar áiríodh breithniú ar an bpríomhshrian a bhain le Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) Loch Coirib, breithníodh roinnt roghanna eile don N6 GCRR atá beartaithe mar chuid de TMTT 2018. Rinneadh athbhreithniú ar na roghanna eile sin arís don TMTT nuashonraithe seo chun tuilleadh breithniúcháin ar roghanna eile, a cuireadh i láthair le linn na héisteachta ó bhéal in 2020, a chur san áireamh, chomh maith le measúnú ar roghanna eile nua ó bhí an éisteacht ó bhéal ann:

- ‘An Rogha - Gan Dada a Dhéanamh’ (Cuid 4.4)
- ‘Rogha Déan an Méid is Lú’: baineann sé le scéimeanna bóithre agus scéimeanna nach mbaineann le bóithre, lena n-áirítear bearta um shoghluaisteacht chliste, atá curtha i gcrích nó ar dócha go rachfar ar aghaidh leo sa ghearrthearma (Cuid 4.5)

¹ Airteagal 5(1)(d) den Treoir MTT, arna leasú le Treoir 2014/52/AE

- ‘Roghanna Déan Rud Éigin Nach Bóthar Iad’: Bhí an rogha eile seo bunaithe ar na bearta, roghanna agus scéimeanna indéanta go léir a sainaithníodh mar chuid de na staidéir maidir le Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) (Cuid 4.6.1) lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta (ITS), bearta bainistíochta éilimh agus áiseanna taistil ghníomhaigh feadh roghanna iompair phoiblí. Déantar plé níos mine ar an rogha maidir le Bus i gCuid 4.6.2 agus an rogha maidir le hIarnród Éadrom i gCuid 4.6.3 lena n-áirítear freisin measúnú ar Thuarascáil Staidéir Féidearthachta ar Iarnród Éadrom Idirthurais na Gaillimhe² a d’fhoilsigh NTA i mí Dheireadh Fómhair 2024.
- ‘Roghanna Bóthair - Déan Rud Éigin’: baineann siad sin le roghanna tosaigh a bhaineann le bóithre a fágadh as an áireamh, uasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar atá ann agus roghanna eile le haghaidh trasnaithe ar Abhainn na Gaillimhe. Tá measúnú ar mhéid agus scála na roghanna bóthair curtha isteach (Cuid 4.7.4) chomh maith le measúnú ar Rogha GCOB 2006 maille le Tollán a tháinig aníos le linn na héisteachta ó bhéal (Cuid 4.7.2.5)
- Tá aighneachtaí don éisteacht ó bhéal (lena n-áirítear ag an Uas. Kilgarraff agus an Uas. Molinar), lena maítear go bhfuil ró-innealtóireacht déanta ar an N6 GCRR atá beartaithe agus gur leor débhealach le hacomhal timpeallán comhréidh chun fadhb an iompair i nGaillimh a réiteach, curtha san áireamh (Cuid 4.7.5)
- Tá aighneachtaí don éisteacht ó bhéal (lena n-áirítear ón Uas. Rabbitt agus ón Uas. Dowd), maidir le trasnú malartach ar Abhainn na Gaillimhe, curtha san áireamh (Cuid 4.7.6)
- Roghanna eile maidir le soláthar stáblaí ag Ráschúrsa na Gaillimhe (Cuid 4.10) a tháinig ó chinneadh an Bhoird Pleanála maidir le hIarratas Alt 51 don N6 GCRR atá beartaithe an 6 Nollaig 2021, tagairt ABP-302848-18, go bhfágfaí ar lár na stáblaí buana ag Ráschúrsa na Gaillimhe

4.1.2 Struchtúr na Caibidle

Is é seo a leanas breac-chuntas ar struchtúr na caibidle seo:

- **Cuid 4.2** - tugtar forléargas ar fhadhb an iompair ar a dtuairiscítear i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo
- **Cuid 4.3** - tugtar achoimre ar na príomhshrianta maidir le réiteach iompair a fhorbairt
- **Cuid 4.4** - déantar cur síos ar an ‘Rogha - Gan Dada a Dhéanamh’
- **Cuid 4.5** - déantar cur síos ar an ‘Rogha - Déan an Méid is Lú’
- **Cuid 4.6** - déantar cur síos ar na ‘Roghanna Déan Rud Éigin Nach Bóthar Iad’
- **Cuid 4.7** - déantar cur síos ar na ‘Roghanna Bóthair - Déan Rud Éigin’
- **Cuid 4.8** - tugtar achoimre ar rogha conaire an N6 GCRR atá beartaithe agus na mionathruithe ó TMTT 2018
- **Cuid 4.9** - déantar cur síos ar na Roghanna eile maidir le soláthar stáblaí ag Ráschúrsa na Gaillimhe
- **Cuid 4.10** - mionathruithe ar an N6 GCRR ó bhí 2018 ann
- **Cuid 4.11** - tugtar achoimre ar an réiteach iompair is fearr do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird

² https://www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2024/10/GMATS-LRT-Feasibility-Study-report-v0.4_Final.pdf

4.2 Forléargas ar Shaincheisteanna Iompair

Agus roghanna eile á mbreithniú, bhí sé riachtanach ón tús an chúis leis na fadhbanna agus saincheisteanna iompair atá ann cheana laistigh de Chathair na Gaillimhe agus den cheantar máguaird a shainaithint chun réiteach cuí ar an bhfadhb a fhorbairt. Príomhspreagadh don phróiseas seo ba ea an tionchar ar an timpeallacht nádúrtha agus thógtha a íoslaghdú. Rinneadh athbhreithniú ar na saincheisteanna iompair a sainaithníodh in TMTT 2018 i bhfianaise na hanailíse nuashonraithe arna déanamh sa TMTT nuashonraithe seo agus luaitear aon nuashonrú sa chuid seo

San obair thosaigh maidir le tuiscint a fháil ar an gcúis leis na saincheisteanna iompair, a chuir bonn eolais faoi TMTT 2018, díriodh ar fhaisnéis agus sonraí a bhailiú ó raon leathan foinsí agus sásraí éagsúla a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna iompair atá ann, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadal GCOB 2006 roimhe sin, ar doiciméid bheartais a bhí ann an tráth úd, ar shonraí Dhaonáireamh 2011 do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird lena n-áirítear Contae na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair agus ar chuartheanna láithreáin i nGaillimh.

Mar a thuairiscítear i gCaibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadal agus i gCaibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh an Bhealaigh, den TMTT nuashonraithe seo, rinneadh athbhreithniú ar na saincheisteanna iompair arís don TMTT nuashonraithe seo agus aird á tabhairt ar shonraí Dhaonáireamh 2022. Tá na patrúin iompair gan mórán athraithe ó TMTT 2018 cé is moite d'ardú beag ar an líon daoine atá ag obair ón mbaile mar gheall ar iompraíochtaí iarrphaindéime agus tá méadú tagtha ar an daonra. Mar sin féin, tá na saincheisteanna iompair tar éis dul in olcas ó bhí 2018 ann agus tá gá mór ann fós aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna iompair seo atá tubaisteach don chathair.

Tá na saincheisteanna iompair atá roimh Chathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird a sainaithníodh in TMTT 2018 fós ag cur isteach ar Chathair na Gaillimhe agus ar an gceantar máguaird inniu, mar thoradh ar neamhdhóthanacht an líonra iompair atá ann faoi láthair, mar a thuairiscítear i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo. Tugtar achoimre ar na saincheisteanna sin thíos:

- Tháinig méadú idir 15% agus 50% ar an trácht laethúil ar an N6, i gcomparáid leis na figiúirí a thugtar in TMTT 2018.
- Baineann na faid turais fhaidréiseacha agus moilleanna ar an líonra bus atá ann faoi láthair leis an mbrú tráchta agus, go páirteach, leis an méid teoranta spáis bóthair atá ar fáil i lár na cathrach chun tosaíocht bus a thabhairt isteach, lena mbaintear de mheallacht seirbhísí iompair phoiblí na cathrach do phaisinéirí agus lena méadaítear na costais a bhaineann le feidhmiú na seirbhísí sin.
- Tá spás teoranta ar fáil ar chion suntasach de líonra bóithre agus sráideanna na cathrach le haghaidh bonneagar rothaíochta atá go hiomlán leithscartha, chomh maith le brú tráchta, rudaí lena laghdaítear na deiseanna don rothaíocht shábháilte, mhealltach agus chompordach.
- Tá fadhbanna nascachta ar an líonra bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha agus mar thoradh air sin tá méideanna suntasacha den éileamh taistil trastíre agus straitéiseach idir Gaillimh thoir agus Gaillimh thiar á mbailiú agus á dtreorú trí limistéar na cathrach chun dul trasna Abhainn na Gaillimhe.
- Bíonn tionchair ghaolmhara gan dealramh ag seoladh na mílte feithicil in aghaidh an lae trí lár na cathrach ar ghnólaictaí, ar shaoráidí poiblí, ar bhailte agus ar úsáideoirí bóithre gan inneall.
- Cuireann cineál stop/tosaigh na tiomána uirbí agus dlúthghrúpáil na bhfeithicilí ar chúl feithicilí a bhogann go mall leis na leibhéil truaillithe, mar gheall ar astaíochtaí carbóin méadaithe, a théann i gcion ar dhaoine áitiúla agus ar chuartheoirí araon.
- Tarlaíonn éifeachtaí deighilte an bhrú tráchta i limistéir uirbeacha agus tá méadú ag teacht ar mhéideanna tráchta agus luasanna tráchta i limistéir thuaithe toisc go mbaintear úsáid as bóithre áitiúla chun an líonra bóithre náisiúnta plódaithe a sheachaint.
- Tá neamhiontaofacht ann maidir le fad turais de thoradh na dothuarthachta agus moilleanna a bhaineann leis an mbrú tráchta.


- Athraitheacht na bhfad turais i rith an lae (méadú idir 5% agus 40% le linn na mbuaicuaireanta i gcomparáid le lár an lae) agus méadú ar fhad na moilleanna tráchta le linn bhuaicthréimhse na maidine agus an tráthnóna.
- Tá trácht straitéiseach (idir Conamara agus an Líonra Bóithre Náisiúnta) in iomaíocht leis an trácht áitiúil (44% de thurais chairr) laistigh den Chathair.
- Níl go leor nasc iompair ann chun margáí laistigh den chathair a rochtain.
- Níl go leor ceangail iompair ann ó Ghaillimh ar aghaidh go Conamara.
- Tá easpa inrochtaineachta ar Réigiún an Iarthair ina iomláine.
- Tionchar an bhrú tráchta ar cháil na cathrach, go háirithe i dtaca le forbairt isteach.
- Tá fadhbanna inrochtaineachta ann de bharr brú tráchta le haghaidh gnólachtaí agus saoráidí pobail i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird agus sna Páirceanna Gnó sa Pháirc Mhór agus i mBaile an Bhriotaigh.

Maidir leis an timpeallacht tráchta atá ann faoi láthair, atá an-duairc, dearbhaíonn sé an gá leanúnach le réiteach iompair níos comhtháite do Ghaillimh, mar a shainaithnítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Faoi mar a pléadh i gCaibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadal, sainaithníodh in SIG réiteach tráchta chun córas iompair inbhuanaithe a chruthú do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird ag cur san áireamh na n-éileamh taistil, agus na srianta bonneagair agus comhshaoil atá ann. Anuas ar SIG, rinneadh anailís ar shonraí comhairimh tráchta 2024 i gCathair na Gaillimhe agus ar shaincheisteanna iompair an lae inniu agus aird á tabhairt ar CAP24 chun a chinntiú go mbreithnítear na roghanna uile eile agus aird á tabhairt ar bheartais reatha.

4.3 Srianata Suntasacha

Tá na srianta suntasacha a bhaineann le réiteach iompair a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird sa lá atá inniu ann mar an gcéanna leis an méid a tuairiscíodh in TMTT 2018.

Rinneadh staidéar ar shrianta laistigh den limistéar staidéir i Pláta 4.1, arb é sin go bunúsach an limistéar ina bhféadfaí réiteach iompair a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Sainaithníodh srianta fisiciúla agus comhshaoil a d'fhéadfadh dul i gcion ar fhorbairt réitigh iompair fhéideartha laistigh den limistéar staidéir. Rinneadh athbhreithniú ar na srianta arís idir 2022 agus 2024 chun bonn eolais a chur faoin TMTT nuashonraithe seo agus mínítear aon athrú agus cuirtear san áireamh iad i ngach ceann de na measúnachtaí timpeallachta a chuirtear i láthair sa TMTT nuashonraithe seo.



Pláta 4.1 Limistéar Staidéir

Mar chuid den Staidéar ar Shrianta, tionóladh seisiún comhairliúcháin phoiblí i mí Iúil 2014. Iarradh tuairimí ón bpobal agus taifeadadh torthaí an chomhairliúcháin sa Staidéar ar Shrianta. Cé go ndearnadh an comhairliúchán seo agus an staidéar ar shrianta in 2014, rinneadh athbhreithniú ar na srianta agus tugadh cothrom le dáta iad de réir mar ba ghá agus TMTT 2018 á ullmhú, agus arís idir 2022 agus 2024 don TMTT nuashonraithe seo.

Bhí siad seo a leanas i measc na saincheisteanna a breithníodh sa Staidéar ar Shrianta:

- an bonneagar atá ann, talamhúsáid, topagrafaíocht agus gnéithe fisiciúla
- sainathint láithreán nó limistéar lena mbaineann tábhacht nó leochaileacht chomhshaoil
- pleanáil, forbairt agus carachtar socheacnamaíoch
- srianta teicniúla

Sainathníodh sa staidéar ar shrianta go bhfuil srianta suntasacha ann maidir le bonneagar iompair nua a fhorbairt i nGaillimh a thagann chun cinn go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas: (i) cruth fisiciúil na cathrach (ii) an spás teoranta atá ar fáil (iii) an timpeallacht thógtha agus na limistéir chónaithe ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe agus (iv) láithreach láithreán ainmnithe lena mbaineann suntasacht idirnáisiúnta agus tá srian leo mar a bhí in 2018.

Tá cur síos níos mine ar na srianta sin déanta thíos:

- Mar gheall ar fhorbairt limistéar fo-uirbeach ísealdlúis i bpatrún líneach braitear ar úsáid carranna príobháideacha mar mhodh taistil i nGaillimh agus dá bhrí sin tá sé níos deacra réiteach iompair phoiblí a bheidh éifeachtach go heacnamúil a fhorbairt
- Tá Cathair na Gaillimhe deighilte ag Abhainn na Gaillimhe agus í ag sreabhadh trí Loch Corrib agus Chuan na Gaillimhe agus tá aomhóirí suntasacha turais, ionaid fostaíochta, ionaid oideachais agus limistéir chónaithe ar an dá thaobh den abhainn


- Cruthaíonn Loch Coirib deighilt nádúrtha idir an taobh thoir agus an taobh thiar de Chontae na Gaillimhe agus níl Loch Coirib ach 4.5 km bealaigh ó Chuan na Gaillimhe³, áit ina bhfuil Cathair na Gaillimhe agus a pobal suite go mór i gcroílár Chontae na Gaillimhe
- Tá an chathair lonnaithe i lár limistéar atá saibhir san oidhreacht nádúrtha ina bhfuil a lán gnáthóg nádúrtha. Mar thoradh air sin ainmníodh limistéir mhóra thart ar Chathair na Gaillimhe mar limistéir a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leo.

Tá srianta suntasacha i gceist le bonneagar nua a fhorbairt don chathair de bharr chruth fisiciúil na cathrach i gcomhthéacs na timpeallachta tógtha agus nádúrtha agus na limistéar cónaithe ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe, mar aon leis an spás teoranta atá ar fáil idir an loch agus an cuan, agus láithreacht láithreán ainmnithe lena mbaineann suntasacht idirnáisiúnta. Mar gheall ar na srianta sin díritear aird ar an tábhacht a bhaineann le roghanna réasúnta eile a bhreithniú chun an tionchar ar an timpeallacht dhaonna agus ar na láithreáin ainmnithe a íoslaghdú.

Tá na srianta suntasacha sin léirithe ar Pláta 4.2 thíos.

Tá cur síos iomlán déanta ar an staidéar ar shrianta i gCaibidil 4 den Tuarascáil um Roghnú Bhealaigh Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe⁴.

⁴ <https://www.n6galwaycityringroad.ie/Volume,3,,A21,Route,Selection,Report,RSR/>



Pláta 4.2 Srianata Suntasacha

4.4 'An Rogha - Dada a Dhéanamh'

Leagtar an gá atá le cuarbhóthar do Chathair na Gaillimhe, mar chuid de straitéis iompair chomhtháite, amach i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo, agus tá na riachtanais le haghaidh idirghabhála ar an leibhéal Eorpach, Náisiúnta agus Réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil follasach chun dul i ngleic leis na saincheistanna iompair atá i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird faoi láthair.

Bhain an 'Rogha - Dada a Dhéanamh' le scrúdú a dhéanamh ar an líonra agus bonneagar iompair atá ann agus a chumas freastal ar éilimh iompair amach anseo, ceal oibreacha uasghrádaithe ar bith seachas gnáthchothabháil. Tá forbairt déanta ar ghnéithe de SIG ó TMTT 2018 agus táthar anois mar chuid den líonra iompair agus bonneagair mar a thuairiscítear i gCaibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadal, agus cuireadh san áireamh iad maidir leis an rogha 'Gan Dada a Dhéanamh' don TMTT nuashonraithe seo.

De réir TMTT 2018, ní sholáthraíonn an rogha 'Gan Dada a Dhéanamh' don TMTT nuashonraithe seo aon infheistíocht i líonra nó bonneagar iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird, seachas an méid atá ann agus i bhfeidhm faoi láthair.

Ní dhéanfaidh an rogha 'Dada a Dhéanamh' ach na fadhbanna suntasacha brú tráchta atá ann ar fud na cathrach a dhéanamh níos measa, go háirithe le linn buaicuaireanta, rud atá ag dul i gcion ar chumas eacnamaíoch na cathrach. Ní oireann líonra bóithre agus sráideanna Chathair na Gaillimhe do na sruthanna ardráchta atá i réim faoi láthair agus cuireann sé leis an mbrú tráchta méadaithe, as a dtagann astaíochtaí carbóin, agus moilleanna méadaithe, rud a chuireann isteach ar an gcaighdeán maireachtála agus a théann i gcion ar fheidhmiúlacht na cathrach agus a cumais a bheith ag fás ar bhealach inbhuanaithe de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála agus ceanglais CAP24 a chomhlíonadh. Síneann éifeachtaí an bhrú tráchta agus na gcaolas sin chuig an gcontae agus an réigiún i gcoitinne, i ngeall ar an líon mór daoine a dhéanann turais laethúla chun na hoibre nó d'oidreachas chuig an gcathair ó na bailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe móorthimpeall. Imríonn an brú tráchta agus na caolais bhonneagair tionchar ar nascacht Réigiún an Iarthair leis an gcuid eile den tír agus le margai inmheánacha an AE.

Is é seo a leanas tátal na measúnachta don rogha 'Dada a Dhéanamh':

- Bheadh tuilleadh laghdaithe ar éifeachtúlacht an bhonneagair iompair reatha le himeacht ama mar thoradh air
- Ní sholáthródh sé feabhas ar bith ar an tsábháilteacht toisc nach ndéanfaí athrú ar bith ar an gcás atá ann go bunúsach i gcás nach ndéantar soláthar ar bith ag a lán acomhal d'úsáideoirí leochaileacha bóithre. Rachadh cúrsaí sábháilteachta in olcas go deimhin sa chás 'Gan Dada a Dhéanamh' ag roinnt acomhal
- Cé go ndearnadh roinnt feabhsuithe ar an mbonneagar tráchta atá ann faoi láthair, le cur i bhfeidhm gnéithe áirithe de SIG, atá chun leasa roinnt tionscnamh iompair phoiblí/taistil chliste ag an leibhéal áitiúil, ar an iomlán ní bhainfeadh an rogha 'Gan Dada a Dhéanamh' torthaí dóthanacha amach chun go mbeifí ábalta na feabhsuithe ar na roghanna eile iompair phoiblí agus rothaíochta a chur chun feidhme go hiomlán mar go mbeadh an acmhainn teoranta
- Ní éascódh sé cur i bhfeidhm iomlán SIG chomh maith leis an bhfás tuartha faoin daonra toisc nach féidir bearta, lena n-éilítear athshannadh spáis bóthair, a bhfuil feithiclí air faoi láthair, do sholáthar áiseanna taistil ghníomhaigh agus líonra iompair phoiblí níos éifeachtúla a sholáthar. Tá ceistanna ann sa chás seo maidir leis an méid is féidir le Gaillimh leanúint ar aghaidh ag fás gan srian teorantach agus tachtach an bhrú tráchta a ruaig
- Ní bhaineann aon oibreacha tógála leis le haghaidh aon bhonneagair iompair, agus ní thagann aon tionchar diúltach féideartha gaolmhar mar gheall ar thógáil agus oibriú chun cinn. Mar sin féin, ní bheidh aon tairbhe dhearfach fhéideartha le feiceáil ach oiread i dtaobh na timpeallachta ó chur i bhfeidhm an N6 GCRR atá beartaithe. Mar a luaitear i gCuid 4.2 thuas, tá an fhadhb tráchta i nGaillimh níos measa inniu ná mar a bhí tuairiscithe in TMTT 2018 agus, dá réir sin, leanfaidh an brú tráchta ar aghaidh ag dul i méid agus mar gheall air sin beidh tionchair chomhshaoil ghaolmhara, go háirithe astaíochtaí carbóin méadaithe a mbeidh tionchar diúltach acu ar an aeráid

- Ní sholáthróidh sé tairbhe dhearfach eacnamaíoch toisc go mbeadh an brú tráchta atá ann faoi láthair, arb é is cúis leis na fadhbanna maidir le faid turais agus lena mbaineann tionchar diúltach ar an aeráid leis na hastaíochtaí carbóin ón mbrú sin, ann go fóill agus d'éireoidís níos measa fiú

Ó TMTT 2018 i leith, tá tuilleadh infheistíochta déanta agus á déanamh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag NTA i líonra agus bonneagar iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird. Tá Droichead Coisithe agus Rothaíochta Dhroichead na mBradán i mbun feidhme anois, agus tá Scéim Cheangal Traschathrach BusConnects na Gaillimhe ann ar dheonaigh ABP cead pleanála dó i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus tá tionscadail agus pleananna eile ann ar dócha iad a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma. Deimhnítear leis sin nach fíor-rogha í an rogha ‘Gan Dada a Dhéanamh’ sa chiall fhoriomlán gan bearta feabhsúcháin iompair ar bith a dhéanamh, rud a fhágann nach bhfuil aon fheidhm ag an rogha ‘Gan Dada a Dhéanamh’, agus dá thoradh sin, cuireadh é as an áireamh.

Breithnítear na scéimeanna uile atá beartaithe agus geallta thíos sa rogha ‘Déan an Méid is Lú’.

Sonraítear é chun críche an MTT, go bhfuil breithniú agus measúnú déanta ar an rogha ‘Gan Dada a Dhéanamh’ (i.e. an cas nach ndéanfaí aon dul chun cinn maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe) ó thaobh na timpeallachta de sna caibidil ina dhiaidh seo sa TMTT nuashonraithe seo.

4.5 ‘An Rogha - Íosmhéid a Dhéanamh’

Níorbh fhéidir an gnáth-shainmhíniú ar an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ (mar a leagtar amach thíos) a chur i bhfeidhm maidir le saincheistanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird, mar gheall ar an infheistíocht bheartaithe i mbonneagar iompair, ar léir é ó na gnéithe de SIG atá curtha i bhfeidhm agus á ndéanamh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus NTA (féach Caibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo chun tuilleadh sonraí a fháil):

“Bainfidh an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ go ginearálta le himscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht uasghrádú ar líne a dhéanamh ar an mbealach atá ann lena mbeifí ábalta na leibhéil seirbhíse agus sábháilteachta is gá a sheachadadh i gcomhréir leis na caighdeáin um dhearadh is infheidhme”⁵

Rogha ‘Déan an Méid is Lú’ a bhí níos réadúla don N6 GCRR atá beartaithe ba ea rogha lenar bhain scéimeanna iompair pleanáilte agus dóchúla, lena n-áirítear an iliomad bearta taistil ghníomhaigh, agus thug sí léargas réadúil ar líonraí iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird i gcás nach gcuirfí an N6 GCRR atá beartaithe i bhfeidhm. Tá an cur chuige sin ag teacht leis an ordlathas idirghabhála, mar a leagtar amach sa bheartas um Chreat Náisiúnta Infheistíochta le haghaidh Iompar in Éirinn (NIFTI), is é sin tús áite a thabhairt do mhodhanna gníomhacha seachas carranna príobháideacha sula dtabharfaí isteach roghanna bóthair.

Lena chois sin, déantar measúnú ar an bhféidearthacht d’uasghrádú ar líne a dhéanamh ar an mbealach atá ann mar rogha ‘Déan Rud Éigin’, toisc go mbeadh scéim fhairsing i gceist le forbairt den sórt sin agus tá sé curtha as an áireamh sa rogha ‘Déan an Méid is Lú’, i gcomhréir le beartas NIFTI, a foilsíodh ó rinneadh TMTT 2018. Dá réir sin, is é an chéad Rogha ‘Déan Rud Éigin’ an rogha lena ndéantar iarracht a mhéid den bhonneagar atá ann faoi láthair a athúsáid agus aomhail agus bealaí rochtana atá ann cheana a chuichóiriú. Mar sin féin, bhain an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ le scrúdú a dhéanamh ar na líonraí agus an bonneagar iompair atá ann agus ar an mbeartas agus na pleananna atá ann do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird, agus iad sin amháin. Sa chás seo, rinneadh na líonraí agus an bonneagar iompair reatha atá ann mar aon leis na scéimeanna iompair dóchúla agus tiomanta a scrúdú lena gcumas freastal ar éilimh iompair thuartha amach anseo a dhearbhu.

Maidir leis na scéimeanna iompair dóchúla agus geallta a sainaithníodh chun críoch TMTT 2018, rinneadh athbhreithniú orthu agus tugadh cothrom le dáta iad don TMTT nuashonraithe seo i ndiaidh comhairliúcháin le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair na hÉireann. Faoi mar a phléitear go mion i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo, tagann an liosta scéimeanna atá san áireamh ó SIG den chuid is mó. Tá an liosta scéimeanna sin in Aguisín B a ghabhann leis an Tuarascáil ar Shamhailaithris Tráchta atá in Aguisín A.6.1 den TMTT nuashonraithe seo.

⁵ Treoirlínte maidir le Bainistíocht Tionscadal an Údaráis um Bóithre Náisiúnta 2010

Liostaítear thíos roinnt de na tograí tábhachtacha atá in SIG, agus atá curtha san áireamh sa rogha ‘Déan an Méid is Lú’:

- Athdhearadh Líonra BusConnects lena méadaítear seirbhísí bus i gCathair na Gaillimhe faoi thart ar 50%
- Is éard atá i gceist le Ceangal Traschathrach BusConnects, lena ngabhann Conair Iompair Phoiblí trí lár na cathrach feadh Dhroichead na mBradán, Shráid Eglington agus Bhóthar an Choláiste, srian a chur le rochtain na trácha ginearálta ar Dhroichead na mBradán idir 7 a.m. agus 7 p.m. (ar deonaíodh toiliú le pleanáil ina leith an 3 Deireadh Fómhair 2024, ach atá faoi réir athbhreithniú breithiúnach (uimh. thag. HA61.314597⁶)
- BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath⁷
- Codanna breise eile de lánai bus chun freastal ar rothaithe
- Teorainn 30km/u i lár na cathrach agus athruithe eile ar theorainneacha luais ar bhóithre náisiúnta

Rinneadh athmheasúnú ar an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ mar chuid den TMTT nuashonraithe seo agus cuireadh san áireamh bearta SIG, lena n-áirítear na tionscadail BusConnects a liostaítear thuas. Tá conclúidí na measúnachta nua sin i gcomhréir lena bhfuil luaite in TMTT 2018, mar a leanas:

- Ní éascódh sé cur i bhfeidhm iomlán SIG toisc nach féidir bearta lena n-éilítear athshannadh spáis bóthair, a bhfuil feithiclí air faoi láthair, chun áiseanna taistil ghníomhaigh agus líonra iompair poiblí níos éifeachtúla a sholáthar.
- Chabhródh Scéim Thraschathrach BusConnects chun trácht a bhaint as lár na cathrach tríd an gconair iompair inbhuanaithe arna cruthú, mar gheall ar shrianta tráchta i lár na cathrach agus ar Dhroichead na mBradán. Mar sin féin, cuirfidh na srianta sin brú níos mó ar na droichid eile atá ann, go háirithe Droichead na gCúig Chéad, ar a mbíonn fadhbanna móra brú cheana féin, go háirithe le linn buaic-amanna. Le linn na n-uaireanta an chloig idir 7 a.m. agus 7 p.m. ar ghnáthlá sa tseachtain, arb í sin an tréimhse ina gcuirfear na srianta i bhfeidhm, bíonn méideanna móra tráchta ar Dhroichead na mBradán faoi láthair, thart ar 12,000 feithicil, arb ionann sin agus thart ar 20% den trácht a thrasnaíonn na ceithre dhroichead le linn na n-uaireanta céanna. Le linn bhuaicuaireanta na maidine agus an tráthnóna, bíonn thart ar 35% den leibhéal tráchta a bhíonn ar Dhroichead na gCúig Chéad le linn na mbuaicuaireanta céanna ar Dhroichead na mBradán
- Ní méadóidh an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ éifeachtúlacht an bhonneagair iompair le himeacht ama. Go deimhin, mar a luaitear in áit eile sa TMTT nuashonraithe seo, thiocfadh laghdú ar éifeachtúlacht an bhonneagair iompair le himeacht ama i gcás na rogha ‘Déan an Méid is Lú’. De réir mar a fhásfaidh an chathair i gcomhréir le spriocanna an Chreata Náisiúnta Pleanála, tuartar go méadóidh an t-am foriomlán a chaitear ag taisteal ar an líonra bóithre trasna an limistéir cathrach faoi dhó faoi 2046, i gcomparáid le leibhéal 2023 le linn bhuaicuaire na maidine
- Cé go gcuideodh forbairtí aonair le feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar an leibhéal áitiúil, ar an iomlán, ní sholáthródh an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ feabhas suntasach ar an tsábháilteacht toisc go leanfaidh an trácht ag méadú ar an líonra atá ann gan maolú ar bith ar an acmhainn sna limistéir uirbeacha ina bhfuil a lán tráchta. Tá roinnt de na scéimeanna geallta curtha i bhfeidhm ó bhí 2018 ann agus cé gur chuidigh siad ar an leibhéal áitiúil mar a bhí tuartha, tá méadú fós ag teacht ar an trácht mar a luaitear i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo

⁶ <https://www.pleanala.ie/ga-ie/case/314597>

⁷ Cuireadh BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath faoi bhráid ABP an 14 Feabhra 2025. Soláthraítear tástáil gan é sa rogha ‘Déan an Méid is Lú’ agus sa rogha ‘Déan Rud Éigin’ i gCaibidil 6 toisc nach bhfuil cead deonaithe go fóill.

- Cé gur chuidigh na tionscadail aonair, agus go leanfaidh siad orthu, le leas a bhaint as roinnt tionscnaimh iompair phoiblí/taistil ghníomhaigh ag an leibhéal áitiúil ar an iomlán, ní bhainfeadh an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ torthaí dóthanacha amach chun go mbeifí ábalta na feabhsuithe ar na roghanna eile iompair phoiblí agus rothaíochta a chur chun feidhme go hiomlán mar go mbeadh an acmhainn teoranta, rud lena gcuirtear srian ar chumas na Gaillimhe an t-aistriú córa iompair chuig modhanna níos inbhuanaithe iompair a mhéadú agus tá sé i gcomhréir le CAP24
- Leis an rogha sin ní dhéantar an brú tráchta agus na héifeachtaí comhshaoil lena mbaineann i lár na cathrach a mhaolú go dóthanach i gcomparáid le ‘gan dada a dhéanamh’. Dá réir sin, sa chás sin, ní thiocfaidh aon laghdú ar astaíochtaí carbóin agus na tionchair ghaolmhara ar an Aeráid. Go deimhin, leanfaidh astaíochtaí carbóin ag méadú, in éineacht leis na tionchair ghaolmhara ar an Aeráid (féach Caibidil 17, Aeráid den TMTT nuashonraithe seo)
- Cé go mbeadh tairbhe eacnamaíoch níos mó ag baint leis ná mar a bheadh leis an rogha ‘Gan Dada a Dhéanamh’ ní laghdódh sé an brú tráchta atá ann a oiread sin is go ndéanfaí na saincheisteanna iompair foriomlána a réiteach agus ní bhainfí tairbhe eacnamaíoch shuntasach amach. Go deimhin, cé go bhfuil roinnt de na scéimeanna a liostaítear in TMTT 2018 curtha i bhfeidhm (agus atá mar chuid den bhonnlíne don Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta nuashonraithe seo) leanann an brú sa chathair ar aghaidh ag cruthú saincheisteanna suntasacha iompair agus tá sé tar éis dul in olcas ó bhí 2018, mar a deirtear i gCaibidil 3 agus Caibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo

Ní dhearnadh tuilleadh breithnithe ar an rogha ‘Déan an Méid is Lú’ toisc nach gcomhlíonann sé cuspóirí an tionscadail ar na cúiseanna atá sonraithe thuas. Cuireadh an rogha ‘Íosmhéid a Dhéanamh’ i gcomparáid chomh maith le Bliain an Deartha agus bhí na torthaí atá liostaithe thuas mar an gcéanna.

4.6 ‘Roghanna Déan Rud Éigin Nach Bóthar Iad’

De réir TMTT 2018, agus i gcomhréir leis an ordlathas idirghabhála mar a leagtar amach i mbeartas NIFTI, a foilsíodh i ndiaidh 2018, tugtar tús áite do mhodhanna gníomhacha roimh iompar poiblí agus foráil do charranna príobháideacha sula dtugtar isteach roghanna bótharbhunaithe. Dá réir sin, rinneadh breithniú ar na roghanna ‘Déan Rud Éigin Nach Bóthar Iad’ den chéaduaire i measc na roghanna ‘Déan Rud Éigin’.

Is éard atá sna roghanna eile sin idirghabhálacha lena bhféachtar le freagairt a thabhairt ar na fadhbanna iompair trí luach an bhonneagair atá ann a uasmhéadú gan mórbonneagar nua a thógáil ar dtús. Dá éis sin, agus gach leas bainte as gach sócmhainn atá ann, breithnítear infheistíocht san iompar poiblí don chéad idirghabháil fhéideartha eile.

D’fhéadfadh cuid díobh seo a leanas, nó iad ar fad, a bheith i measc na roghanna tosaigh nach bóthar iad agus nach mbaineann mórbonneagar nua leo:

- Feabhsuithe ar shábháilteacht bóithre áitiúla
- Bearta nó rialaithe fhioscaigh nó tráchta chun déileáil le héileamh
- Tosaíocht an iompair phoiblí, acmhainn agus/nó seirbhísí iompair phoiblí
- Feabhsuithe ar sholáthar do choisithe agus/nó rothaíochta
- Réitigh Theicneolaíochta amhail Córais Chliste Iompair (ITS) chun feabhas a chur ar iontaofacht, sábháilteacht agus acmhainn oibriúcháin

D’fhéadfaí a áireamh sa chéad ord idirghabhála eile bonneagar níos suntasaí chun tacú le hiompar poiblí feabhsaithe amhail busanna agus iarnród éadrom.

Tugtar sonraí sna codanna seo a leanas maidir leis na ‘Roghanna Déan Rud Éigin Nach Bóthar Iad’:

- Straitéis Iompair na Gaillimhe (Cuid 4.6.1) (na gnéithe den Straitéis seo nach bhfuil bunaithe ar bhóithre agus nach n-áirítear cuarbhealach ann)
- Iompar Poiblí Amháin (busanna) (Cuid 4.6.2)
- Iarnród Éadrom (Cuid 4.6.3)
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide/Beartha Bainistíochta Éilimh (Cuid 4.6.4)

4.6.1 Straitéis Iompair na Gaillimhe

In 2015, trí chomhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear TII, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe, comhaontaíodh go raibh gá le straitéis iompair chomhtháite níos leithne chun an leibhéal riachtanas seirbhíse do gach modh iompair a shainaithint, lena n-áirítear siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus feithicil phríobháideach. Bhí Straitéis Iompair na Gaillimhe (2016) mar thoradh ar na staidéir níos cuimsithí chun réiteach iompair níos inbhuanaithe a sholáthar. Soláthraíonn Straitéis Iompair na Gaillimhe creat soiléir cur chun feidhme le haghaidh iompair do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird ar feadh an 20 bliain amach romhainn, agus is straitéis incriminteach é lena féachtar le réitigh iompair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun an t-éileamh tráchta a bhainistiú. Soláthróidh roinnt de na bearta incriminteacha sin maolú éigin i leith na bhfadhbanna tráchta atá i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Cé gur féidir roinnt gnéithe de SIG a chur i bhfeidhm neamhspleách ar sholáthar bóthair nua, mar a leagtar amach go sonrach i gCaibidil 3, aithnítear go bhfuil cuarbhóthar straitéiseach riachtanach chun roinnt gnéithe suntasacha de SIG a bhaint amach ar an mbealach is fearr.

Bhain forbairt na straitéise sin le tograí éagsúla iompair atá ann a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú, lena n-áirítear an staidéar busanna agus staidéar ar iarnród éadrom i measc beart eile chun straitéis iompair shoiléir agus chomhtháite a chruthú do Ghaillimh agus don cheantar máguaird. Lean forbairt an SIG cur chuige agus modheolaíocht struchtúraithe trí phróiseas:

- Measúnú ar an leibhéal éilimh ar thaisteal atá ann agus an leibhéal éilimh ar thaisteal atá tuartha amach anseo, na cineálacha turais ar a bhfreastalófar, agus meastóireacht ar na leibhéil reatha soláthair seirbhíse iompair.
- Na roghanna straitéise forbartha agus tástála trí mhodh iompair aonair nó modhanna iompair comhcheangailte chun freastal ar leibhéil tuartha an éilimh ar thaisteal.
- Forbairt tograí sonracha a tugadh le chéile ina dhiaidh sin faoin straitéis fhoriomlán.

Féachtar in SIG le líonra comhtháite de ‘naise’ (bealaí) agus ‘nóid’ (stadanna agus suíomhanna aomhail) a sheachadadh inar féidir le daoine taisteal gan stró, agus conairí agus modhanna a athrú de réir mar is gá lena dturas a dhéanamh. Chuirfí feabhas ar na naisc agus nóid sin le Córais Chliste Iompair (ITS) agus réitigh theicneolaíochta eile lena gcuirfí ar an eolas iad maidir le roghanna taistil agus faid tuartha etc. Rinneadh na modhanna taistil is oiriúnaí chun dul i ngleic leis an éileamh taistil le haghaidh cineálacha éagsúla turais a scrúdú ionas go ndíreofar na bearta a fhorbrófar ar ghluaiseachtaí sonracha (seachas sprioc uilíoch um dheighilt de réir modha a ghlacadh do gach turas isteach go Gaillimh agus trí Ghaillimh). Tá cruth agus tréith oibriúcháin an líonra le haghaidh gach modha riachtanach chun úsáid chuí an mhodha sin a bhaint amach. Dá réir sin, mura dtagann naisc an líonra leis na turais is mian le daoine a dhéanamh beidh úsáid as an líonra teoranta, beag beann ar cháilíocht na seirbhíse lena mbaineann.

Teastaíonn réitigh shaincheaptha le haghaidh réimse na gcineálacha éagsúla turais i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird do gach modh taistil chun pacáiste comhtháite beart a fhorbairt a mhéid is go gcuirfí feabhas ar dhálaí iompair agus ar roghanna taistil do gach uile duine i nGaillimh leis na bearta ‘i dteannta a chéile’. Tá breac-chuntas déanta thíos ar achoimre ar an réimse réiteach do gach modh taistil:

- Coisithe agus rothaithe: Ní mór an trácht laistigh de lár na cathrach a bhainistiú chun timpeallacht níos compordaí a dhéanamh di do choisithe agus rothaithe.
- Rothaithe: Teastaíonn soláthar saoráidí tiomanta ardchaighdeáin rothaíochta agus beart breise lena dtugtar tosaíocht do rothaithe chun glacadh rothaíochta a spreagadh le haghaidh comaitéireachta agus mar ghníomhaíocht caitheamh aimsire araon sa chathair agus sna ceantair mhórthimpeall.

- Iompar Poiblí: Ní foláir go mbeadh rochtain tríd an gcathair d'iompar poiblí iontaofa i rith an lae chun aistriú modha taistil i bhfabhar iompar poiblí a bhaint amach. Chun é sin a bhaint amach, is gá an ghluaiseacht feithiclí trí lár na cathrach a laghdú, luasanna feithicle i gceolaimistear lár na cathrach a laghdú, agus tús áite a thabhairt do mhodhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus iompar poiblí i lár na cathrach. Déantar soláthar sa straitéis seo i leith sheoladh an tráchta a théann trí lár na cathrach faoi láthair (chun suíomhanna ar imeall lár na cathrach a shroicheadh) chuig cuarbhealaí níos oiriúnaí thart ar chroilimistear lár na cathrach.
- Bealach traschathrach: Le haghaidh turas nach féidir a dhéanamh le modhanna gan carr, tá gá ann le bealach iontaofa traschathrach. Trí acmhainn bhreise cuarthráchta a sholáthar méadófar na deiseanna maidir le hathdháileadh an spáis bóthair atá ann lena úsáid ag coisithe, busanna agus rothaithe, a shaináithnítear mar phríomhchuspóir bainistíochta tráchta sa straitéis.
- Páirceáil: Déanfar infhaighteacht na páirceála sráide a laghdú agus déanfar bealaí rochtana ar shaoráidí páirceála eas-sráide a réasúnú agus a bhainistiú chun cúrsaíocht carranna laistigh de lár na cathrach a íoslaghdú. Cuirfear struchtúr praghsála páirceála i bhfeidhm faoina socrófar costas na páirceála i lár na cathrach ar leibhéal nach mbainfear an bonn ó thaisteal leis an iompar poiblí.

Tá sé tábhachtach a shonrú go bhfuil an rogha modha d'iompar poiblí (e.g. bus, iarnród éadrom, ag freagairt don éileamh) den chuid is mó tánaisteach d'fhorbairt líonra lena bhfuil clúdach agus minicíocht chuí. Cuirtear síos go maith ar an gné sin sa treoir ar dhea-chleachtas faoi mar a leanas:

“Getting the network right is usually more important than the often debated and studied choice between bus and rail systems. Mode selection for new parts of the network should normally come after an overall network strategy has been created. Then the roles of different bus and rail systems can be conceived as specialised tasks within the network, and the different advantages of the various public transport modes and types of lines may be more easily exploited.”

Mar sin, ó thaobh roghanna iompair phoiblí de, rinneadh an cumrú líonra iompair phoiblí is fearr a oireann do Gaillimh, ó thaobh roghanna eile modhanna agus cumrú líonraí de a bhreithniú agus a mheasúnú go mion. Forbraíodh leagan amach a aithníodh i SIG mar fheidhm de dhobharcheantair bunaithe ar thalamhúsáid chónaithe agus tráchtála, chun líon féideartha na bpaisinéirí agus na dturas a uasmhéadú. Rinneadh an modh is oiriúnaí d'iompar poiblí i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird a mheasúnú ag baint úsáid as Samhail Réigiúnach an Iarthair (WRM) chun úsáid fhéideartha paisinéirí as seirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta a thástáil, lena scrúdaíodh roghanna a bhí bunaithe ar bhusanna nó ar an iarnród éadrom ar na conairí is gnóthaí i nGaillimh, agus busanna breise ar chonairí eile. Soláthraíonn na torthaí bonn chun an córas iompair phoiblí is oiriúnaí do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird a shaináithint.

Mar a chuirtear i láthair in TMTT 2018, agus a athbhreithníodh don TMTT nuashonraithe seo, maidir le samhaltú iompair chun tástáil a dhéanamh ar úsáid fhéideartha paisinéirí as seirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta feadh na gconairí is gnóthaí i nGaillimh, léiríodh leis an samhaltú sin go mbeadh an t-uasmhéid paisinéirí i dtreo aonair ionann agus thart ar 1,200 thar thréimhse uaire agus seirbhísí ardmhinicíochta i bhfeidhm. Is éard atá in uastoilleadh seirbhíse Iarnróid Éadrom, a ritheann gach 5 nóiméad, ná 7,000 in aghaidh na huaire, i ngach treo. Déantar plé níos mine ar an measúnú ar sheirbhísí Iarnróid Éadrom i gCuid 4.6.3 thíos, lena gcuirtear san áireamh Tuarascáil Staidéir Féidearthachta ar Iarnród Éadrom Idirthuais na Gaillimhe¹⁰ a d'fhoilsigh NTA i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Tá sé tábhachtach go n-éascóidh an líonra bus atá beartaithe ardleibhéal d'inrochtaineacht iompair phoiblí trasna na Gaillimhe trí líonra seirbhísí traschathrach ardmhinicíochta le faid turais ráthaithe agus iontaofa a sholáthar. Ní mór dó a bheith tacaíthe ag acmhainneacht láidir le haghaidh acomhail idir seirbhísí ionas go soláthróidh sé naisc ó fhorhmór chodanna na cathrach agus go nascfaidh sé le seirbhísí iompair ó bhailte fo-uirbeacha agus é feabhsaithe le teicneolaíocht amhail ITS.

¹⁰ https://www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2024/10/GMATS-LRT-Feasibility-Study-report-v0.4_Final.pdf

Braitheann an líonra iompair phoiblí agus an cineál córais (nó modh) ar roinnt breithnithe eile chomh maith:

- **Líonra Sráideanna:** Cathair stairiúil is ea Gaillimh agus léiríonn a leagan amach agus an líonra bóithre cathair a forbraíodh in imeacht na mblianta fada agus tá roinnt bóithre agus sráideanna an-chúng, go háirithe i lár na cathrach, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ag roinnt feithiclí iompair phoiblí nua-aimseartha iad a úsáid
- **Líonra nó Conair:** Is iad na líonraí agus na seirbhísí iompair phoiblí is mó a éiríonn leo go ginearálta na cinn lena dtairgtear ardmhinicíocht go comhsheasmhach i rith an lae ar líonra seirbhísí, agus mar sin meallann siad raon leathan cuspóirí turais amhail turais chomaitéireachta, turais chuig aonaid oideachais agus turais le haghaidh gníomhaíochtaí miondíola agus caitheamh aimsire

Cinneadh gurb é seirbhís iompair phoiblí ardchaighdeán bunaithe ar bhusanna is fearr a fhreastalóidh ar an éileamh paisinéirí tuartha agus a sholáthróidh solúbthacht shuntasach i gcomhthéacs roghanna líonraí agus an chumais comhtháthú le modhanna eile. Go sonrach, is féidir le seirbhís iompair phoiblí ardchaighdeán bunaithe ar bhusanna freastal ar mhéideanna arda éilimh feadh codanna conaire comhcheangailte (mar shampla trí lár na cathrach) agus scarann sé amach ag an am céanna chun dobharcheantar díreach níos mó a sholáthar go héifeachtúil laistigh de limistéir fho-uirbeacha na Gaillimhe nach bhfuil chomh dlúth. Ní chuireann sé sin bac ar fhorbairt Iarnróid Éadrom amach anseo, a bheadh nasctha le fás forbartha ar chonaire shonrach/conairí sonracha, mar a leagtar amach sa Tuarascáil Staidéir Féidearthachta ar Iarnród Éadrom a d'fhoilsigh NTA i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Agus an fhoirm is oiriúnaí de réiteach iompair phoiblí chun freastal ar Ghaillimh sainaitheanta, príomhbhreithniú eile ba ea foirm líonra ar ar cheart seirbhísí bus a atheagrú agus a fhorbairt. Ba é an príomhbhreithniú ar cheart nó ar cheart díriú ar mhéadú a dhéanamh ar chuarsheirbhísí bus (mar shampla, trí Dhroichead na gCúig Chéad) i leith seirbhísí trí lár na cathrach.

Dearbhaíodh in anailís ón samhaltú iompair a rinneadh chun bonn eolais a chur faoi TMTT 2018 go mbeadh an phátrúnacht le haghaidh cuarsheirbhíse ionann le thart ar leath ruda a d'úsáidfadh seirbhís chomhionann a sheoltar trí lár na cathrach agus dearbhaíodh an chonclúid sin leis an anailís a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin TMTT nuashonraithe seo. Léiríodh go soiléir leis an toradh sin go mbeidh seirbhísí bus trasna na cathrach trí lár na cathrach níos mealltaí do phaisinéirí agus níos inmharthana ó thaobh airgid de ná mar a bheadh cuarsheirbhísí oibríúcháin, agus stiúir an líonra bus deiridh agus patrún seirbhíse deiridh a glacadh in SIG, agus an líonra bus deiridh a forbraíodh ina dhiaidh sin ó d'fhoilsigh NTA agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe SIG faoi BusConnects na Gaillimhe.

Mar aon le hathdháileadh spáis bhóithre ar an iompar poiblí i lár na cathrach déanfar feabhas gaolmhar ar an réimse poiblí mar go mbreathnaítear ar fheabhas ar cháilíocht na timpeallachta glactha do thurais ar aghaidh paisinéirí a bheidh ag siúl mar chomhpháirt de thairiscint an iompair phoiblí. Ar deireadh, chun an fócas laistigh de lár na cathrach a athrú go dtí siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, beidh gá le bearta chun an t-éileamh ar bhonneagar iompair a bhainistiú ar mhaithe le feabhas a chur ar fheidhm na cathrach do na húsáideoirí sin (atá á gcur i bhfeidhm le soláthar scéimeanna amhail Droichead na mBradán mar chuid de SIG).

I gcomhréir le CAP24, tá gá le bearta bainistíochta éilimh amhail infhaighteacht agus costas na páirceála a bhainistiú agus a rialú, sreabhadh tráchta ó shráideanna áirithe a shrianadh, teorainneacha luais a laghdú, trasbhealaí breise do choisithe a sholáthar ag príomhshuíomhanna agus béim níos lú ar thréthracht a éascú.

Gnéithe neamhbhóthair den Straitéis iad na gnéithe thuas uile de SIG. Ba é an leibhéal deiridh idirghabhála sa SIG an rogha bótharbhunaithe i bhfoirm cuarbhealaigh.

Forbraíodh líon cásanna, le leibhéal méadaitheach soláthair agus infheistíochta i ngach cás ina dhiaidh sin mar chuid d'fhorbairt SIG. Rinneadh na cásanna sin a thástáil i Samhail Réigiúnach an Iarthair (WRM) agus sholáthair an cás ina raibh an N6 GCRR atá beartaithe (i.e. roghanna bótharbhunaithe) agus na bearta iompair eile na tairbhí is fearr maidir le lár cathrach sábháilte agus líonra iompair níos ionchuimsithí a chur ar fáil trí inrochtaineacht a fheabhsú ar gach modh. Áirítear sa chás sin, arb í an straitéis iompair uileghabhálach do Chathair na Gaillimhe í, na bearta seo a leanas lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe:

- Líonra iompair phoiblí uasghrádaithe agus comhtháite

- Tosaíocht a thabhairt d'iompar poiblí lár na cathrach, lena n-áirítear úsáid Dhroichead na mBradán le haghaidh iompar poiblí amháin. Tá an chéad chéim den bheart sin os comhair an Bhoird Pleanála faoi láthair mar chuid den tionscadal Ceangail Traschathrach
- Feabhsuithe ar bhonneagar agus ar thosaíocht siúil agus rothaíochta, lena n-áirítear trasnú breise lár na cathrach thar Abhainn na Gaillimhe lena úsáid ag feithiclí gan inneall amháin
- Áiseanna Páirceála agus Taistil comhtháite
- Bearta bainistíochta éileamh
- Cuar-sheachbhealach iomlán Lár Chathair na Gaillimhe ón N6 go dtí Bóthar Bhearna an R336 ag nascadh bhóithre náisiúnta an N6, N83, N84 agus N59

Chun an leibhéal seirbhíse a theastaíonn do gach modh iompair a chur chun feidhme, lena n-áirítear siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus feithiclí príobháideacha faoi mar atá léirithe i SIG, teastaíonn trasnú nua thar Abhainn na Gaillimhe. Tugtar breac-chuntas i gCuid 4.7 thíos ar na roghanna eile do Thrasnú nua Abhainn na Gaillimhe.

Faoi mar atá sonraithe thuas, straitéis incriminteach is ea í seo ina bhféachtar le réitigh iompair inbhuanaithe a chur chun feidhme chun déileáil leis an éileamh tráchta. Soláthróidh cion de na bearta incriminteacha sin maolú éigin i leith na bhfadhbanna tráchta atá i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird, ach chun an réiteach iompair foriomlán sin a bhaint amach teastaíonn trasnú nua thar Abhainn na Gaillimhe fós chun oibriú optamach na roghanna iompair phoiblí a saináithníodh agus an t-aistriú córa iompair atá beartaithe in SIG a éascú don fhás a thuairtar ar an daonra i nGaillimh.

4.6.2 Bus Iompair Phoiblí mar Rogha Eile

In TMTT 2018, rinneadh measúnú ar rogha eile 'Iompar Poiblí Amháin' lena áiríodh busanna agus an t-iarlnród éadrom sa bhreithniú ar roghanna eile. I bhfianaise fhorbairt chlár BusConnects na Gaillimhe ó shin i leith, tá na measúnachtaí ar bhusanna agus iarlnród éadrom scartha ina dhá chuid faoi leith don TMTT nuashonraithe seo.

Áiríodh sa mheasúnacht ar thrácht a rinneadh don TMTT nuashonraithe seo gnéithe de SIG nach bhfuil cead pleanála faighte ina leith go fóill e.g. scéimeanna Bhóthar Bhaile Átha Cliath atá ar feitheamh os comhair an Bhoird Pleanála, ach ar dócha iad a bheith i bhfeidhm faoin mBliain Oscailte (2031) don N6 GCRR atá beartaithe. Leagtar amach i gCuid 6.6 agus Cuid 6.9.3.1 de Chaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo na tairbhí a bhaineann le cur chun feidhme an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid de na bearta eile a mholtar in SIG. Tá sé deimhnithe go bhfuair Tionscadal Ceangail Traschathrach BusConnects cead i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus cuireadh san áireamh é sa mheasúnacht ar thrácht a rinneadh don TMTT nuashonraithe seo. Léirítear sna torthaí tairbhí suntasacha i dtaobh feabhas a chur ar fhaid turais, moilleanna a laghdú ar fud na cathrach agus leibhéal tráchta a laghdú lasmuigh de scoileanna agus feadh na mbealaí molta BusConnects nach bhfuil bonneagar tosaíochta busanna orthu faoi láthair nó beartaithe de réir SIG, agus ar a mbíonn brú laistigh den chathair. Atreíonn na torthaí sin an gá leis an N6 GCRR atá beartaithe chun an fheidhmíocht is fearr den líonra iompair phoiblí a sholáthar.

Faoi mar a leagtar amach in TMTT 2018, rinneadh an ghné busanna den rogha 'Iompar Poiblí Amháin' a fhorbairt agus a anailísiú mar chuid den staidéar tosaigh ar Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe (GCTP). Áiríodh sa rogha sin gach beart, rogha agus scéim arna saináithint ag Comhairle Cathrach na Gaillimh, an tráth úd, i gcomhar leis an Udarás Náisiúnta Iompair mar thoradh ar mholtaí staidéar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe dar teideal Staidéar Féidearthachta Iompair Poiblí na Gaillimhe (*Galway Public Transport Feasibility Study*) 2010, is é sin:


- Lána Gasta (BRT) ag oibriú gach 10 nóiméad ó Chnoc na Cathrach go dtí an tIarthar, trí lár na cathrach, go dtí Órán Mór san Oirthear
- Seirbhísí uile bus na cathrach atá ann a mhéadú go dtí gach 10 nóiméad
- Bearta tosaíochta bus ag hacomhail le comharthaí ag conair BRT
- Spás bóthair a athdháileadh ar Chora na mBradán ó thrácht ginearálta go hIompar Poiblí amháin

Áirítear i gclár BusConnects don chathair, lena ndearnadh athmheasúnú ar an éileamh arís in 2023,¹¹ méadú 50% ar sheirbhísí bus, minicíochtaí méadaithe don chathair agus beidh 79% níos mó daoine suite laistigh de 400m ó sheirbhísí mhinic. Áirítear i gclár BusConnects freisin scéimeanna amhail an scéim Ceangail Traschathrach (ar cheadaigh an Bord Pleanála í agus áirítear léi conair d’iompar inbhuanaithe amháin sa chathair, Droichead na mBradán san áireamh) agus scéim Bhóthar Bhaile Átha Cliath, a bhfuil sé d’aidhm acu araon tús áite a thabhairt do bhusanna agus faid turais ceann go ceann, chomh maith le hiontaofacht, a fheabhsú d’úsáideoirí bus ar fud na cathrach. Áiríodh an dá scéim sin sa chás ‘Déan an Méid is Lú’ ar a ndearnadh measúnú i gCaibidil 6 freisin.

Tástáladh an cás ‘Déan an Méid is Lú’, lena n-áirítear cur i bhfeidhm chlár BusConnects ina iomláine, mar chás aonair ag an tús lena shuí arbh fhéidir leis na saincheisteanna iompair a réiteach gan mór-bhonneagar nua a thógáil. Cuireadh an cás sin mar rogha indéanta eile as an áireamh, mar thionscadal aonair bunaithe ar na critéir seo a leanas:


- Méadú ar an moill sa limistéar cathrach, i gcomparáid leis an lá inniu
- Méadú ar fhaid turais sa limistéar cathrach, i gcomparáid leis an lá inniu
- Comparáid AADT feadh bhealaí BusConnects, i gcomparáid leis an lá inniu

Léirítear ar Phláta 4.3 agus Pláta 4.4 thíos na comparáidí sa chás ‘Déan an Méid is Lú’, i gcás na bliana oscailte agus na bliana dearaidh a úsáideadh don mheasúnacht seo (2031 agus 2046), chomh maith le luachanna coibhéiseacha 2023. I gcásanna 2031 agus 2046, lena n-áirítear fás substaintiúil faoin daonra sa chathair (méadú 50% faoi 2040 de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála, ó leibhéal 2016), tugtar chun suntais, mar gheall ar chur i bhfeidhm chlár BusConnects ina aonair agus as féin, go rachaidh feidhmíocht líonra na cathrach in olcas, i gcomparáid leis an gcás reatha.



Pláta 4.3 Comparáid maidir le Moill/Ciúáil ar fud an Limistéir Cathrach

¹¹ <https://busconnects.ie/ga/cities/galway/6803/>



Pláta 4.4 Comparáid idir Agaí Taistil ar fud an Limistéir Cathrach

Léirítear sna torthaí go dtiocfaidh méadú 80% ar an leibhéal foriomlán moille a bheidh ann in 2031 agus méadú 154% a bheidh ann faoi 2046, i gcomparáid le leibhéal 2023, do bhuaicúair na maidine, fad a thiocfadh méadú 34% in 2031 agus 68% in 2046 ar agaí turais.

I dTábla 4.1 thíos, léirítear an chomparáid idir méideanna Meántrácha Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) i gcás 2023 agus luachanna 2031 agus 2046, agus clár iomlán BusConnects i bhfeidhm. Maidir leis na bóithre sa tábla, ní ghabhann aon bhonneagar tosaíochta bus (lánaí bus) reatha nó beartaithe leo agus, dá bhrí sin, bheadh ar bhusanna a úsáideann na bealaí sin taisteal taobh leis an ngnáth-thrácht. Léirítear sna torthaí méaduithe suntasacha ar an éileamh ó na leibhéil reatha, de réir mar a thagann fás faoin daonra i gcomhréir le leibhéal thuartha an Chreata Náisiúnta Pleanála. Dá bhrí sin, agus méadú ag teacht ar an trácht feadh na mbealaí sin, chuirfeadh agaí turais níos faide agus níos neamhiontaofa isteach ar úsáideoirí bus i gcomparáid le leibhéal an lae inniu. Léirítear leis na torthaí sin uile nach réiteoidh clár BusConnects saincheisteanna móra iompair na cathrach as féin, agus daonra na cathrach ag fás.

Tábla 4.1 Comparáid AADT feadh Bhealaí BusConnects

Bóthar	Minicíocht agus Uimh. Bhealach BusConnects	Príomhchinn Scribe feadh an Bhealaigh	2023	2031 Iosmhéid a Dhéana mh	2046 Iosmhéid a Dhéana mh	2031 Difríocht (%)	2046 Difríocht (%)
An Caisleán Nua Uachtarach (Cóngarach d'fhoirgnimh OG)	4 (gach 15 nóim.)	Ospidéal Bon Secours agus Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Lár na Cathrach, Campas OG	12,968	19,538	22,395	51%	73%
N67	10a (gach 30 nóim.)	Lár na Cathrach, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, UCHG, ATUG	20,561	26,657	31,323	30%	52%
Bóthar Thuama (Cóngarach d'Eastát Tionscail Mervue)	3 (gach 20 nóim.)	Lár na Cathrach, PG na Páirce Móire, PG Mervue, PG Bhaile an Bhriotaigh, UCHG	12,325	14,912	17,016	21%	38%
Promanáid Rinn na Mara	7 (gach 20 nóim.)	Limistéar Siopadóireachta Bhóthar Áth Cinn, Tír Oileáin, Lár na Cathrach, Bóthar na Trá	10,533	12,153	13,272	15%	26%
Bóthar na Trá Uachtarach	7 (gach 20 nóim.) agus 1 (gach 10–12 nóim.) agus 10A (gach 30 nóim.)	Bóthar na Trá, Lár na Cathrach, Coláiste Pobail na Gaillimhe, PG Mervue, PG na Páirce Móire, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, UCHG, ATUG	14,062	16,769	18,017	19%	28%
Bóthar na Trá Íochtarach	1 (gach 10–12 nóim.)	Bóthar na Trá, Lár na Cathrach, Coláiste Pobail na Gaillimhe, PG Mervue, PG na Páirce Móire	8,279	11,636	13,566	41%	64%
R336 Bóthar Bhearna (Ó dheas de Chnoc na Cathrach)	7 (gach 20 nóim.)	Limistéar Siopadóireachta Bhóthar Áth Cinn, Tír Oileáin, Lár na Cathrach, Bóthar na Trá	14,308	18,126	19,148	27%	34%
R337 Bóthar Bhaile an Rí	10A (gach 30 nóim.)	Lár na Cathrach, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, UCHG, ATUG	11,417	16,356	18,105	43%	59%
An N59 An N59 Bóthar Thomáis Uí Eithin. Idir Páirc an Choill agus Páirc na Silíní	4 (gach 30 nóim.)	Ospidéal Bon Secours agus Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Lár na Cathrach, Campas OG	7,185	8,319	8,174	16%	14%
Bóthar an Bhóthair Aird (Iasmuigh de Bhunscoil an Bhóthair Aird)	10 (gach 15 nóim.)	Lár na Cathrach, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, UCHG, ATUG	8,790	11,869	13,970	35%	59%


Bóthar	Minicíocht agus Uimh. Bhealach BusConnects	Príomhchinn Scribe feadh an Bhealaigh	2023	2031 Íosmhéid a Dhéana mh	2046 Íosmhéid a Dhéana mh	2031 Difríocht (%)	2046 Difríocht (%)
Bóthar Mhuine Mheá	1 (gach 10–12 nóim.)	Bóthar na Trá, Lár na Cathrach, Coláiste Pobail na Gaillimhe, PG Mervue, PG na Páirce Móire	12,325	14,912	17,016	21%	38%
An Bóthar Mór	3 (gach 20 nóim.)	PG Bhaile an Bhriotaigh, PG Mervue, Lár na Cathrach, UCHG, Campas OG	12,861	15,080	16,609	17%	29%

4.6.3 Iarnród Éadrom

4.6.3.1 Réamhrá

I mí Dheireadh Fómhair 2024, d’fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) Tuarascáil Staidéir Féidearthachta ar Iarnród Éadrom Idirthuais na Gaillimhe¹². Rinneadh iniúchadh sa tuarascáil sin ar phríomhcheisteanna agus ar an bhféidearthacht a d’fhéadfadh a bheith ann líne Iarnróid Éadroim a thabhairt isteach i gcathair na Gaillimhe feadh conair amháin a bheadh nasctha le fás forbartha ar an gconair shonrach/na conairí sonracha.

Féachtar sa chuid seo ar an éileamh agus ar thionchar féideartha an N6 GCRR atá beartaithe, nuair a chuirtear é le líonra iompair cathrach ina bhfuil líne Iarnróid Éadroim cheana féin. Don mheasúnacht sin, úsáideadh an t-ailíniú Iarnróid Éadroim seo a leanas, a ndearnadh measúnú air sa staidéar féidearthachta a d’fhoilsigh NTA. Úsáideadh na stadanna agus na minicíochtaí a bhí sa staidéar féidearthachta sa mheasúnacht seo freisin.



Pláta 4.5 Ailíniú Iarnróid Éadroim ar a ndearnadh measúnú

¹² https://www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2024/10/GMATS-LRT-Feasibility-Study-report-v0.4_Final.pdf

4.6.3.2 Cásanna a Samhaltáíodh

D'fhoill measúnú a dhéanamh ar éileamh agus ar thionchar an N6 GCRR atá beartaithe ar líonra iompair na cathrach, samhaltáíodh ceithre chás i Samhail Réigiúnach an Iarthair (WRM) ó NTA. Tá WRM ina chuid d'fhoireann samhlacha réigiúnacha NTA lena gcumhdaítear an tír, agus clúdaíonn WRM cúige Chonnacht go forleathan agus díreann go sonrach ann freisin ar Chathair na Gaillimhe. Is samhail idirmhódach é WRM ar féidir leis gach modh iompair a shamhaltú i.e. an bóthar, iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, agus is é an uirlis is oiriúnaí é dá bhrí sin don chineál measúnachta seo. Is mar a leanas atá na ceithre chás a samhaltáíodh, a thagann le Bliain Dearaidh 2046 don N6 GCRR atá beartaithe:

1. 2046 Iarnród Éadrom amháin
2. 2046 Iarnród Éadrom agus an N6 GCRR atá beartaithe
3. 2046 Iarnród Éadrom agus Bearta Bainistíochta Éilimh
4. 2046 Iarnród Éadrom agus an N6 GCRR atá beartaithe agus Bearta Bainistíochta Éilimh

Ní mór a thabhairt faoi deara go dtógann na cásanna ar fad thuas ar an Rogha 'Déan an Méid is Lú' ar a dtugtar breac-chuntas i gCuid 4.5 den chaibidil seo agus a chuirtear i láthair i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo. Áirítear leis, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm iomlán chlár BusConnects NTA don chathair. Trí chomparáid a dhéanamh idir Cás 1 agus Cás 2, cuideofar chun léiriú a thabhairt ar éileamh agus tionchar féideartha an N6 GCRR atá beartaithe sa chomhthéacs ina mbeadh an tIarnród Éadrom thuas i bhfeidhm. Is leaganacha forbartha den chéad dá chás iad Cás 3 agus Cás 4, agus áirítear iontu bearta bainistíochta éilimh don chathair, lena gcabhrófaí na spriocanna a leagtar amach in CAP24 a bhaint amach. Is ionann na bearta bainistíochta éilimh sin agus na bearta a leagtar amach sa tuarascáil *Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (arna leasú) agus aighneachtaí i ndáil leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024* atá i gCuid IV de Thuarascáil Fhreagra IFB 2025. I measc na mbeart sin tá:

- limistéar uirbeach gan charranna i gcroílár na cathrach
- táille brú tráchta i gcroílár na cathrach
- méaduithe ar chostais pháirceála sa chathair, laghdú ar tháillí iompair phoiblí
- deireadh le páirceáil saor in aisce san ionad oibre sa chathair

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na bearta sin, féach an tuarascáil *'Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (arna leasú) agus aighneachtaí i ndáil leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024'* atá i gCuid IV de Thuarascáil Fhreagra IFB 2025.

4.6.3.3 Cás 1 agus Cás 2

Le samhaltú Chás 1 agus Chás 2, agus an t-ailíniú Iarnróid Éadroim i bhfeidhm fiú, tá éileamh mór ar an N6 GCRR atá beartaithe lena mbaineann Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) de thart ar 45,000 feithicil ar thrasnú nua Abhainn na Gaillimhe, a sholáthrófaí leis an N6 GCRR atá beartaithe. Mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe, bheadh laghdú 10% ar bhordáil ag úsáid an Iarnróid Éadroim, i gcomparáid le cás an Iarnróid Éadroim amháin.

Mar sin féin, ní fhreastalaíonn cás an Iarnróid Éadroim ach ar chonair amháin agus tagann sé in ionad sholáthar BusConnects ar an gconair amháin sin go bunúsach. Ní chuireann cás an Iarnróid Éadroim feabhas ar an gcuid eile den rogha iompair phoiblí ar an gcuid eile den líonra agus tá gá leis an N6 GCRR atá beartaithe fós.

Cabhraíonn soláthar an N6 GCRR atá beartaithe chun an trácht a laghdú ar chodanna éagsúla den líonra bóithre atá ann, atá mar chuid den líonra ceadaíte BusConnects don chathair ach nach bhfuil aon lána bus reatha nó beartaithe orthu. Léirítear i Tábla 4.2 thíos na laghduithe céatadán in 2046, bliain dearaidh an N6 GCRR atá beartaithe, feadh bhealach BusConnects a théann feadh an bhóthair sin agus na príomhchinn scribe feadh an bhealaigh sin. Ós rud é nach bhfuil aon lána bus reatha nó beartaithe ar na bóithre sin, roinneadh busanna an spás bóthair céanna leis an ngnáth-thrácht agus chabhródh aon laghdú ar mhéideanna tráchta chun faid turais níos tapa agus níos iontaofa a thabhairt d'úsáideoirí bus.

Tábla 4.2 Laghduithe AADT feadh Bhealaí BusConnects nach bhfuil aon lána bus reatha nó beartaithe orthu

Bóthar	Minicíocht agus Uimh. Bhealach BusConnects	Príomhchinnn Scribe feadh an Bhealaigh	2046 Laghdú AADT (%)
Bóthar Bhearna	7 (gach 20 nóim.)	Bóthar na Trá, Lár na Cathrach, Limistéar Siopadóireachta Bhóthar Áth Cinn	27%
Bóthar na Trá Uachtarach (Promanáid)	1 (gach 10 nóim.) agus 7 (gach 20 nóim.) agus 10A (gach 30 nóim.)	OG, Lár na Cathrach, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, UCHG, ATUG, an Pháirc Mhór, PG Mervue, PG Bhaile an Bhriotaigh	14%
Promanáid Rinn na Mara	7 (gach 20 nóim.)	Bóthar na Trá, Lár na Cathrach, Limistéar Siopadóireachta Bhóthar Áth Cinn	14%
Bóthar na Trá Íochtarach	1 (gach 10 nóim.)	OG, Lár na Cathrach, UCHG, an Pháirc Mhór, PG Mervue, PG Bhaile an Bhriotaigh	20%
Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín (Bunscoil Einde)	10B (gach 30 nóim.)	UCHG, Lár na Cathrach, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Órán Mór	14%
Bóthar an Bhóthair Ard (Bunscoil an Bhóthair Aird)	10 (gach 15 nóim.)	UCHG, Lár na Cathrach, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Órán Mór	33%
Bóthar Mhuine Mheá (Forbairt Chearnóg na Coróine)	1 (gach 10 nóim.)	OG, Lár na Cathrach, UCHG, an Pháirc Mhór, PG Mervue, PG Bhaile an Bhriotaigh	17%
Bóthar na Páirce Móire	1 (gach 10 nóim.)	OG, Lár na Cathrach, UCHG, an Pháirc Mhór, PG Mervue, PG Bhaile an Bhriotaigh	18%
N59 Bóthar Thomáis Uí Eidhin	4 (gach 30 nóim.)	Ionad Siopadóireachta na Gaillimhe, OG, UCHG, Lár na Cathrach, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne	18%

4.6.3.4 Cás 3 agus Cás 4

Le samhaltú Chás 3 agus Chás 4, atá mar an gcéanna le Cás 1 agus Cás 2 ach gan na bearta bainistíochta éilimh san áireamh, tá éileamh mór fós ar an N6 GCRR atá beartaithe lena mbaineann AADT de thart ar 40,000 feithicil ar thrasnú nua Abhainn na Gaillimhe, a sholáthrófaí leis an N6 GCRR atá beartaithe. Chomh maith leis sin, tuartar leis an samhaltú maidir le Cás 4 nach mbeidh aon laghdú ar bhordáil ag úsáid an Iarnróid Éadroim ar an gconair a shainaithnítear, toisc go bhfuil an líon bordála laistigh de 1% dá chéile i gCás 3 agus i gCás 4. Sonraítear leis sin, agus na bearta bainistíochta éilimh thuas i bhfeidhm, nach mbíonn tionchar diúltach ag an N6 GCRR atá beartaithe ar úsáid an iompair phoiblí, fad a bhíonn éileamh láidir de thart ar 40,000 feithicil ag úsáid an trasnaithe nua ar Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe.

Léiríonn an t-éileamh láidir sin de thart ar 40,000 feithicil, an cineál tráchta a úsáidfídh an N6 GCRR atá beartaithe i gCás 4. Tá na bearta bainistíochta éilimh dírithe ar an limistéar cathrach agus bheadh tionchar acu ar roghanna taistil/modh taistil na ndaoine a oibríonn sa chathair féin go príomha – maidir le méadú na gcostas páirceála ar fud na cathrach, le baint na páirceála saor in aisce ag an ionad oibre sa chathair, le gearradh táille brú tráchta agus le soláthar limistéir uirbhí gan charranna i gcroílár na cathrach, bheadh tionchar ag na nithe sin ar roghanna taistil/modh taistil na ndaoine siúd a oibríonn sa chathair/a bheidh ag dul go ceann scríbe sa chathair.

Ós rud é go bhfuil sé fós tuartha go mbeidh 40,000 AADT ag taisteal ar an N6 GCRR atá beartaithe chun dul trasna Abhainn na Gaillimhe gach lá, léiríonn sé an leibhéal ard tráchta straitéisigh (atá ag dul áit éigin lasmuigh den chathair ar maidin) a úsáidfídh an N6 GCRR atá beartaithe gach lá agus, dá réir sin, an chaoi a bhfuil an tIarnród Éadrom agus an N6 GCRR atá beartaithe ag freastal ar chineálacha difriúla turas. Bheadh an tIarnród Éadrom ag freastal ar thurais níos áitiúla, ar dhaoine atá ina gcónaí agus ag obair laistigh den chathair, ach is iad is mó a bheadh ag taisteal ar an N6 GCRR atá beartaithe ná daoine ag dul chuig áit lasmuigh den chathair agus ar mian leo dul ar an líonra straitéiseach/náisiúnta bóithre chun a gcinn scríbe a bhaint amach. Léirítear i bPláta 3.12 i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo go dtosaíonn 44% de na turais lasmuigh de chríos na cathrach agus críochnaíonn siad i gcrios na cathrach, nó tosaíonn siad i gcrios na cathrach agus críochnaíonn siad lasmuigh de chríos na cathrach nó téann siad timpeall ar an gcathair. Mheasfaí gur thrácht straitéiseach é sin agus tá sé níos deacra freastal air sin leis an iompar poiblí, ós rud é go mbeadh formhór na seirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta ag iarraidh freastal ar na daoine siúd a oibríonn/atá ag dul chuig áit i gCathair na Gaillimhe, in ionad iad siúd a oibríonn/atá ag dul chuig áit lasmuigh den chathair. Le linn bhuaicúair na maidine, beidh ceann scríbe lasmuigh de theorainn na cathrach ag thart ar dhá thrian den trácht a bheidh ag úsáid an N6 GCRR atá beartaithe chun dul trasna Abhainn na Gaillimhe. Léiríonn na nithe sin uile an t-éileamh láidir ar an N6 GCRR atá beartaithe, agus an líne Iarnróid Éadroim agus bearta bainistíochta éilimh i bhfeidhm ar fud na cathrach fiú, chun freastal ar an leibhéal ard tráchta straitéisigh ba mhian dul trasna an limistéir staidéir. Chomh maith leis sin, nuair a chuirtear é i dteannta bearta bainistíochta éilimh chun spriocanna CAP24 a chomhlíonadh, maolaítear aon laghdú ar an líon úsáideoirí iompair phoiblí.

4.6.3.5 Achoimre

Mar achoimre, léiríonn an anailís go bhfreastalaíonn an LRT agus an N6 GCRR atá beartaithe, nuair a sheachadtar iad i gcomhar le bearta bainistíochta éilimh an phlean gníomhaithe ar son na haeráide, ar fheidhmeanna comhlántacha. Freastalaíonn an LRT ar na riachtanais taistil d'áitritheoirí agus d'oibrithe ar fud na cathrach laistigh de theorainn na cathrach, ach cuireann an N6 GCRR atá beartaithe na riachtanais taistil ar fáil do riachtanais straitéiseacha paisinéirí agus lasta níos faide sa chathair agus sa réigiún i gcoitinne. Faoi mar a phléitear go mion sa Tuarascáil Staidéir Féidearthachta ar Iarnród Éadrom Idirthurais na Gaillimhe¹³ d'fhéadfadh éileamh a bheith ann ar iarnród éadrom feadh conair amháin nasctha le fás forbartha ar an gconair shonrach/na conairí sonracha san fhadtéarma agus léiríonn an anailís thuas nach gcuireann an N6 GCRR atá beartaithe bac ar sholáthar iarnróid éadroim amach anseo agus éileamh leordhóthanach ann air. Mar sin féin, ní réiteodh an tIarnród Éadrom as féin na saincheisteanna suntasacha iompair atá i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird agus a mhionsonraítear i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo agus ní chomhlíonann sé Cuspóirí an Tionscadail agus, dá bhrí sin, cuirtear as an áireamh é mar rogha eile in áit an N6 GCRR atá beartaithe.

4.6.4 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide/Bearta Bainistíochta Éilimh

Sa tuarascáil *'Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, (arna leasú) agus aighneachtaí i ndáil leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024'* atá i gCuid IV de Thuarascáil Fhreagra IFB 2025, rinneadh measúnú ar na cásanna inar áiríodh bearta bainistíochta éilimh éagsúla chun spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach. Tá na bearta bainistíochta éilimh sin mar an gcéanna leis na bearta a pléadh thuas i gCás 3 agus Cás 4. Féach Cuid IV de Thuarascáil Fhreagra IFB 2025 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi bhearta, cásanna agus modheolaíocht na measúnachta sin.

¹³ https://www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2024/10/GMATS-LRT-Feasibility-Study-report-v0.4_Final.pdf

4.6.4.1 *Trasnuithe Abhainn na Gaillimhe le Bearta Bainistíochta Éilimh*

Trasnaíonn Abhainn na Gaillimhe Cathair na Gaillimhe ar ais thuaidh-theas, agus déantar na gluaiseachtaí ar fad trasna na cathrach ar cheithre dhroichead. Bíonn leibhéal iomlán tráchta de thart ar 80,000 AADT ar na ceithre dhroichead ar an ngnáthlá oibre. Mar gheall ar thoilleadh teoranta ar na droichid faoi láthair, bíonn brú tráchta agus moilleanna ann ar feadh an lae. Mar chuid de thionscadal Ceangail Traschathrach BusConnects ó NTA, tá sé beartaithe conair iompair inbhuanaithe a dhéanamh de Dhroichead na mBradán, lena bhfágfaí nach mbeadh ach busanna, coisithe agus rothaithe air idir 7 a.m. agus 7 p.m. Le linn na n-uaireanta sin, úsáideann thart ar 20% den toilleadh iomlán a thrasnaíonn Abhainn na Gaillimhe Droichead na mBradán faoi láthair.

Measúnú ar an Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) i dtaobh na dtrasnuithe abhainn sa chathair in 2030 (arna ailíniú le bliain mheasúnachta CAP24), scrúdaíodh é i gcás ina n-áirítear na bearta bainistíochta éilimh céanna ar a dtugtar breac-chuntas i gCuid IV de Thuarascáil Fhreagra IFB 2025. Sa chás sin, glactar leis go mbeidh an Tionscadal Ceangail Traschathrach san áit chéanna agus, dá bhrí sin, tá Droichead na mBradán dúnta do thrácht feithiclí, agus tá limistéar uirbeach gan charranna ann le haghaidh lár na cathrach agus cumhdaítear Droichead Wolfe Tone agus Droichead Uí Bhriain. Is beart bainistíochta éilimh é sin atá ceaptha trácht ó charranna a laghdú i lár na cathrach, cé go bhfreastalóidh na droichid ar sheachadtaí agus go n-éascóidh siad leibhéal áirithe rochtana áitiúla. Áirítear sa chás sin freisin an N6 GCRR atá beartaithe, chun an leibhéal éilimh a bheidh ar a úsáid a thuiscint, agus bearta bainistíochta éilimh éagsúla i bhfeidhm ar fud na cathrach san am céanna. Léirítear i Tábla 4.3 thíos an AADT ar gach droichead sa chás sin.

Tábla 4.3 Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) ag trasnú Abhainn na Gaillimhe

Suíomh	AADT Chás Bainistíochta Éilimh CAP (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe)
Droichead na gCúig Chéad	30,640
An N6 GCRR atá beartaithe thar Abhainn na Gaillimhe	37,367
Droichead Wolfe Tone	7,065
Droichead Uí Bhriain	3,403
An Líon Iomlán ag Trasnú Abhainn na Gaillimhe	78,474


Léiríonn na torthaí thuas go bhfuil éileamh láidir ar an N6 GCRR atá beartaithe anuas ar na bearta bainistíochta éilimh atá beartaithe. Ar an iomlán, fiú dá mbeadh na bearta bainistíochta éilimh i bhfeidhm, 78,474 a bheadh san éileamh iomlán ar thrasnuithe thar Abhainn na Gaillimhe. Níl an figiúr sin ach thart ar 1,500 níos lú ná luach an lae inniu, is é sin 80,000, fad a fhreastalaítear freisin ar mhéadú thart ar 30% ar an leibhéal daonra ar fud an limistéir cathrach faoi 2030 agus a fhágtar gur féidir Droichead na mBradán a dhúnadh don ghnáth-thrácht idir 7 a.m. agus 7 p.m. agus a chabhraíonn chun trácht ó charranna a laghdú go suntasach ar Dhroichead Wolfe Tone agus Droichead Uí Bhriain, lena gcruthaítear lár níos sábháilte agus níos mealltaí don chathair.

Freisin ós rud é gurb ionann an AADT reatha a thrasnaíonn Droichead na gCúig Chéad thart ar 40,000, ní bheadh acmhainneacht dhóthanach aige ina aonar leis an leibhéal breise tuartha de thrácht traschathrach a iompar, thart ar 70,000 san iomlán agus Bearta Bainistíochta Éilimh i bhfeidhm, ós rud é go bhfuil Droichead na gCúig Chéad ar lánacmhainn inniu, go háirithe le linn buaicuaireanta.

4.6.4.2 *Feidhmíocht Fheabhsaithe Líonra*

Baineadh táscaire eile, lena fhéachtar go sonrach ar fheidhmíocht an líonra bóithre ag buaicuair na maidine, ón gcás céanna a bhfuil cur síos air thuas i.e. le bearta bainistíochta éilimh CAP, le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe agus gan an N6 GCRR atá beartaithe. I Pláta 4.6 léirítear na torthaí tríd an leibhéal moille in 2023 a chur i gcomparáid leis an leibhéal moille in 2024, le haghaidh chásanna bainistíochta éilimh CAP24, leis an N6 GCRR atá beartaithe agus gan é araon. Leis an gCás ‘gan an N6 GCRR atá beartaithe’, feictear laghdú thart ar 20% ar an leibhéal moille a bheadh ann i gcomparáid le leibhéal 2023. Léirítear leis sin go gcuideodh bearta bainistíochta éilimh CAP24 atá leagtha amach thuas leis an leibhéal moille a bheidh ann a laghdú. Nuair a thógtar bearta bainistíochta éilimh CAP24 agus an N6 GCRR atá beartaithe le chéile, áfach,

méadaítear an laghdú ar mhoill go thart ar 50% i gcomparáid le leibhéil 2023. Léirítear leis sin an tionchar a fhéadann an N6 GCRR atá beartaithe a imirt ar fheidhmíocht an líonra bóithre, nuair a chuirtear i bhfeidhm é i dteannta le bearta bainistíochta éilimh chun spriocanna CAP24 a bhaint amach. Ní hamháin go bhféadann an laghdú sin cabhrú le trácht i gcoitinne ach féadann sé cabhrú le húsáideoirí taisteal níos tapúla tríd an gcathair agus agaí turais níos iontaofa a chumasú. Beidh sé sin tábhachtach ach go háirithe ar chodanna den líonra bus nach bhfuil aon bhonneagar tosaíochta bus reatha nó pleanáilte dóibh, mar chuid den GTS agus nach mór dóibh dá bharr sin taisteal taobh leis an trácht ginearálta.



Pláta 4.6 Comparáid Moille (2023 vs CAP DS in 2030, leis an N6 GCRR atá beartaithe agus gan é)

4.6.4.3 *laghdú % ar an líon HGVanna laistigh den chathair*

Baineadh úsáid as Samhail Réigiúnach an Iarthair de chuid NTA chun an laghdú ar HGVanna faoi 2030 a thuar, agus é ailínithe le fás CNP, laistigh den limistéar uirbeach. Meastar go méadófar líon na HGVanna faoi thart ar 10% ag buaicuair na maidine faoi 2030, i gcomparáid leis na leibhéil reatha. Níl aon tionchar ag bearta bainistíochta éilimh CAP24 atá leagtha amach i gCuid IV de Thuarascáil Fhreagra IFB 2025, agus a ndearnadh measúnú orthu anseo, ar ghluaiseachtaí HGV toisc bhfuil an rogha ag gluaiseachtaí earraí aistriú go cóir iompair eile.

Mar sin, chun tionchar an GCRR N6 molta ar ghluaiseacht feithiclí earraí a fháil amach, tá scrúdú déanta ar an laghdú ar shreabhadh HGVanna ag aomhail éagsúla ar fud na cathrach. I Tábla 4.4 thíos taispeántar an difríocht ag gach aomhal atá leagtha amach, le haghaidh bhuaicuair na maidine agus an N6 GCRR atá beartaithe i bhfeidhm.

Tábla 4.4 Laghdú ar HGVanna ag Buaicúair na Maidine ag Acomhail Éagsúla ar fud Chathair na Gaillimhe le haghaidh 2030

Acomhal	Bainistíocht Éilimh CAP (Gan an N6 GCRR)	Bainistíocht Éilimh CAP (Leis an N6 GCRR)	Difríocht	Difríocht (%)
N6/Cnoc Mhaoil Drise	379	249	-130	-34%
N6/Baile an Bhriotaigh	288	165	-123	-43%
N6/N83 Bóthar Thuama	282	206	-76	-27%
Bóthar Áth Cinn an N6/N84	233	216	-17	-7%
Droichead na gCúig Chéad ar an N6 (Taobh Thoir)/Bóthar Áth Cinn	219	167	-52	-24%
Droichead na gCúig Chéad an N6 (An Taobh Thiar)/Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach	225	160	-65	-29%
Bóthar an Choláiste/Bóthar Bhaile Átha Cliath	287	196	-90	-31%
Acomhal Thimpeallán na Scairéadach	158	131	-27	-17%
Timpeallán na Scairéadach	171	116	-55	-32%
Timpeallán na mBrúnach	170	129	-42	-24%
Timpeallán na nDineach	46	9	-37	-81%
Timpeallán D'Arcy (Bóthar na Trá)	35	22	-13	-37%
Bóthar Bhearna/Bóthar na Trá Uachtarach	38	26	-12	-32%

Léirítear leis na torthaí go mbíonn tionchar *dearfach* ag an N6 GCRR atá beartaithe móide bearta bainistíochta éilimh ó thaobh HGVanna a bhaint ar fud limistéar na cathrach. Léirítear le formhór na n-acomhal thuas laghdú idir 25% - 30% ar líon na HGVanna a théann tríthu, agus tá sé suntasach go bhfuil **laghdú** thart ar **25%** ar chiliméadair HCV laistigh de líne chosanta N6/R338 na cathrach. Baineann thart ar 60% de dhaonra reatha na cathrach leis an líne chosanta sin. Tríd an trácht HGV sin a bhaint den limistéar cónaithe sin le daonra mór, feabhsófar cáilíocht an aeir, agus bainfidh rothaithe leas as líonra sábháilte, go háirithe áit nach bhfuil aon bhonneagar rothaíochta reatha ná pleanáilte.

4.6.4.4 Achoimre

Léirítear leis na torthaí thuas go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe bunriachtanach chun bearta bainistíochta éilimh a sholáthar don chathair, trí thrasnú abhann a chur leis trasna Abhainn na Gaillimhe agus ligean do Dhroichead Wolfe Tone agus Droichead Uí Bhriain a bheith cumhdaithe i limistéar saor ó charranna, d'fhonn cabhrú le trácht ó charranna a bhaint de lár na cathrach.

Trí chrosbhealach abhann eile a chur leis, tógtar an trácht breise a bheadh air an chathair a thrasnú gach lá amach ó díreach úsáid a bhaint as Droichead na gCúig Chéad, toisc go mbeidh Droichead na mBradán dúnta do charranna/thrácht ginearálta don chuid is mó den lá mar chuid de scéim Cheangal Traschathrach BusConnects na Gaillimhe. Tá an AADT reatha a thrasnaíonn Droichead na gCúig Chéad ag a lánacmhainn agus é ag iompar thart ar 40,000 feithicil in aghaidh an lae agus ní bheadh acmhainneacht dhóthanach aige ina aonar leis an leibhéal breise tuartha de thrácht traschathrach a iompar, thart ar 70,000 san iomlán agus Bearta Bainistíochta Éilimh i bhfeidhm, go háirithe le linn buaicuaireanta.

Chuirfeadh an N6 GCRR atá beartaithe feabhas mór ar fheidhmíocht an líonra bóithre i gcoitinne ar fud an limistéir uirbhig freisin dá gcuirfí i bhfeidhm é. Bhainfí amach laghdú breise 30% ar mhoilleanna, i gcomparáid le bearta bainistíochta éilimh a bheith ann astu féin.

Chuideodh an N6 GCRR atá beartaithe le líon na gciliméadar HGV a thaistealaítear sa chathair a laghdú freisin. Tá **laghdú** thart ar **25%** ar chiliméadair HCV laistigh de líne chosanta N6/R338 na cathrach. Baineann thart ar 60% de dhaonra reatha na cathrach leis an líne chosanta sin. Ní bheidh tionchar ag bearta bainistíochta éilimh astu féin ar na ciliméadair HGV a thaistealaítear nach ann do chóir iompair malartach ar féidir a úsáid chun earraí a iompar.

Mar achoimre, ní bhainfear amach réiteach ar na fadhbanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus mórthimpeall uirthi le bearta bainistíochta éilimh mar rogha aonair ós rud é go mbeidh éileamh srianta suntasach i gceist, tarlóidh moilleanna le hiompar poiblí (cé go mbeidh níos lú moille i gceist i gcomparáid le 2023 agus go mbeidh moill i bhfad níos mó i gceist mura gcuirfí an N6 GCRR atá beartaithe i bhfeidhm) agus leanfaidh trácht HGV tríd an gcathair ag cur isteach ar an gcumas bonneagair taistil ghníomhaigh a chur i bhfeidhm.

4.7 ‘Roghanna Déan Rud Éigin Nach Bóthar Iad’

Faoi mar atá sonraithe i gCuid 4.3, cruthaíonn Loch Coirib deighilt nádúrtha idir an taobh thoir agus an taobh thiar de Chontae na Gaillimhe agus níl Loch Coirib ach 4.5 km ó Chuan na Gaillimhe. Breithníodh líon mór roghanna eile chun an taobh thoir agus thiar de Chathair agus Contae na Gaillimhe a nascadh.


Rinneadh roghanna eile thar Loch Coirib agus Chuan na Gaillimhe nó tollán ó chian-iarthar an limistéir staidéir soir a bhreithniú agus fágadh as an áireamh iad faoi mar atá léirithe thíos i 4.7.1.1. Breithníodh roghanna eile le haghaidh trasnú nua thar Abhainn na Gaillimhe agus tá breac-chuntas tugtha ar na roghanna sin i 4.7.2. Tugtar breac-chuntas ar an mbreithmheas maidir le trasnú is dealraithí na habhann agus an bealach lena mbaineann le haghaidh na rogha bótharbhunaithe is dealraithí i gCuid 4.7.3.

4.7.1 Roghanna Tosaigh a Fágadh as an Áireamh

Mar thoradh ar mheasúnú ar na roghanna eile seo a leanas fágadh as an áireamh iad óna mbreithniú tuilleadh i TMTT 2018 toisc gur measadh nár chomhlíon siad cuspóirí an tionscadail atá léirithe i gCuid 3.7 de Chaibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadail:

- Roghanna Bealaigh Loch Coirib (Aguisín A.4.4)
- Roghanna Bealaigh Cósta (Aguisín A.4.5)
- Tollán thar achair an tionscadail

Cuirtear na roghanna sin a fágadh as an áireamh i láthair go grafach ag Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 i Pláta 4.7 thíos. Athbhreithníodh na measúnachtaí sin arís eile le haghaidh an TMTT nuashonraithe seo agus aird á tabhairt ar na sonraí nuashonraithe agus ar an anailís a rinneadh agus ní raibh aon athrú ar chonclúidí na measúnachtaí sin a rinneadh níos luaithe.



Pláta 4.7 Roghanna a Fágadh as an Áireamh – Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2

4.7.1.1 Roghanna Bealaigh Loch Coirib

Breithníodh ar an rogha limistéir thoir agus thiar Chontae na Gaillimhe a nascadh trí Loch Coirib a thrasnú ar tharbhealach.

Baineann tábhacht mhór éiceolaíoch le Loch Coirib, agus é mar chuid de cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib, agus is limistéar taitneamhachta mórscéimhe é. De bharr na srianta éiceolaíocha a bhaineann leis an rogha seo tá sé deacair Loch Coirib a thrasnú trí tharbhealach. Bheadh struchtúr suntasach i gceist le trasnú ar bith thar an loch seo, rud a dhéanfadh a chuimsiú sa tírdhreach an-deacair ar fad agus bheadh tionchair amhaire shuntasacha ag baint leis.

Mar atá sonraithe i TMTT 2018, léirítear in anailís ar an trácht go bhfuil éileamh láidir ag teacht as an gcontae go léir chuig an gcathair agus ar ais ón gcathair. Tugtar chun suntais inti chomh maith, dá fhad is a bheidh an bealach atá beartaithe don rogha bótharbhunaithe ón gcathair is lú mealltaí a d'fhéadfadh sé bheith do thiománaithe agus is lú tionchair a bheadh aige ar shaincheisteanna iompair na cathrach atá ann a laghdú. Níl aon athrú ar na torthaí sin tar éis an anailís nuashonraithe tráchta a rinneadh don TMTT nuashonraithe seo. Bheadh togra ar bith maidir le tarbhealach trasna Loch Coirib suite 4.5km ar a laghad ón mbealach traschathrach atá ann – an N6 agus an R338. Mar a cinneadh i TMTT 2018, agus níl aon athrú air sin sa TMTT nuashonraithe seo, níl i gceist, dá bhrí sin, le nasc nua ón taobh thiar go dtí an taobh thoir trasna Loch Coirib ach tairbhe theoranta ó thaobh an tráchta de.

Trí Loch Coirib a thrasnú trí tharbhealach ní chomhlíonfaí cuspóirí an tionscadail ar na cúiseanna seo a leanas:

- ní laghdódh sé na hagaí turais ar na príomhbhealaí
- ní sholáthródh sé tionscadal a bheadh éifeachtach ó thaobh costais
- d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib
- ní dhéanadh sé an tábhacht leis an tírdhreach atá ann a aithint go cuí
- d'fhéadfadh sé nach dtacódh sé le forbairt ionad daonra réigiúnaigh de thairseach chriticiúil toisc ná dtacóidh sé le forbairt Chathair na Gaillimhe mar Gheata

Ós rud é go raibh roghanna eile ar fáil lena mbainfeadh tionchar níos lú ar na srianta comhshaoil, agus lena mbainfeadh pátrúnacht níos airde agus lena soláthrófaí tairbhe níos mó don gheilleagar áitiúil ná trasnú Loch Coirib, fágadh tuilleadh scrúduithe ar thrasnú tarbhealaigh ar Loch Coirib as an áireamh.

Is oiliúnach gur sonraíodh Tuarascáil Chigire an Bhoird Pleanála dar dáta an 22 Meitheamh 2021, nach gcomhlíontar cuspóirí an tionscadail leis an rogha sin:

“Mheasfaínn nach gcomhlíonfaí cuspóirí an tionscadail le haghaidh iontaofacht ama turais, i measc cuspóirí eile, leis an rogha seo.”

Tar éis na hanailíse nuashonraithe a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin TMTT nuashonraithe sin, níl fionnachtana na measúnachta thuas athraithe.

Ionas go bhféadfaí tagairt a dhéanamh dóibh go héasca, taispeántar Roghanna Bealaigh Loch Coirib i Pláta 4.8 thíos.



Pláta 4.8 Roghanna Bealaigh Loch Coirib

Áiríodh sonraí faoin rogha mhalartach sin sa Tuarascáil um Roghnú Roghanna in Iarscríbhinn A.5.1 a cuireadh isteach mar chuid den Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise 2019. Tá sé sin ceangailte leis an TMTT nuashonraithe seo ionas go bhféadfaí tagairt dó go héasca mar Aguisín A.4.4.

4.7.1.2 Roghanna Bealaigh an Chósta

Breithníodh freisin ar an rogha limistéir thoir agus thiar Chontae na Gaillimhe a nascadh trí bhealach feadh an chósta.

Theastódh struchtúr suntasach droichid le haghaidh Rogha Bhealaigh an Chósta trasna bhéal Chuan na Gaillimhe agus is dócha go mbeadh tionchar aige sin ar thrácht bád agus oibriú limistéar an chuain agus na ndugaí.

Ardófaí an droichead agus bheadh sé le feiceáil ó gach limistéar thart ar an gcuan lena n-áirítear an Cladach, an Pháirc Theas agus an Póirse Caoch, agus tá siad sin ar fad ina limistéar ardscéimhe agus ardtaitneamhachta. Bheadh tionchar amhaire aige ar thírdhreach na cathrach agus Chuan na Gaillimhe araon agus bheadh gá le trasnú amháin ar a laghad thar líne iarnróid Bhaile Átha Cliath go Gaillimh.

De bharr na srianta éiceolaíocha a bhaineann leis an rogha seo bhí Rogha Bhealaigh an Chósta deacair chomh maith. Tá tábhacht chomhshaoil ag baint le Cuan na Gaillimhe lena n-áirítear SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe.

Mar a cinneadh in TMTT 2018, rud nach bhfuil athraithe don TMTT seo, níor chomhlíon an rogha sin cuspóir an tionscadail maidir le nasc a sholáthar leis na bóithre náisiúnta ar fad a théann isteach sa chathair nó le cuid díobh, is iad sin an N59, N84, N83, agus N6/M6 soir, chun líonra comhtháite bóithre náisiúnta a chruthú thart ar an gcathair. Is é an toradh a d'fhéadfadh bheith air sin nach ndéanfaí feabhas ar bith ar na faid turais agus iontaofacht na bhfad turais arb é sin cuspóir eile de chuid an tionscadail.

Go hachomair, níor chomhlíon Rogha Bhealaigh an Chósta cuspóirí an tionscadail ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ní laghdódh sé iontaofacht na n-agaí turais ar na príomhbhealaí
- D'fhéadfadh trasnú an chuain tionchar suntasach a bheith aige ar SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe
- Ní dhéanfaidh trasnú an chuain an tábhacht leis an tírdhreach atá ann a aithint go cuí

Ós rud é go raibh roghanna eile ar fáil lena mbainfeadh tionchar níos lú ar na srianta comhshaoil, lena mbainfeadh pátrúnacht níos airde agus lena gcomhlíonfaí cuspóirí an tionscadail ar bhealach níos fearr ná bealach an chósta, fágadh tuilleadh scrúduithe ar an rogha seo as an áireamh.

Tar éis na hanailíse nuashonraithe a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin TMTT nuashonraithe sin, níl fionnachtana na measúnachta thuas athraithe.



Pláta 4.9 Roghanna Bealaigh Cósta

Áiríodh sonraí faoin rogha mhalartach sin sa Tuarascáil um Roghnú Roghanna in Iarscríbhinn A.5.2 a cuireadh isteach mar chuid den Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise 2019. Tá sé sin ceangailte leis an TMTT nuashonraithe seo ionas go bhféadfaí tagairt dó go héasca mar Aguisín A.4.5.

4.7.1.3 *Tollán thar Achair an Tionscadail*

Mar thoradh ar na roghanna thuas, breithníodh ar an rogha limistéir thoir agus thiar Chontae na Gaillimhe a nascadh trí thollán ón N6 go dtí an R336.

Mar a cinneadh in TMTT 2018, rud nach bhfuil athraithe don TMTT seo, ní chomhlíonann an rogha sin cuspóir an tionscadail maidir le nasc a sholáthar leis na bóithre náisiúnta ar fad a théann isteach sa chathair nó le cuid díobh, is iad sin an N59, N84, N83, agus N6/M6 soir, chun líonra comhtháite bóithre náisiúnta a chruthú thart ar an gcathair. Ní léireodh an rogha mhalartach feabhas ar bith ar na faid turais agus iontaofacht na bhfad turais arb é sin cuspóir eile de chuid an tionscadail. Mar an gcéanna, ní thugann an t-éileamh tráchta a aithníodh le haghaidh TMTT 2018 agus le haghaidh an TMTT nuashonraithe seo údar leis an gcostas an-ard a bhaineann le tollán dá leithéid agus leis na tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol, agus ní réiteofaí an fhadhb iompair leis an rogha mhalartach seo. Dá bhrí sin, fágadh tollán ón taobh thiar go dtí an taobh thoir as an áireamh toisc nach féidir é a sheachadadh agus ní féidir údar a thabhairt leis. Mar sin féin, measadh gur fiú tuilleadh staidéir ar chodanna níos gairide de thollán a chur san áireamh chun srianta suntasacha a sheachaint i bpróiseas fhorbairt an réitigh. Tá na codanna tolláin malartacha sin san áireamh i gcuid de na roghanna a bhreithnítear i gCuid 4.7.2.

Ós rud é go raibh roghanna eile ar fáil lena mbainfeadh pátrúnacht níos airde agus lena gcomhlíonfaí cuspóirí an tionscadail ar bhealach níos fearr ná tollán soir siar, fágadh tuilleadh scrúduithe ar an rogha seo as an áireamh.

Tar éis na hanailíse nuashonraithe a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin TMTT nuashonraithe sin, níl fionnachtana na measúnachta thuas athraithe.

4.7.2 *Roghanna Eile do Thrasnú Abhainn na Gaillimhe*

Cuimsíodh i bhforbairt roghanna bealaigh le haghaidh trasnú nua thar Abhainn na Gaillimhe agus rogha bhótharbhunaithe dearáí a sheachnaíonn réadmhaoine atá ann faoi mar a sainaithníodh ar léarscáiliú OS agus aerléarscáiliú a mhéid is féidir. Áiríodh Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, 2006 (GCOB 2006) sna roghanna bealaigh sin. Le linn fhorbairt agus bhreithmheas na roghanna sin d'éirigh sé follasach go raibh faisnéis níos mine ar fáil feadh bhealach GCOB 2006 ná mar a bhí i limistéir eile de limistéar staidéir na scéime agus dá réir sin stopadh forbairt na roghanna sin go dtí go ndearnadh na staidéir mhionsonraithe um chomhshaol ar an limistéar staidéir iomlán a bhí riachtanach. Rinneadh suirbhéanna mionsonraithe éiceolaíocha, imscrúduithe ar thalamh ag Rathún agus geoifisic seandálaíochta ag Baile an Bhriotaigh sular cuireadh na roghanna bealaigh le haghaidh bonneagar bóithre ar aghaidh tuilleadh.

I gcomhthráth leis na suirbhéanna thuas a dhéanamh, rinneadh staidéar mionsonraithe chun an rogha is dealraíthí ar líne a dhearadh agus a shainaithint lena n-athúsáidfi a oiread den bhonneagar bóithre atá ann lena n-áirítear an N6 faoi mar atá léirithe i gCuid 4.7.2.1 mar Rogha an Bhealaigh Dheirg, an rogha mhalartach atá ailínithe le beartas an NIFTI agus lena dtreistéar an gá leis an oiread den bhonneagar reatha agus is féidir a athúsáid agus acomhail agus bealaí isteach atá ann cheana a chuíchóiriú.

A luaíthe is a bhí na staidéir níos mionsonraithe ar an gcomhshaol agus dearadh mionsonraithe na roghanna ar líne déanta, agus a bhí rogha indéanta ar líne ó thaobh na hinnealtóireachta de sainaitheanta, atosáíodh próiseas forbartha na rogha bealaigh. Ar bhonn na roghanna tosaigh um chonair bhealaigh lenar tógadh san áireamh 1) srianta innealtóireachta - agus iad nuashonraithe chun an rogha ar líne a chuimsiú; 2) léarscáiliú OS agus aerléarscáiliú; 3) torthaí na hanailíse éilimh iompair ar na suirbhéanna éiceolaíochta mionsonraithe ar fud limistéar an staidéir; agus 4) torthaí na suirbhéanna mionsonraithe ar an gcomhshaol i Rathún agus i mBaile an Bhriotaigh, d'fhorbair an fhoireann innealtóireachta agus na saineolaithe éiceolaíocha criosanna forbartha rogha i dtosach agus rinneadh athbhreithniú agus forbairt bhreise orthu i gcomhairle leis na saineolaithe comhshaoil go léir ar an bhfoireann tionscadail.


Ba ionann na criosanna forbartha rogha tosaigh agus limistéir laistigh de limistéar staidéir na scéime óna bhféadfaí – tar éis tionchair ar an innealtóireacht, ar dhaoine agus tionchair éiceolaíocha a bhreithniú – roghanna bealaigh níos tairbhiúla a fhorbairt, ó dhearcadh ón duine agus ón dearcadh éiceolaíoch, agus an gá le nascadh ar ais leis an gcathair á chur san áireamh chun na saincheisteanna iompair atá ann a réiteach go héifeachtúil. Tugtar faoi deara gurb ann do na fadhbanna iompair céanna inniu is a bhí nuair a forbraíodh na criosanna sin, ach mar atá sonraithe i gCaibidil 6 den TMTT sin, áfach, tá meath tagtha ar an timpeallacht iompair. Nuair a bhí na criosanna forbartha rogha tosaigh sainaitheanta, bhí measúnú le déanamh fós ag speisialtóirí comhshaoil ar na roghanna bealaigh ar fad a forbraíodh laistigh de na criosanna forbartha rogha

sin. Tar éis athbhreithniú ag na speisialtóirí comhshaoil i dteannta leis an bhfoireann dearaidh ar na criosanna forbartha rogha tosaigh agus na roghanna bealaigh a sainaithníodh go dtí seo, tháinig cás chun cinn i gcás gur forbraíodh roghanna bealaigh, agus maolú cuí curtha san áireamh, lasmuigh de na criosanna sin chun an tionchar ar phríomhshrianta comhshaoil eile a laghdú.

IPláta 4.10 léirítear na criosanna forbartha rogha atá ar fáil trí SAC Loch Coirib ag trasnú Abhainn na Gaillimhe. Rinne an fhoireann innealtóireachta líon roghanna bealaigh a mhionchoigeartú agus a fhorbairt ansin laistigh de na criosanna forbartha rogha bunaithe ag tosú ó shuíomhanna thrasnuithe Abhainn na Gaillimhe a mhéid is bhí réasúnta laistigh de shrianta na gcaighdeán innealtóireachta agus gach srian eile.

Bhí forbairt na roghanna bealaigh féideartha sin ina próiseas dhá chéim agus forbraíodh na roghanna tosaigh ar a dtugtar Roghanna Bealaigh Chéim 1. Cuimsíodh sna roghanna bealaigh sin roghanna ar líne lena n-áirítear uasghrádú ar an mbonneagar atá ann, roghanna páirteacha ar líne/as líne agus tá tógáil úrnua as líne léirithe thíos ar Pláta 4.11 agus tá scéimreach de na roghanna sin léirithe ar Pláta 4.12. Chun críocha measúnachta, léiríonn líne theorann Chathair na Gaillimhe an líne scoilte idir Cuid 1 agus 2 toisc gurb é sin an pointe ag a gcumasctar na roghanna bealaigh agus mar sin is féidir aistriú idir na roghanna bealaigh. Is é Cuid 3 Acomhal Chúil Each féin.

Mar fhreagra ar aighneacht a ardaíodh le linn na héisteachta ó bhéal in 2020, inar ceistíodh forbairt na gcriosanna forbartha rogha agus inar maíodh gur tugadh tosaíocht don éiceolaíocht in áit daoine agus roghanna bealaigh á bhforbairt, i dtuarascáil Chigire an Bhoird Pleanála dar dáta an 22 Meitheamh 2021, sonraíodh gurbh dian an próiseas agus gurb ionann é agus measúnacht láidir ar roghanna malartacha agus aird tugtha ar Chuspóirí an Tionscadail mar atá sonraithe.



Pláta 4.11 Céim 1 Roghanna Bealaigh


Comhairle Chontae na Gaillimhe

GCCR-4_04.30.9 | Eagrán 1 | 28 Márta 2025 | Ove Arup & Partners Ireland Limited

Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Leathanach




Pláta 4.12 Céim 1 Roghanna Bealaigh – Scéimreach

Cuireadh measúnú i gcrích ar na Roghanna Bealaigh Chéim 1 sin lenar bhain dhá cheardlann ar an gcomhshaol. Cuireadh na Roghanna Bealaigh Chéim 1 sin i láthair an phobail ag Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 i mí Eanáir/Feabhra 2015. I ndiaidh comhairliúchán poiblí agus tuilleadh staidéir, rinneadh na roghanna bealaigh a mhionchoigeartú agus rinneadh Roghanna Bealaigh Chéim 2 díobh. Cuireadh measúnú agus breithmheas i gcrích ar Roghanna Bealaigh Chéim 2. Tá Roghanna Bealaigh Chéim 2 léirithe ar Pláta 4.13 agus tá scéimreach de na roghanna sin léirithe ar Pláta 4.14.

Tá sonraí iomlána na measúnachtaí sin san áireamh sa Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh.¹⁴

¹⁴ <https://www.n6galwaycityringroad.ie/Volume,3,,A21,Route,Selection,Report,RSR/>



Pláta 4.13 Céim 2 Roghanna Bealaigh


Comhairle Chontae na Gaillimhe

GRR-4 04.30.9 | Eagrán 1 | 28 Márta 2025 | Ove Arup & Partners Ireland Limited

Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Leathanach




Pláta 4.14 Céim 2 Roghanna Bealaigh – Scéimreach

Le cois na roghanna bealaigh sin a bhfuil cur síos déanta orthu i gCuid 4.7.2.1 agus i gCuid 4.7.2.2 thíos, rinneadh Rogha Bhealaigh GCOB 2006 (Cuid 4.7.2.3 agus Pláta 4.15), mionathrú ar Rogha Bhealaigh GCOB 2006, Rogha an Bhealaigh Chiaín (Cuid 4.7.2.4 agus Pláta 4.16)) agus aistriú idir an dá rogha bealaigh as líne (Cuid 4.7.2.5 agus Pláta 4.17) a bhreithniú chomh maith mar roghanna malartacha.

Ag cur san áireamh an timpeallacht uirbeach, déine na forbartha cónaithe agus láithreach na láithreán Eorpach ainmnithe i limistéar staidéir na scéime, dearadh ailíniú cothrománach agus ceartingearach do gach ceann de na roghanna bealaigh. Áiríodh ar an ailíniú ceartingearach le haghaidh cuid de na roghanna bealaigh codanna tollán chun an tionchar ar na príomhshrianta a sainaithníodh a laghdú.

Agus an TMTT nuashonraithe seo á ullmhú, caitheadh súil an athuair ar gach aon cheann de na roghanna bealaigh sin arís in 2024/2025, agus tá na conclúidí fós mar an gcéanna leis an seasamh in TMTT 2018.



Pláta 4.16 Rogha an Bhealaigh Chiain



Pláta 4.17 'Aistriú' idir na Roghanna Bealaigh Glasa agus Gorma

Rogha an Bhealaigh Dheirg (Rogha an Bhealaigh ar Líne)

Rinneadh staidéar iomlán ar uasghrádú an bhonneagair bhóithre atá ann agus ar fhorbairt rogha bealaigh ar líne, i gcás go ndéantar na líonraí agus conairí iompair atá ann a athúsáid agus a fheabhsú de réir mar is cuí. Áiríodh sonraí faoin rogha mhalartach sin sa Tuarascáil um Roghnú Roghanna in Iarscríbhinn A.5.3 a cuireadh isteach mar chuid den Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise 2019.

Ba é an toradh ar an staidéar seo moladh maidir le cé acu rogha an bhealaigh ar líne a chuirfí ar aghaidh. Thosaigh Rogha an Bhealaigh ar Líne ag aomhal le comharthaí ar an taobh thoir de Shráidbhaile Bhearna agus chuaigh sé ar aghaidh ó thuaidh feadh ailíniú an bhóthair nua chun ceangal le Bóthar Dáileacháin an Iarthair atá ann ag aomhal le comharthaí atá beartaithe ag Timpeallán Bhóthar na Ceapaí atá ann. Lean sé Bóthar Dáileacháin an Iarthair atá ann go dtí Bóthar Stiofáin agus áirítear leis athsholáthar na n-acomhal timpealláin reatha ar fad feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair le hacomhail le comharthaí.

Nasc sé ag ceantar Rathúin trí thollán ó Bhóthar Siofáin, trí cheantar cónaithe i Rathún, go dtí Bóthar Shéamais Uí Chuirce agus d'ísigh sé faoi Bhóthar Shéamais Uí Chuirce agus Timpeallán na mBrúnach trí thollán gearrtha agus cumhdaithe. Áiríodh leis nascacht trí thimpeallán agus thrí shlisbhóithre ag Gort na Bró. Lean sé ar aghaidh ón oirthear chuig Droichead na gCúig Chéad Thiar atá ann feadh an N6 atá ann. Bhí an líonra bóithre áitiúla atá ann le coimeád os cionn na príomhlíne atá beartaithe thar achair Bhóthar Shéamais Uí Chuirce. Freastalaíodh ar an líonra bóithre áitiúla tríd an dara trasnú droichid a sholáthar ar Abhainn na Gaillimhe díreach ó dheas ó Dhroichead na gCúig Chéad Thiar atá ann.

Soir ó Abhainn na Gaillimhe, chuaigh Rogha an Bhealaigh ar Líne ar chúl an ionaid siopadóireachta atá ann ag Tír an Oileáin agus ceanglaíodh arís é leis an N6 atá ann soir ó Acomhal an N84 ag Timpeallán na gCiarabhánach (ar aomhal le comharthaí anois é). Soláthraíodh aomhal ilairde scoilte idir an N6 atá ann agus Rogha an Bhealaigh ar Líne atá beartaithe sa limistéar seo, agus sliosbhóithre siar chuig/ón Rogha Bhealaigh ar Líne díreach soir ó thrasnú na habhann agus sliosbhóithre soir chuig/ón Rogha Bhealaigh ar Líne díreach soir ó Acomhal an N84 atá ann ag Timpeallán na gCiarabhánach (ar aomhal le comharthaí anois é).

Bhain Rogha an Bhealaigh ar Líne leas as conair an N6 atá ann chun nascadh leis an M6/N6 ar an taobh thoir de Ghaillimh ag Cúil Each. Íslíodh é faoi Bhóthar an N83 agus faoi Bhóthar an Bhaile Bháin ach nasc sé go hiomlán leis an dá bhóthar faoi aomhail diamaint le comharthaí. Soláthraíodh aomhal ilairde diamaint ó dheas ó Acomhal Chnoc Mhaoil Drise atá ann, a dearadh chun freastal ar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh, Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach agus limistéar Chnoc Mhaoil Drise den chathair.

Measadh go raibh Rogha an Bhealaigh ar Líne ina rogha indéanta agus cuireadh ar aghaidh í mar Rogha an Bhealaigh Dheirg lena measúnú mar chuid den phróiseas roghnúcháin bealaigh.

Rogha an Bhealaigh Oráiste

Thosaigh Rogha an Bhealaigh Oráiste ag an bpointe céanna le Rogha an Bhealaigh Dheirg soir ó Bhearna, agus lean sé slí Rogha an Bhealaigh Dheirg thart ar an mBaile Ard. D'imigh sé ó Rogha an Bhealaigh Dheirg agus lean trí Bhaile na mBúrcach, i dtreo Leitrí, agus isteach i dtollán. Thrasnaigh sé faoi Abhainn na Gaillimhe sa tollán agus tháinig sé amach ag Tír an Oileáin, soir ó Thimpeallán na gCiarabhánach atá ann (ar aomhal le comharthaí anois é). Lean Rogha an Bhealaigh Oráiste Rogha an Bhealaigh Dheirg ansin feadh an N6 atá ann agus rinneadh na hacomhail ar fad a uasghrádú go hacomhail ilairde.

Bhí bóthar ceangail a bhaineann le Rogha an Bhealaigh Oráiste a thosaigh ag an N59 ag an mBaile agus a chríochnaigh ag an taobh thuaidh de Bhóthar Stiofáin, ag nascadh le príomhlíne Rogha an Bhealaigh Oráiste agus aomhal ilairde.

Rogha an Bhealaigh Bhuí

Thosaigh Rogha an Bhealaigh Bhuí ag aomhal leis an R336 siar ó Bhearna agus lean soir ó thuaidh, ag coinneáil ó thuaidh de Bhearna agus chuaigh sé trí bhailte fearainn na Cloiche Scoilte, na hAille, Bhaile na mBúrcach, Leitrí agus an Daingin. Chuaigh sé trasna Abhainn na Gaillimhe ó dheas ó Chaisleán Mhionlaigh, agus ansin chas sé soir ó dheas agus chuaigh sé trí bhailte fearainn Chúil Each agus an Chaisleáin Ghearr. Cheangail sé le Rogha an Bhealaigh Dheirg siar ón aomhal leis na N83 agus lean sé Rogha an Bhealaigh Dheirg soir feadh an N6 atá ann agus rinneadh na hacmhail ar fad a uasghrádú go hacmhail ilairde.

Bhí bóthar ceangail a bhaineann le Rogha an Bhealaigh Bhuí a thosaigh ag an N59 ag Gort an tSléibhe agus a chríochnaigh ag an taobh thuaidh de Bhóthar Stiofáin, ag nascadh le príomhlíne Rogha an Bhealaigh Bhuí agus aomhal ilairde.

Rogha an Bhealaigh Ghoirm

Thosaigh Rogha an Bhealaigh Ghoirm ag aomhal ar an R336 ar imill thiar Bhearna agus chuaigh sé ar aghaidh feadh bhóthar faoisimh atá comhthreomhar leis an R336 agus ó thuaidh uaidh. Cuimsíodh an chuid eile de Bhóthar Faoisimh Istigh Bhearna, chun ceangal leis an R336 atá ann in imill thoir Bhearna, mar chuid den Rogha Bhealaigh Ghoirm. Téann Rogha an Bhealaigh Ghoirm ón mbóthar faoisimh soir ó thuaidh ó bhailte fearainn na Cloiche Scoilte, na hAille, Bhaile na mBúrcach, Leitrí agus an Daingin sula dtrasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ó dheas ó Chaisleán Mhionlaigh. Leanann sé ar aghaidh ansin soir i dtreo Chairéal Leacaigh, agus isteach i dtollán chun gabháil faoi ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de SAC Loch Coirib agus amach sa chairéal, sula ngabhann sé trí bhailte fearainn an Chaisleáin Ghearr agus Bhaile an Bhriotaigh. Téann Rogha an Bhealaigh Ghoirm i dtollán eile le gabháil faoi ráschúrsa ag Ráschúrsa na Gaillimhe, ag teacht amach os cionn na talún i gcomharsanacht Chnoc Mhaoil Drise, agus lean sé Rogha an Bhealaigh Ghoirm go dtí an pointe is faide soir.

Bhí bóthar ceangail a bhaineann le Rogha an Bhealaigh Ghoirm a thosaigh ag an N59 ag Gort an tSléibhe agus a chríochnaigh ag an taobh thuaidh de Bhóthar Stiofáin, ag nascadh le príomhlíne Rogha an Bhealaigh Ghoirm agus aomhal ilairde.

Rogha an Bhealaigh Bhándeirg

Thosaigh Rogha an Bhealaigh Bhándeirg siar ó Bhearna ag an bpointe céanna le Rogha an Bhealaigh Ghoirm, agus lean sé an tslí chéanna Rogha an Bhealaigh Ghoirm fad leis an gCaisleán Gearr. D'imigh sé ansin go dtí an taobh thuaidh ón rásraon ag Ráschúrsa na Gaillimhe, agus chuaigh sé isteach i dtollán ar an taobh thoir den N83. Chuaigh an tollán sin faoi bhóthar rochtana an ráschúrsa. Chuaigh an rogha bhealaigh seo soir ó dheas ó Shráidbhaile Chúil Each agus nasc sé leis an N6 atá ann.

Bhí bóthar ceangail a bhaineann le Rogha an Bhealaigh Bhándeirg a thosaigh ag an N59 ag Gort an tSléibhe agus a chríochnaigh ag an taobh thuaidh de Bhóthar Stiofáin, ag nascadh le príomhlíne Rogha an Bhealaigh Bhándeirg agus aomhal ilairde.

Rogha an Bhealaigh Ghlais

Thosaigh Rogha an Bhealaigh Ghlais ag an bpointe céanna le Rogha an Bhealaigh Bhuí siar ó Bhearna agus lean sé soir ó thuaidh, ag coinneáil ó thuaidh ó Bhearna agus chuaigh sé trí bhailte fearainn na Cloiche Scoilte, na hAille, an Chaoráin, Thóin na Brocaí agus Pháirc na Sceach sular thrasnaigh sé Abhainn na Gaillimhe go dtí an taobh thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh. Chuaigh Rogha an Bhealaigh Ghlais ar aghaidh soir ó thuaidh trí Mhionlach go dtí Baile an Dúlaigh agus soir ó dheas trí Cheapach na Boirne, thart ar chúl Ráschúrsa na Gaillimhe i dtollán faoi bhóthar rochtana an ráschúrsa, áit ar fhorluí sé ar feadh seal gairid le Rogha an Bhealaigh Bhándeirg. Chuaigh sé tríd an gcuid thuaidh de Shráidbhaile Chúil Each sular chríochnaigh siad ag an N6 atá ann go dtí an taobh thoir.

4.7.2.2 Roghanna Bealaigh Chéim 2

Tugtar eolas sa chuid seo maidir leis na leasuithe agus na hathruithe móra a rinneadh ar na roghanna bealaigh idir Céim 1 agus Céim 2. Rinne gach leasú agus athrú feabhas ar na dearaí agus roghanna roimhe sin chun dul i ngleic le buarthaí agus saincheistanna a hardaíodh trí chomhairliúchán poiblí. Tá sonraí maidir leis an gcomhairliúchán poiblí fairsing a rinneadh mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe leagtha amach i gCaibidil 1, Réamhrá den TMTT nuashonraithe seo. Tá leagan amach plean agus scéimreach de Roghanna Bealaigh Chéim 2 ar a dtugtar breac-chuntas thíos léirithe ar Pláta 4.13 agus Pláta 4.14.

Rogha an Bhealaigh Dheirg

- Le measúnú eile ar an trácht sainaithníodh saincheistanna acmhainne ar an bpríomhlíne ón N83 go dtí an N6 ag Cnoc Mhaoil Drise. Theastaigh lána eile i ngach treo taistil ina leith sin. Tagann deireadh leis an lána breise siar ag rampa imithe aomhal ilairde Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach. Tosaíonn an lána breise soir ag an rampa cumaisc ó aomhal ilairde an N83. Tagann deireadh leis na lánaí sula gceanglaíonn siad leis an N6 atá ann.

Rogha an Bhealaigh Oráiste

- Rinneadh an bóthar ceangail ón N59 ag Séipéal Pháirc na Sceach go Bóthar Stiofáin i gCnoc na Cathrach a athailíniú chun tailte criosaithe cónaithe a chur san áireamh. Tá an t-aomhal leis an N59 fós ina aomhal le comharthaí
- Le measúnú eile ar an trácht sainaithníodh saincheistanna acmhainne ar an bpríomhlíne ón N83 go dtí an N6 ag Cnoc Mhaoil Drise. Theastaigh lána eile i ngach treo taistil ina leith sin. Tagann deireadh leis an lána breise siar ag rampa imithe aomhal ilairde Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach. Tosaíonn an lána breise soir ag an rampa cumaisc ó aomhal ilairde an N83. Tagann deireadh leis na lánaí sula gceanglaíonn siad leis an N6 atá ann

Rogha an Bhealaigh Bhuí

- Rinneadh conair na rogha bealaigh ón R336 go dtí Cnoc na Cathrach a mhionathrú chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar Bhearna a íoslaghdú
- Rinneadh an bóthar ceangail ón N59 ag Glenlo Abbey go Bóthar Stiofáin i gCnoc na Cathrach a athailíniú chun tailte criosaithe cónaithe a chur san áireamh agus chun tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail a íoslaghdú. B'éigean ceangal aomhail le comharthaí a sholáthar don athailíniú ag an N59
- Le measúnú eile ar an trácht sainaithníodh saincheistanna acmhainne ar an bpríomhlíne ón N83 go dtí an N6 ag Cnoc Mhaoil Drise. Theastaigh lána eile i ngach treo taistil ina leith sin. Tagann deireadh leis an lána breise siar ag rampa imithe aomhal ilairde Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach. Tosaíonn an lána breise soir ag an rampa cumaisc ó aomhal ilairde an N83. Tagann deireadh leis na lánaí sula gceanglaíonn siad leis an N6 atá ann

Rogha an Bhealaigh Ghoirm

- Rinneadh leagan amach bhóthar Faoisimh Istigh Bhearna a mhionathrú chun tionchair ar réadmhaoine cónaithe a íoslaghdú
- Rinneadh leagan amach na n-aomhal ag an N84 agus an N83 a athscrúdú. Rinneadh tuilleadh measúnaithe tráchta agus oibre deartha chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar an Chaisleáin Ghearr ón N84 go dtí an N83 a íoslaghdú

Rogha an Bhealaigh Bhándeirg

- Rinneadh leagan amach bhóthar Faoisimh Istigh Bhearna a mhionathrú ar an taobh thiar chun teacht le hiarratas ar phlean Chuid 8 roimhe seo maidir leis an gcuid seo den rogha bealaigh. Ag an taobh thoir rinneadh an leagan amach a mhionathrú chun tionchair ar réadmhaoine cónaithe a íoslaghdú
- Rinneadh conair an bhealaigh ó Shráidbhaile Bhearna go dtí Cnoc na Cathrach a mhionathrú chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar Bhearna a íoslaghdú

- Rinneadh an bóthar ceangail ón N59 ag Glenlo Abbey go Bóthar Stiofáin i gCnoc na Cathrach a athailíniú chun tailte criosaithe cónaithe a chur san áireamh agus chun tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar Pháirc na Sceach a íoslaghdú. B'éigean ceangal acomhail le comharthaí a sholáthar don athailíniú ag an N59
- Rinneadh acomhal ilairde an N59 a athscrúdú agus rinneadh tuilleadh oibre deartha chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar an Chuarbhóthair a íoslaghdú
- Rinneadh ailíniú na príomhlíne a mhionathrú i gcomharsanacht Ollscoil na Gaillimhe (OnaG) agus Scoil Náisiúnta San Séamas, Páirc na Sceach chun na tionchair ar na saoráidí caithimh aimsire, gnó tráchtála agus oideachais sa limistéar a íoslaghdú
- Rinneadh leagan amach na n-acomhal ag an N84 agus an N83 a athscrúdú. Rinneadh tuilleadh measúnaithe tráchta agus oibre deartha chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar an Chaisleáin Ghearr ón N84 go dtí an N83 a íoslaghdú
- Rinneadh leagan amach an acomhail ag Cúil Each/Cnoc Mhaoil Drise a athscrúdú agus rinneadh tuilleadh oibre deartha chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar an Chúil Each a íoslaghdú

Rogha an Bhealaigh Ghlais

- Rinneadh an chonair bhealaigh ón N83 go dtí an N6 a mhionathrú chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe agus ar phobail i limistéar Chúil Each/Chnoc Mhaoil Drise a íoslaghdú
- Rinneadh leagan amach an acomhail ilairde ag Cúil Each/Cnoc Mhaoil Drise a athscrúdú agus rinneadh tuilleadh oibre deartha chun na tionchair ar réadmhaoine cónaithe, ar shaoráidí oideachais agus ar phobail i limistéar an Chúil Each a íoslaghdú

4.7.2.3 GCOB 2006

Faoi mar a sonraíodh i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, in 2008 d'fhaomh an Bord Pleanála an chuid thoir de Sheachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (2006 GCOB) ón N6 atá ann go dtí an N59. Ag an am sin, rinneadh tionscadal Sheachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2006 a mheasúnú ar an tuiscint nach mbeadh drochthionchar ag caillteanas limistéir measartha beag de ghnáthóg Tosaíochta Iarscríbhinn I ar shláine SAC Loch Coirib, agus cuireadh an scéim ar aghaidh ar bhonn Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthoga.

Bhí Seachbhóthar GCOB 2006 ar cheann de na chéad roghanna bóthar-bhunaithe a breithníodh toisc gur cuireadh chun cinn cheana é trí phleanáil agus go raibh a lán eolais agus sonraí ar fáil maidir le rogha an bhealaigh sin chomh maith (féach Pláta 4.15).

Tosaíonn Rogha Bhealaigh GCOB 2006 ag an R336, agus acomhal timpealláin chomhréidh tuairim is 2km siar ó Bhearna, agus téann sé ó thuaidh, ag gabháil timpeall ar na Foráí Maola agus ó dheas ó Loch Inse, agus acomhal timpealláin chomhréidh ann ar an mBóthar ó Bhearna go Maigh Cuilinn. Téann sí soir ansin chomh fada leis an gCeapach, agus bóthar ceangail ann leis an bpríomhlíne leis an timpeallán atá ann ag acomhal Bhóthar na Ceapaí agus Bhóthar Dáileacháin an Iarthair. Leanann an phríomhlíne soir ó thuaidh as seo, ag taisteal trí Thóin na Brocaí, Gort an tSléibhe agus An Chillín, mar a bhfuil acomhal ilairde leis an N59. Téann sé timpeall ar an taobh thuaidh de Glenlo Abbey, ag casadh soir ó dheas, agus trasnaíonn Abhainn na Gaillimhe ar struchtúr droichid idir Sráidbhaile Mhionlaigh agus Caisleán Mhionlaigh.

Trasnaíonn Rogha Bhealaigh GCOB 2006 thar Bhóthar Mhionlaigh agus téann ó thuaidh i dtreo Bhaile an Dúlaigh. Tá acomhal ilairde suite siar ó Bhaile an Dúlaigh, agus tá an N84 athailínithe chun nascadh leis an bpríomhlíne ansin. Leanann Rogha Bhealaigh GCOB 2006 ar aghaidh soir, agus í ag dul i gcuair timpeall ar an bPoll Caoin agus Claí an Dá Mhíle, agus í ag trasnú faoin N83 gan cheangal. Taistealaíonn sí soir ó dheas ansin, trasnaíonn sí faoin R339 i mBaile an Teampaill, agus ceanglaíonn sí leis an N6 atá ann soir ó Chúil Each.

Mar a míníodh le linn na héisteachta ó bhéal in 2020¹⁵, san anailís tráchta a rinneadh mar bhonn eolais le haghaidh GCOB 2006 baineadh úsáid as suirbhéanna láimhe bunaidh agus cinn scríbe agus suirbhéanna cois bóthair déanta ag an nGarda Síochána ar gach re deichiú feithicil. I gcomparáid leis sin, mar chuid de na srianta agus den phróiseas roghnúcháin roghanna don Tionscadal, bhí na sonraí ó Dhaonáireamh 2011 ar fáil, agus sna sonraí sin tugadh mionsonraí ar láthair oibre agus láthair oideachais (POWSCAR) le haghaidh gach baile aonair sa limistéar staidéir. Is fíor an méid céanna i leith sonraí Dhaonáireamh 2016 agus Dhaonáireamh 2022 as ar baineadh úsáid le haghaidh TMTT 2018 agus le haghaidh an TMTT nuashonraithe seo faoi seach.

Le linn na héisteachta ó bhéal, míníodh leis an bhfoireann samhaltaithe tráchta a úsáideadh le tionchair thráchta a mheas d'fhonn tionscadal GCOB 2006 a mhúnlú nárbh fhéidir an t-iompar poiblí, siúlóireacht ná rothaíocht a shamhaltú. Sa bhreis air sin, níor leasaíodh na criosanna laistigh den tsamhail a ndóthain laistigh den chathair chun tuiscint a fháil ar thionchar féideartha an tionscadail ar na sráideanna aonair laistigh den chathair.

Tá dul chun cinn mór bainte amach leis na teicnící samhaltaithe ó bhí 2006 ann. Is í Samhail Réigiúnach an Iarthair an tsamhail iompair a bhí ar fáil le cásanna a thástáil thiar in 2014, ar samhail straitéiseach iompair ilmhódaigh í le haghaidh chontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh, Liatroma agus Dhún na nGall, agus béim á cur ar chathair na Gaillimhe, agus is féidir siúlóireacht, rothaíocht agus iompar poiblí a shamhaltú léi anuas ar thurais i bhfeithicil príobháideacha.

Leis an leibhéal sin sonraí in éineacht le teicnící samhaltaithe níos sofaisticiúla sainaithníodh nach raibh na fadhbanna plódaithe a chonacthas i nGaillimh inchurtha go príomha i leith tráchta a mbeifí in ann a sheachaint. Tarraingíodh ceist eile anuas leis sin cé acu a réiteodh nó nach réiteodh seachbhóthar amháin an fhadhb de cheal nascachta leis an gcathair. Dá bhrí sin, le tuiscint níos fearr ar fhadhb an iompair, agus ag teacht leis na ceanglais faoi Chreat Comónta Breithmheasa (CAF) an Rialtais, arb é Creat Breithmheasa Iompair (TAF) a thugtar air anois, sainíodh cuspóirí tionscadail in éineacht le spriocanna sonracha feidhmíochta i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe sa chaoi gur shoiléir amach ansin é an raon feidhme a bheadh aige. Ba cheart a thabhairt dá aire gur áiríodh leis na cuspóirí sin caomhnú na bpobal seanbhunaithe atá ann chomh maith le féachaint leis na tionchair ar na láithreáin éiceolaíochta ainmnithe a íoslaghdú. Ag gach céim le linn an tionscadail, rinneadh roghanna féideartha a mheas in aghaidh na gcuspóirí tionscadail aontaithe sin lena fháil amach an rachaidís ar aghaidh níos faide.

Tháinig athrú ar an mbeartas pleanála, le tabhairt isteach an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF) agus tháinig forbairt ar bhealaí difriúla ar Chontae na Gaillimhe agus Cathair na Gaillimhe le leagan amach Staidéar Pleanála Iompair na Gaillimhe (GTPS) thiar in 2001, a úsáideadh le tionscadal 2006 GCOB a mhúnlú. Rinneadh an tsamhail tráchta do thionscadal GCOB 2006 a nuashonrú chun roinnt athruithe ar thalamhúsáid in 2004 a léiriú, ach lean an contae agus an chathair leo ag imeacht ón GTPS agus is difriúil iad na toimhdí talamhúsáide ar a bhfuil an samhail tráchta don N6 GCRR atá beartaithe ón méid atá le fáil in GCOB 2006.

Is iad seo a leanas na míreanna is díol suntais ó fhorbairt Staidéar Pleanála Iompair na Gaillimhe (GTPS) in 2001 ar ar forbraíodh GCOB 2006:

- Rinneadh bailiú sonraí tosaigh do GCOB 2006 in 1997 a tháinig roimh shonraí POWSCAR. Mar sin de, rinneadh Bunadh/Cinn Scríbe a ríomh ar shampla cuibheasach beag de na suirbhéanna cois bóthair
- Bhí limistéar na nArdán ina chuid shuntasach den GTPS, agus bhíodas chun an fhorbairt a dhíriú ar thaobh thoir na cathrach, agus dromlach maith iompair phoiblí le fáil. Díríodh leis an bhforbairt sin ar 18,000 duine a bheith ag cur fúthu agus ag obair sna hArdáin faoi 2016, agus dhá thrian sa chuid de na hArdáin sa chontae agus aon trian amháin sa chuid de na hArdáin sa chathair. Mar sin féin, lean an fhorbairt ar aghaidh siar ón gcathair, agus ag radú amach ón gcathair ó 2004, seachas na hArdáin a thógáil ón mbonn

¹⁵ https://www.n6galwaycityringroad.ie/media/GCRR-4.03.34.13.1%20Response%20to%202006%20GCOB%20Q_Issue%201.pdf

- Tháinig fás suntasach níos mó ar an bhfostaíocht sa Pháirc Mhór ná mar a samhlaíodh sa GTPS, arb é an fáth é nár cuireadh acomhal ar fáil in GCOB 2006 ar Bhóthar Thuama an N83, agus arb é an fáth é go bhfuil acomhal dá shórt chomh ríthábhachtach sin agus curtha san áireamh sa N6 GCRR atá beartaithe

I bhfianaise nár tháinig an patrún forbartha i gerích dár forbraíodh GCOB 2006 le freastal air, níorbh é GCOB 2006 an réiteach ceart d'fhíorchás na forbartha atá le sonrú sa chathair agus sa chontae.

Cé gur aithníodh go mbeadh níos lú tionchar ag GCOB 2006 ar úinéirí tí, pobail agus fónais agus líon níos lú scartálacha i gceist leis, níor chomhlíon sé cuspóirí an tionscadail agus ní fhéadfadh sé iad a chomhlíonadh.

Ó thaobh na hinnealtóireachta de, ba rogha bhealaigh indéanta í Rogha Bhealaigh GCOB 2006. Mar sin féin, níor cuireadh ceangal ar fáil leis an N83, bóthar náisiúnta, agus leibhéal níos lú nascachta á chur ar fáil dá réir leis ná na roghanna malartacha a breithníodh mar chuid de mheasúnú Chéim 1 ar na roghanna.

Cé gur léiríodh le samhaltú tráchta ar Rogha Bhealaigh GCOB 2006 gur faoiseamh áirithe a bhí sa rogha sin don líonra bóithre atá le fáil i nGaillimh, níor tugadh faoiseamh oiread chomh mór leis ná na roghanna eile arna dtairiscint. Cuir i gcás, níor cuireadh ach faoiseamh íosta ar fáil leis do na déanmhais seo a leanas atá ann: (i) Droichead na gCúig Chéad, (ii) Bóthar Shéamais Uí Chuirc, (iii) Bóthar Dáileacháin an Iarthair, (iv) Bóthar na Trá, (v) Bóthar Bhaile an Rí, etc.

Chonacthas feidhmíocht níos measa leis ná an N6 GCRR atá beartaithe, ar an N6 atá ann i bhfoisceacht idir an N84 agus N83, rud a d'fhéadfaí a chur i leith na heaspa acomhal atá le fáil ar an N83.

Nuair a chuirtear na AADTanna arna dtuar do Rogha Bhealaigh GCOB 2006 in 2034, an bhliain dearaidh don N6 GCRR atá beartaithe in TMTT 2018 i gcomparáid leis na AADTanna arna dtuar don N6 GCRR atá beartaithe in 2034, tugtar faoiseamh níos mó leis an N6 GCRR atá beartaithe do na ceangail ar an líonra bóithre atá ann. Tá na feabhsuithe is suntasaí ar bhaint an tráchta ón gcathair, agus córacha iompair níos inbhuanaithe á n-éascú dá réir, le sonrú ar Dhroichead na gCúig Chéad ina bhfeicfear feabhsú 16%, ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc le feabhsú 34%, Sráidbhaile Bhearna le feabhsú 24% agus Bóthar na dTreabh an N6 le feabhsú 21% ar bhealach an N6 GCRR atá beartaithe nuair a chuirtear i gcomparáid le Rogha Bhealaigh GCOB 2006 iad. Cé go léiríonn na sonraí an anailís tráchta do TMTT 2018, níl aon athrú ar thorthaí an mheasúnaithe seo, bunaithe ar an anailís tráchta nuashonraithe a rinneadh don TMTT nuashonraithe seo.

Is cuspóirí tionscadail uile iad baint an tráchta ó lár na cathrach, soláthar sráideanna uirbeacha níos sábháilte agus leithscaradh an tráchta inseachanta ó thrácht atá ag triall ar an gcathair. Tá feidhmíocht níos fearr le sonrú ag an N6 GCRR atá beartaithe ná Rogha Bhealaigh GCOB 2006 ó thaobh an tráchta de.

I mbeagán focal níor cuireadh GCOB 2006 ar aghaidh a thuilleadh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Níor cuireadh nascacht ar fáil leis an gcathair leis a mhéad ba ghá le dóthain faoisimh a thabhairt don phlódú
- Níor cuireadh ceangal ar fáil leis an N83 leis, ar bóthar náisiúnta é, agus cuireadh leibhéal níos lú nascachta ar fáil leis don líonra bóithre náisiúnta. Tabhair do d'aire freisin gur tháinig easpa ceangail dhírigh de bharr na heaspa ceangail sin leis na príomhionaid fostaíochta ag an bPáirc Mhór agus ag Baile an Bhriotaigh
- Bheadh achair níos faide turais i gceist leis, agus níos lú féidearthachtaí turais ábhartha soir agus siar leis
- Ní éascódh sé soláthar an réitigh iompair idirmhódúil optamaigh
- Bhí drochthionchar aige ar shláine an láithreáin in SAC Loch Coirib de réir chinneadh na Cúirte Eorpaí in Sweetman v An Bord Pleanála
- Bhí an fhéidearthacht leis dul i bhfeidhm ar Abhainn Loch Inse, áit a bhfuiltear ar eolas fúithi Diúilicíní pearla fionnuisce a bheith le fáil le sruth inti
- Bhí tionchar suntasach aige ar Choimpléasc LON Phortach Mhaigh Cuilinn ó thaobh na hidrigeolaíochta agus na hidreolaíochta de, ag Tóin na Brocaí agus in aice le Loch Inse araon

- D'fhéadfadh tionchar mór a bheith aige ar an mbaol tuilte i bhfoisceacht Abhainn na Gaillimhe agus a tuilemhánna
- Bhí tionchar suntasach aige freisin ar chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachtachta cultúrtha de agus ar luach taitneamhachta ó thaobh Tírdhreacha agus Daoine de
- Bhí níos lú tionchar aige ar phobail agus taitneamhachtaí, ach ar chostas achair thurais níos faide agus féidearthachtaí turais d'ábharthacht níos lú idir oirthear agus iarthar
- Dhiúltaigh an Bord Pleanála do chead pleanála sa chuid den bhealach idir an N59 agus an R336, agus bheadh ailíniú malartach don chuid sin de dhíth dá réir, rud a bhreithnítear thíos, mar Rogha an Bhealaigh Chiain

Cé go mbeadh níos lú éadálacha agus scartálacha ar thithe cónaithe de dhíth le Rogha Bhealaigh GCOB 2006 i gcomparáid leis an N6 GCRR atá beartaithe, ní bhfuair an chuid thiar den bhealach cead pleanála, agus dá bhrí sin, níl na ceannacháin/scartálacha réadmhaoine ina léiriú cruinn ar na tionchair réadmhaoine a d'fhéadfadh tarlú i ndáiríre de bharr Rogha Bhealaigh GCOB 2006 modhnaithe/leasaithe, mar a pléadh thíos ar Rogha an Bhealaigh Chiain.

I gcás ar bith, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach – ar réamhthagairt ón Ard-Chúirt in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh maidir le cinneadh ABP chun faomhadh a cheadú i dtaca le cuid de GCOB 2006 – chun na críche go mbeadh drochthionchar ag an gcuid thoir ar shláine SAC Loch Coirib, agus nach bhféadfaí í a chur ar aghaidh dá réir de bhun Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga. De ghrá tagartha, tugtar sonraí iomlán na measúnachta ar rogha bhealaigh GCOB 2006 in Iarscríbhinn A.4.1.

Mar fhocal scoir, ba cheart a lua go gcuirtear ar fáil leis an N6 GCRR atá beartaithe freisin réiteach iompair níos fearr ar fhadhbanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus mórthimpeall uirthi, agus ceadaíonn sé d'fhás níos inbhuanaithe ar Ghaillimh i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus Éire 2040.

4.7.2.4 *Rogha an Bhealaigh Chiain*

Athchumrú de Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2006 is ea Rogha an Bhealaigh Cyan chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a d'ardaigh an Bord Pleanála nuair a dhiúltaigh sé an chuid thiar de Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2006. Léiríonn an rogha bhealaigh seo rogha bhealaigh GCOB 2006 soir ó Abhainn na Gaillimhe (i.e. faofa ag an mBord Pleanála in 2008) ach tá acomhal ilairde ar an N83 ag an bpointe trasna curtha leis. Leanann sé bealach malartach chuig GCOB 2006 siar ó Abhainn na Gaillimhe (i.e. ar dhiúltaigh ABP dó thiar in 2008) chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a d'ardaigh ABP (féach Pláta 4.16).

Tosaíonn sé ag an R336 siar ó Bhearna agus leanann sé soir ó thuaidh, ag coinneáil ó thuaidh ó Bhearna agus gabhann sé thar bhailte fearainn na Cloiche Scoilte, na hAille, an Chaoráin, Thóin na Brocaí agus Pháirc na Sceach sular dtrasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ar an taobh ó thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh. Leanann Rogha an Bhealaigh Chiain conair Rogha Bhealaigh GCOB 2006 ansin, ag taisteal soir ó thuaidh trí Mhionlach chuig Baile an Dúlaigh, agus soir ó dheas ansin chuig Cúil Each sula gcríochnaíonn sé ag an N6 atá ann faoi láthair.

Nascann Rogha an Bhealaigh Chiain an R336 le hacomhal timpealláin comhréidh tuairim is 2km siar ó Shráidbhaile Bhearna. Tá trí acomhal timpealláin chomhréidhe ann ansin, ag spásáil tuairim is 2km, ar an mbóthar idir Bearna agus Maigh Cuilinn, ar Bhóthar na Ceapaí agus ar Bhóthar Rathúin. Tá acomhal ilairde beartaithe ar an N59.

Soir ó Abhainn na Gaillimhe, tá acomhal ilairde ann le freastal ar an N84 díreach siar ón N84 i mbaile fearainn Bhaile an Dúlaigh, agus acomhal ilairde breise ar an N83 atá ann i bhfoisceacht Chlaí an Dá Mhíle. Nascann acomhal ilairde breise soir ó dheas ó Chúil Each Rogha an Bhealaigh Chiain leis an N6 atá ann.

Measadh Rogha an Bhealaigh Chiain a bheith ina bealach féideartha chun nasc a chur ar fáil leis an N83, N84, N59 agus an N6 atá ann, agus an leibhéal céanna nascachta á chur ar fáil dá réir aige leis na bóithre náisiúnta mar a cuireadh ar fáil leis na roghanna eile ar tugadh machnamh orthu.

Sa mheasúnacht tráchta do Rogha an Bhealaigh Chiaín baineadh leas as torthaí Rogha an Bhealaigh Ghlais agus as Rogha Bhealaigh GCOB 2006, a raibh an dá cheann acu samhaltaithe leis an tsamhail chéanna tráchta a úsáideadh ar gach sé rogha ar tugadh machnamh orthu mar chuid den phróiseas um roghnú bealaigh. Is comhionann an Bealach Cian agus Rogha an Bhealaigh Ghlais san iarthar, agus tá sé an-chosúil le Rogha an Bhealaigh Ghlais san oirthear ó thaobh na nascachta acomhal de, i.e. tá acomhal i Rogha an Bhealaigh Ghlais ag an N84, an N83 agus acomhal ag an gceangal leis an N6 atá ann faoi láthair.

Sa bhreis air sin, tá Rogha an Bhealaigh Chiaín comhchosúil ó thaobh faid de le Rogha Bhealaigh GCOB 2006 san oirthear ach níl an nascacht ag an N83 ag Rogha Bhealaigh GCOB 2006. Dá bhrí sin, bheadh na figiúirí tráchta do Rogha an Bhealaigh Chiaín idir an dá thacar torthaí, ach bheidís níos gaire do Rogha an Bhealaigh Ghlais de bharr acomhal breise a bheith á chur ar fáil ag an N83, agus is é an t-ailíniú ceannann céanna é agus atá le fáil siar ón abhainn.

Agus na AADTanna atá réamhthuartha don bhliain 2034 á gcur i gcomparáid leis na AADTanna arna réamhthuar don N6 GCRR atá beartaithe, - an bhliain dearaidh don N6 GCRR atá beartaithe in TMTT 2018, do Rogha an Bhealaigh Ghlais, as ar baineadh leas i measúnacht tráchta do Rogha an Bhealaigh Chiaín; tugtar faoiseamh níos mó leis na N6 GCRR atá beartaithe do na naisc ar an líonra bóithre atá ann faoi láthair. Is féidir a fheiceáil ón tábla seo de réir mar a fheabhsaíonn an nascacht leis an líonra atá ann leis an bhforbairt ó GCOB 2006 go dtí Rogha an Bhealaigh Ghlais go dtí an N6 GCRR atá beartaithe; go bhfeabhsaíonn an leibhéal aistrithe tráchta chuig an rogha, agus faoiseamh níos mó á chur ar fáil dá réir ar an líonra atá ann. Cé go léiríonn na sonraí an anailís tráchta do TMTT 2018, níl aon athrú ar thorthaí na measúnachta seo bunaithe ar an anailís tráchta nuashonraithe ar tugadh fíithi leis an TMTT nuashonraithe seo a fháil.

Is cuspóirí tionscadail uile iad baint an tráchta ó lár na cathrach, soláthar sráideanna uirbeacha níos sábháilte agus leithscaradh an tráchta ineachanta ó thrácht atá ag triall ar an gcathair. Tá feidhmíocht níos fearr le sonrú ag an N6 GCRR atá beartaithe ná Rogha an Bhealaigh Chiaín ó thaobh na tráchta de.

Cé go gcomhlíontar cuspóirí an tionscadail le Rogha an Bhealaigh Chiaín, thángthas ar na conclúidí seo a leanas faoina mheasúnú mar rogha indéanta eile:

- Bheadh tionchar suntasach aige ar shláine ghnáthóg Iarscríbhinn I, Pábháil aolchloiche [* 8240] laistigh de SAC Loch Coirib, agus dá réir sin bheadh drochthionchar aige ar shláine láithreáin SAC Loch Coirib de réir chinneadh na Cúirte Eorpaí
- Tionchar an-mhór aige ar chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachtachta cultúrtha de, agus ar an luach taitneamhachta ó thaobh Daoine de
- D'fhéadfadh tionchar mór a bheith aige ar an mbaol tuilte i bhfoisceacht Abhainn na Gaillimhe agus a tuilemhánna
- Is gné dhiúltach mhór é suíomh thrasbhealach dhroichead Abhainn na Gaillimhe ó thaobh an tionchair ar ithreacha & geolaíocht de bharr ithreacha boga & móna a bheith le fáil sa cheantar
- ó thaobh na socheacnamaíochta agus daoine de, tá roinnt éifeachtaí móra deighilte le sonrú ar phobail a bhaineann le Rogha an Bhealaigh Chiaín ag Páirc na Sceach agus ag Baile an Dúlaigh
- Cé go léirítear feabhsú beag sa mheasúnacht tráchta ar phlódú, le cur chun feidhme Rogha an Bhealaigh Chiaín i gcomparáid le Rogha Bhealaigh GCOB 2006 de bharr acomhal an N83 a bheith curtha leis, tá féidearthacht ann leis na roghanna bealaigh eile ar a ndearnadh measúnú de leibhéal níos mó faoisimh a chur ar fáil mar gheall ar nasc níos díri leis na príomhionaid fostaíochta sa Pháirc Mhór agus ag Baile an Bhriotaigh a chur san áireamh

Dá bhrí sin, bhain níos lú scartálacha/ceannachán le Rogha an Bhealaigh Chiaín i gcomparáid leis an N6 GCRR atá beartaithe (is é sin 38 i gcoinne 54 faoi seach), ní chuirfí an réiteach optamach iompair idirmhódúil ar fáil le Rogha an Bhealaigh Chiaín óir léiríodh sa samhltú tráchta nach dtabharfaí faoiseamh leis ar an leibhéal céanna leis an N6 GCRR atá beartaithe toisc nach n-aistreofaí ach méid níos ísle tráchta ón ionad uirbeach atá ann go dtí Rogha an Bhealaigh Chiaín. Dá thoradh sin, bheadh níos lú spáis bóithre scaoilte saor d'athdháileadh ar chóiracha níos inbhuanaithe amhail siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí. Ceadófar leis sin d'fhás níos inbhuanaithe ar Ghaillimh i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus Éire 2040.

Sa bhreis air sin, tar éis chinneadh na Cúirte Eorpaí faoi GCOB 2006, bheadh drochthionchair ann de bharr Rogha an Bhealaigh Chiaín (i dtéarmaí na coda thoir di) do shláine SAC Loch Coirib (Pábháil Aolchloiche) agus nach bhféadfaí é a chur ar aghaidh ach de bhun Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Ar mhaithe le tagairt a dhéanamh, tá sonraí iomlána na measúnachta ar Rogha an Bhealaigh Chiaín in Aguisín A.4.2.

4.7.2.5 Rogha Bhealaigh GCOB 2006 maille le Tollán

Le linn na héisteachta ó bhéal thiar in 2020¹⁶, tarraingíodh ceist anuas ar cheart machnamh a dhéanamh ar thollán le gnáthóg na pábhála aolchloiche a sheachaint ar leibhéal an dromchla laistigh de SAC Loch Coirib feadh líne Rogha Bhealaigh GCOB 2006 idir Bóthar Áth Cinn an N84 agus Abhainn na Gaillimhe. Rinneadh machnamh ar an rogha sin, ach níl Rogha Bhealaigh GCOB 2006 maille le Tollán ina rogha inmharthana ar na cúiseanna a thugtar thíos.

Bheadh fad an tolláin (comhdhéanta de tholláin dhéthollta) chun dul i ngleic leis na fadhbanna i ndáil leis an gcuid thoir de Rogha Bhealaigh GCOB 2006 sa bhreis ar 2km ar fhad, agus gearrthacha suntasacha isteach is amach ar thrastomhas 50m leis an gcairéal seolta a thógáil ag gach aon taobh.

Tá aolchloch charstach mar bhunsraith faoi chuid thoir na Rogha Bealaigh GCOB 2006, agus éadan carraige athraitheach agus córas casta hidrigeolaíochta le fáil sa limistéar, rud a chiallaíonn go mbeadh imscrúdú fairsing talún de dhíth chun aon tollán a dhéanamh sa suíomh sin feadh ailíniú an tolláin dhéthollta atá beartaithe le hindéantacht agus intógthacht an tolláin a fháil amach. Bheadh an fhéidearthacht ann i gcás imscrúdú talún den scála agus méid sin, ann féin, dul i bhfeidhm go diúltach ar shláine SAC Loch Coirib trí roinnt tollphollta agus toibreacha monatóireachta screamhuisce a thochailt.

Le linn na chéad chéimeanna de chéim phlé na roghanna, idir mí Aibreáin 2014 agus mí na Samhna 2014, i dteannta réamhstaidéir dheisce, rinneadh staidéar carstach (lenar áiríodh anailís ar ghrianghraif ón aer agus le satailít) le tuiscint bhreise a fháil ar an ngeomhoirfeolaíocht agus riosca carstach an cheantair. Rinneadh an staidéar carstach sin le suíomh na bhfoirmíochtaí talún carstacha a shainaithint, le béim faoi leith á cur ar na gnáthóga atá spleách ar uisce in Iarscríbhinn I.

Sainaithníodh sa staidéar carstach cúig phríomhghné charstacha a bhí nasctha le gnáthóga atá spleách ar uisce, is iad sin Loch Bhaile an Dúlaigh, Lochanna Chúil Each, Abhainn Thír Oileáin, Baile an Cheantaigh/Ollscoil na Gaillimhe agus Bogaigh Chúl an Oileáin agus ceithre thurlach aonair. Ba leis an staidéar sin freisin a fuarthas amach gur aduaidh atá sreabhadh an screamhuisce.

Tugadh faoi phiarmheasúnú ar an tollán i mí na Nollag 2014 in éineacht le foireann tollánaithe Arup London le tuiscint a fháil ar scála na hinnealtóireacht a bheadh i gceist le haon tollánú sna foirmíochtaí carraige atá le fáil i nGaillimh, san aolchloch soir ó Abhainn na Gaillimhe agus san eibhear siar ó Abhainn na Gaillimhe. Thug foireann an phiarmheasúnaithe cuair ar dhá chairéal aolchloiche as feidhm soir ó Abhainn na Gaillimhe, is iad sin Cairéal Leacaigh agus Cairéal Ghort an Chalaigh (tuairim is 1 km ó thuaidh ó Shráidbhaile Mhionlaigh) agus cairéal eibhir as feidhm ar Bhóthar Leitirí ag Tóin na Brocaí siar ó Abhainn na Gaillimhe. Cuireadh an-chuid faisnéise ábhartha ar fáil leis na cairéil sin, faoin gcineál ithreach, carraige agus láithreachta uisce ag a bhfuil tionchar bunúsach acu uile ar roghnú an mheaisín tollta tolláin, agus freisin le cinneadh a mhúnlú faoi cibé atá nó nach bhfuil an tollánú indéanta ag suíomh ar leith ar an gcéad dul síos. Ag brath ar dhálaí talún, úsáidtear teicnící difriúla, agus rinneadh athbhreithniú orthu sin i gcomhthéacs gheolaíochta an cheantair agus na srianta a bhaineann le gach teicníc.

Bunaithe ar (i) fhad an tolláin a bheidh de dhíth ag an suíomh sin, (ii) láithreachta na buncharraige carstaí (ag a bhfuil ceann carraige athraitheach), agus (iii) na hidrigeolaíochta casta agus gabhdóirí íogaire, suíodh go mbeadh Meaisín Tollta Tolláin (MTT) de dhíth ar an gcineál tollánaithe a bheadh ag teastáil feadh ailíniú Rogha Bhealaigh GCOB 2006.

¹⁶ https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/GCRR-4.03.34.13.1%20Response%20to%202006%20GCOB%20Q_Issue%201.pdf

Bheadh leibhéal an inbhéarta tolláin feadh ailíniú na Rogha Bealaigh GCOB 2006 ag leibhéal tuairim is (míneas) -10.00m AOD ag a phointe is ísle agus tuairim is 6m faoi bhun leibhéal an uisce d'Abhainn na Gaillimhe ag an tairseach thiar. De bharr chineál na ndálaí talún feadh ailíniú Rogha Bhealaigh GCOB 2006, bheadh tacaíocht ghníomhach don éadan ón MTT de dhíth le smacht a choinneáil ar aghaidh na tochairle d'fhonn turnamh a chosc agus ligean isteach an uisce a sheachaint. Tugtar tacaíocht ghníomhach don éadan cloiche le cothromaíocht an bhrú ón talamh nó le cothromaíocht an bhrú ón sciodar, ina gcuirtear polaiméir nó cúr le héadan an tolláin leis an mbrú idir carraig agus talamh a chothromú ar an éadan oibrithe.

Tá roghnú an chórais tacaíochta bunaithe ar an gcineál carraige á tolladh. Baineann dúshlán shuntasacha leis an aolchloch charstach, más ann di ag an suíomh sin, don tollánú, óir le tuaslagadh na carraige gintear pócaí agus cuasa le sreabhadh an uisce trí mhais na carraige. D'fhéadfadh na cuasa sin a bheith oscailte nó líonta le hábhar níos laige/smionagar le himeacht ama. Má dhéantar tollánú tríd an ábhar sin tá riosca suntasach ann go mbogfaí ábhar smionagair (rud a chruthódh poll slogaide leis an dromchla) nó go n-osclofaí conair dhraenála (rud a scaoilfeadh tuille isteach sa tollán). D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna suntasacha sin, chaithfí leas a bhaint as córas cothromaíochta brú le sciodar.

I gcás ailíniú Rogha Bhealaigh GCOB 2006, bheadh 380,000m³ d'eascairt sciodair/tolláin á tháirgeadh de bharr imlonnú an chórais sin.

Sa bhreis air sin, agus an tollán ag dul ar aghaidh feadh an fhaid 2km, chaithfí an tollán a léineáil le léineáil theascánach bhuan coincreíte réamhtheilgthe, rud a chiallaíonn ar imeacht don MTT, go gcaithfí é a dhíchóimeáil ag cairéal imeachta an chéad toill tolláin agus a iompar ar ais chuig an seoladh arís don dara toll nó é a dhíchóimeáil, a thiontú thart agus tollánú i bhfritreo feadh an dara toll. Beidh tochairle shuntasach i gceist le gach cás ag an tairseach seolta agus imeachta. Meastar go mbeidh trastomhas 50m ar a laghad ag an gcairéal sin le tochairle, dhíchóimeáil agus athchóimeáil a dhéanamh ann. Bheadh limistéar breise de dhíth le rampaí rochtana a chur ar fáil síos go dtí an cairéal agus aníos uaidh, móide láithreán oibre. Bheadh an t-achar iomlán a bheadh de dhíth ag gach cairéal tuairim is 15m ar leithead agus 100m ar fhad, agus ginfear méideanna móra créfoirt leis. Bheadh dúshlán mór ag baint leis sin ar dhálaí imeallacha talún timpeall ar Abhainn na Gaillimhe, agus bheadh féidearthacht an-mhór leis go mbeadh drochthionchair aige ar shláine SAC Loch Coirib.

Rinneadh athbhreithniú ar Chairéal Leacaigh freisin mar rogha fhéideartha d'ailíniú tolláin mar chuid den phiar-athbhreithniú sin. B'éard a bhí sa rogha ag an tráth úd, mí na Nollag 2014, ná tollán gearr (500m) ar fhad, ag taisteal síos le fána ón gcairéal i dtreo Abhainn na Gaillimhe faoi bhun chuid ghearr den Phábháil aolchloiche in SAC Loch Coirib. Ar bhonn topagrafach tá an tollán suite go hard i gcomparáid le hAbhainn na Gaillimhe, agus inbhéarta an tolláin ag +12.7m AOD. Tá codarsnacht lom idir sin agus na dálaí don tollánú feadh an ailíniú do Rogha Bhealaigh GCOB 2006. Ba í conclúid shoiléir an phiarmheasúnaithe go mbeadh Ilseoladán bóthair oiriúnach do thógáil an chineáil seo tolláin, i bhfianaise é a bheith gearr agus go maith os cionn an uiscechláir, agus nach mbeadh na fadhbanna suntasacha a aithníodh thuas ag baint leis i ndáil le haon tollánú feadh ailíniú Rogha Bhealaigh GCOB 2006 dá réir. Ní ghinfí leis an tollán 500m sin ach aon cheathrú de mhéid an ábhair ón rogha tolláin do Rogha Bhealaigh GCOB 2006. Thairis sin, d'fhéadfaí an t-ábhar tochairle sin a phróiseáil sa chairéal in aice láimhe dá athúsáid i dtógáil bóithre.

Agus machnamh á dhéanamh ar aschur na staidéar comhshaoil a bhí ar bun le linn chéim phlé na roghanna, agus an piarmheasúnú ar thollán á chur san áireamh, d'fhéach an fhoireann deartha innealtóireachta le fad an tolláin a íoslaghdú an oiread is féidir ar na roghanna de bharr scála na ndálaí anaithnide sa limistéar carstach ar thaobh thoir Abhainn na Gaillimhe agus tionchair fhéideartha na leibhéal screamhuisce agus na cáilíochta screamhuisce maille leis na rioscaí comhbhainteacha do ghnáthóga atá spleách ar uisce agus na ngnéithe carstacha laistigh de SAC Loch Coirib. Ba léir ag an gcéim sin, ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, nárbh fhéidir fad tolláin os cionn 2km a oibriú, agus go bhféadfadh sé féin drochthionchar ceart a fheidhmiú ar shláine SAC Loch Coirib seachas aon tionchar mar sin a chosc.

Tá fadhbanna suntasacha le cur san áireamh freisin le tollán chomh fada leis sin faoi cheanntaidil na hinbhuanaitheachta agus na barainneachta le linn na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin araon, rud a tháinig aníos le linn dheardh na dtollán atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. Go háirithe, i dtaca le tolláin níos faide, méadaíonn ceanglais sábháilteachta dóiteáin agus aerála an costas oibríochta agus an t-ídiú acmhainní leo ar bhealach suntasach.

Mar achoimre, níor cuireadh tollán ar aghaidh ar ailíniú Rogha Bhealaigh GCOB 2006 faoi mhéid na pábhála aolchloiche laistigh de SAC Loch Coirib ar na cúiseanna seo a leanas:

- d'fhéadfadh imscrúduithe talún tosaigh leis an tsamhail talún hidrigeolaíochta agus geolaíochta a mhúnlú drochthionchar a fheidhmiú ar shláine SAC Loch Coirib
- d'fhéadfadh fad suntasach tolláin i limistéar carstach a thógáil ina mbeadh dálaí hidrigeolaíocha ar fáil dul i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar shláine SAC Loch Coirib
- mhéadófaí go mór an tréimhse thógála dá mb'fhaide an tollán ná 2k ar fhad agus lorg mór foirgníochta ag an dá thairseach
- bheadh os cionn 380,000m³ de chartadh ginte ag fad an tolláin, rud a d'fhéadfadh gan a bheith oiriúnach dá athúsáid laistigh den N6 GCRR atá beartaithe
- ní réiteach inbhuanaithe é tollán den fhad sin, agus bheadh líon an-suntasach astaíochtaí breise carbóin i gceist leis le linn tógála agus oibríochtaí araon
- costais a bheadh fíorshuntasach de bharr cheanglais na sábháilteachta dóite agus na haerála a theastódh ó thollán dá fhad
- bheadh dúbláil na bhfoirgneamh cothabhála tollán de dhíth ar an athléimneacht
- os a choinne sin, chonacthas an deis le Cairéal Leacaigh úsáid a bhaint as éadan cairéil atá ann cheana le tógáil an tolláin a sheoladh, rud a mbeadh fad tolláin i bhfad níos giorra dá thoradh. Le linn Chéim 3 den Tionscadal, rinneadh imscrúdú mionsonraithe talún lasmuigh de SAC Loch Coirib, i gcomhréir leis an méid ar a dtugtar breac-chuntas thuas, i.e. tollphollta ingearacha ó leibhéal an dromchla síos chuig leibhéal an tolláin atá beartaithe feadh líne an N6 GCRR atá beartaithe, i gcomhar le tollpholl cothrománach a thochailt ó Chairéal Leacaigh feadh líne an tolláin. Ba le torthaí an imscrúdaithe talún sin a cumasaíodh giorrú breise ar an tollán chuig 230m. Go deimhin, tá an tollán sin chomh gearr sin is nach n-aicmeofaí mar thollán é faoi Chaighdeán an Aontais Eorpaigh, agus dá réir bheadh ceanglais sábháilteachta dóiteáin agus aerála níos ísle i gceist leis. Is rogha i bhfad níos inbhuanaithe í tollán den fhad sin

Bhí deis ag baint le bealach an N6 GCRR atá beartaithe, i gcodarsnacht le Rogha Bhealaigh GCOB 2006, le tollán gearr a chur ann. Bhíodhas in ann bealach an N6 GCRR atá beartaithe a fhorbairt ina réiteach an tráth sin, a chomhlíonann cuspóirí an tionscadail ar an mbealach is éifeachtaí, agus ní bheadh drochthionchar aige ar shláine SAC Loch Coirib, cé gur léir ar na cúiseanna a leagtar amach thuas go ndéanfaí an rud ceannann céanna le rogha tollánaithe ar ailíniú Rogha Bhealaigh GCOB 2006 agus a bhíodhas ag iarraidh a sheachaint, is é sin féidearthacht mhór ann drochthionchar a imirt ar shláine an SAC.

4.7.2.6 Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas – Gorm

Le 'Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas – Gorm' a léirítear ar Pláta 4.17, cuireadh rogha eile bhealaigh ar fáil lenár áiríodh Rogha an Bhealaigh Ghlais Chéim 2 ón R336 go dtí pointe trasnaithe Abhainn na Gaillimhe, agus an pointe trasnaithe san áireamh. Cheangail sé ansin le Rogha an Bhealaigh Ghoirm Chéim 2 sula ndeachaigh sé isteach i gCairéal Leacaigh agus lean sé slí Rogha an Bhealaigh Ghoirm Chéim 2 chuig an N6. Pléitear thíos breithmheas na rogha sin i gCuid 4.7.3.4 agus mionsonraítear in Aguisín A.4.3 í.

4.7.3 Breithmheas ar Roghanna Eile le haghaidh Thrasbhealaí Abhainn na Gaillimhe

4.7.3.1 Forléargas ar chúrsaí comhshaoil

Cuireadh breithmheas ar na roghanna bealaigh ar fad seo a leanas do na roghanna bótharbhunaithe a léiríodh thuas i gcrích:

- Rogha an Bhealaigh Dheirg Chéim 2
- Rogha an Bhealaigh Oráiste Chéim 2
- Rogha an Bhealaigh Bhuí Chéim 2

- Rogha an Bhealaigh Ghoirm Chéim 2
- Rogha an Bhealaigh Bhándeirg Chéim 2
- Rogha an Bhealaigh Ghlais Chéim 2
- N6 GCOB 2006
- Rogha an Bhealaigh Cyan
- Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas go Gorm

Roinneadh na bealaí ina dt trí chuid chun críche an bhreithmheasa. Léiríonn líne teorann Chathair na Gaillimhe an líne scoilte idir Cuid 1 agus 2 toisc gurb é sin an pointe ag a gcumasctar na roghanna bealaigh agus mar sin is féidir aistriú idir na roghanna bealaigh.

Rinneadh cuid Bhearna, i.e. an R336 go dtí teorainn Chathair na Gaillimhe (Cuid 1) a mheasúnú go neamhspleách lena chinntiú go mbainfear an réiteach is fearr amach do Bhearna. Cuimsíodh miondealú breise ag ceangal an N6 atá ann ag Cnoc Mhaoil Drise, Cúil Each chun comparáid a dhéanamh idir leaganacha amach an aomhail ag ceangal an N6 atá ann agus tugtar Cuid 3 air.

I Tábla 4.5 tugtar achoimre ar na tionchair fhéideartha chomhshaoil ar gach ceann de na roghanna bealaigh.

Tábla 4.5 Na Príomhthionchair Chomhshaoil Shuntasacha a d'Fhéadfadh a Bheith Ann

Rogha an Bhealaigh	Tionchair Shuntasacha ar an gComhshaoil
Rogha an Bhealaigh Dheirg Chéim 2	• Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Ceannaigh Réadmhaoine) thíos • Torann agus Creathadh/Aer agus Aeráid – Cumas chun Tógála • Daoine – Tionchair ar Phobail agus Cumas chun Tógála • Tírdhreach agus Amharc – Cumas chun Tógála • Seandálaíocht, Ailtireachta agus Oidhreacht Chultúrtha – láithreán seandálaíochta Rathúin • Pleanáil – Coinbhleacht agus fíis d'fhorbairt na cathrach agus ní ligtear do chathair cuspóirí eile a chur chun feidhme leis. • Innealtóireacht - Cumas chun Tógála • Éiceolaíocht – Ní cosúil go mbeidh drochthionchair aige ar shláine SAC Loch Coirib
Rogha an Bhealaigh Oráiste Chéim 2	• Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Ceannaigh Réadmhaoine) thíos • Éiceolaíocht – Ní cosúil go mbeidh drochthionchair aige ar shláine SAC Loch Coirib • Innealtóireacht agus ithreacha agus geolaíocht – Cumas chun tógála trí aolchloch agus cloch eibhir • Dramhaíl fhéideartha na tógála i ngeall ar thógáil an tolláin atá beartaithe • Tionchair fhéideartha hidrigeolaíochta agus tionchair indíreacha éiceolaíochta dá réir sin
Rogha an Bhealaigh Bhuí Chéim 2	• Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Ceannaigh Réadmhaoine) thíos • Daoine – Tionchair ar Phobail • Éiceolaíocht – Is cosúil go mbeidh drochthionchair aige ar shláine SAC Loch Coirib
Rogha an Bhealaigh Ghoirm Chéim 2	• Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 thíos agus tionchair fhéideartha ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe, ar Ráschúrsa na Gaillimhe agus ar Phlandlanna an Daingin • Éiceolaíocht – Ní cosúil go mbeidh drochthionchair aige ar shláine SAC Loch Coirib
Rogha an Bhealaigh Bhándeirg Chéim 2	• Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Éadála Réadmhaoine) thíos agus tionchair fhéideartha ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe, ar Ráschúrsa na Gaillimhe agus ar Phlandlanna an Daingin • Éiceolaíocht – Ní cosúil go mbeidh drochthionchair aige ar shláine SAC Loch Coirib
Rogha an Bhealaigh Ghlais Chéim 2	• Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Ceannaigh Réadmhaoine) thíos • Daoine – pobail Mhionlaigh, Chill Uachtair, Bhaile an Dúlaigh agus Pháirc na Sceach

Rogha an Bhealaigh	Tionchair Shuntasacha ar an gComhshaol
	- Tírdhreach agus Amharc - Caisleán Mhionlaigh, pobail Mhionlaigh, Chill Uachtair agus Bhaile an Dúlaigh - Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha – Caisleán Mhionlaigh agus Sráidbhaile Mhionlaigh - Éiceolaíocht – Is cosúil go mbeidh drochthionchair aige ar shláine SAC Loch Coirib
N6 GCOB 2006	- Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Ceannaigh Réadmhaoine) thíos. - Tírdhreach agus Amharc - Caisleán Mhionlaigh - Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha – Caisleán Mhionlaigh - Daoine – Caisleán Mhionlaigh i gcomhthéacs luach taitneamhachta - Éiceolaíocht – drochthionchar ar shláine láithreáin SAC Loch Coirib de réir chinneadh na Cúirte Eorpaí, an fhéidearthacht go mbeidh tionchar aige ar Abhainn Loch Inse arb eol go bhfuil Diúilicíní péarla fionnuisce le sruth inti, tionchar suntasach ar NHA Choimpléasc Phortach Mhaigh Cuilinn ó thaobh hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta de ag Tóin na Brocaí agus i bhfoisceacht Loch Inse araon
Rogha an Bhealaigh Cyan	- Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Ceannaigh Réadmhaoine) thíos - Tírdhreach agus Amharc - Caisleán Mhionlaigh - Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha – Caisleán Mhionlaigh - Daoine – Caisleán Mhionlaigh i gcomhthéacs luach taitneamhachta - Éiceolaíocht – drochthionchar ar shláine láithreáin SAC Loch Coirib de réir chinneadh na Cúirte Eorpaí
Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas go Gorm	- Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta – féach Tábla 4.6 (Measúnú Ceannaigh Réadmhaoine) thíos - Tírdhreach agus Amharc - Caisleán Mhionlaigh - Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha – Caisleán Mhionlaigh - Daoine – Caisleán Mhionlaigh i gcomhthéacs luach taitneamhachta - Éiceolaíocht – tionchair fhéideartha mar gheall ar dhroichead Abhainn na Gaillimhe

Rinneadh measúnú comparáideach ar cheannach na réadmhaoine ar gach ceann de na roghanna thuas chomh maith agus tá sé léirithe i Tábla 4.6 thíos, agus tá an líon roinnte sna trí chuid ábhartha.

Tábla 4.6 Measúnú ar Scartáil Réadmhaoine – Céim Roghnaithe Bealaí

Rogha an Bhealaigh	Ceannacháin Chónaithe			Ceannacháin Tráchtála			Iomlán
	Cuid 1	Cuid 2	Cuid 3	Cuid 1	Cuid 2	Cuid 3	
Dearg	14	73	7	0	19	0	113
Oráiste	14	32	7	0	9	0	62
Buí	2	97*	7	0	11	0	117
Gorm	6	42	6	0	6	0	60
Bándearg	3	42	1	0	6	0	52
Glas	17	54	5	0	10	0	86
2006 GCOB	<i>Tabhair de d'aire nach bhfuil roinnt ranna comhionann ar GCOB 2006, agus tá roghanna eile ann lena mbaintear amach cuspoirí an tionscadail ar bhealach níos fearr ná GCOB 2006.</i>						10
Cian**	16	25	0	0	0	0	41
Rogha an Bhealaigh Aistrithe Glas - Gorm	17	62	6	0	2	0	87

Rogha an Bhealaigh	Ceannacháin Chónaithe			Ceannacháin Tráchtála			Iomlán
	Cuid 1	Cuid 2	Cuid 3	Cuid 1	Cuid 2	Cuid 3	
An Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar	2	42	1	0	6	0	51
N6 GCRR	9	43	2	0	7	0	61

*Is ionann bloc árasán agus 37 ceannachán cónaithe

** Is athchumrú ar Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 chun cuspóirí na scéime reatha a bhaint amach atá i gceist le Rogha an Bhealaigh Chian

4.7.3.2 Breithmheas GCOB 2006

Léiríodh in anailís iomlán go bhfuil roghanna eile ann lena mbaintear amach cuspóirí an tionscadail ar bhealach níos fearr chun freastal ar an éileamh taistil atá ann seachas Rogha Bhealaigh GCOB 2006 agus nach bhfuil tionchar acu ar shláine SAC Loch Coirib. Nuair a chuireann tú i gcomparáid leis na criosanna forbartha rogha é i.e. limistéir ina bhféadfaí roghanna ó dhearcadh an duine agus na héiceolaíochta faoi seach de a fhorbairt, ba léir go raibh Rogha Bhealaigh GCOB 2006 lonnaithe lasmuigh de na criosanna sin thar fhorhmór a fhaid.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur síneadh teorainn SAC Loch Coirib tar éis gur cuireadh isteach an t-iarratas ar phleanáil le haghaidh Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 chuig an mBord Pleanála, a raibh mar thoradh air go bhfuil achar níos mó de Rogha Bhealaigh GCOB 2006 ag trasnú trí SAC Loch Coirib agus go raibh tionchar níos mó aige dá réir sin ar a shláine ná mar a réamh-mheasadh i dtosach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta maidir le Cuarbóthar Chathair na Gaillimhe 2006.

Cé go raibh an líon ba lú e cheannacháin réadmhaoine i gceist le GCOB 2006, ní léirítear leis sin go cruinn na tionchair réadmhaoine a d'fhéadfadh tarlú i gceart de bharr Rogha Bhealaigh modhnaithe/leasaithe um GCOB 2006 chun an chuid thiar a chur ar fáil. Faoi mar a luadh roimhe, ní bhfuarthas cead pleanála ón mBord Pleanála don chuid thiar mar gheall ar na tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol i limistéar pNHA Phortach Thóin na Brocaí.

Dá bhrí sin, ní chuirfeadh GCOB 2006 an réiteach iompair idirmhodúil optamach ar fáil mar go léirítear i múnú tráchtála leathan nach gcuirfeadh sé faoiseamh ar fáil don phlódú chuig an leibhéal céanna le roghanna eile bótharbhunaithe.

Anuas air sin, maidir le GCOB 2006:

- Ní chuirtear nasc ar fáil ann le Bóthar Thuama an N83, bóthar náisiúnta, dá bhrí sin cuireann sé leibhéal níos lú nascachta ar fáil
- Ní sholáthródh sé nasc ar bith leis na príomhionaid fostaíochta ag an bPáirc Mhór agus Baile an Bhriotaigh agus, dá bhrí sin, ní sholáthraíonn sé ach an faoiseamh is lú ar an mbrú tráchtála atá ann ag achair thoir na cathrach
- Bheadh drochthionchar aige ar shláine láithreáin SAC Loch Coirib de réir chinneadh na Cúirte Eorpaí
- Bheadh an fhéidearthacht ann go mbeadh tionchar aige ar Abhainn Loch Inse ina bhfuil diúilicín pearla fionnuisce le sruth
- Bheadh tionchar suntasach aige ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ó thaobh na hidrigeolaíochta agus na hidreolaíochta de ag Tóin na Brocaí agus i gcóngarach Loch Inse
- Bheadh tionchar suntasach aige freisin ar chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachtála cultúrtha agus ar luach conláiste ó thaobh Daoine de
- Níl an oiread tionchar aige ar phobail ná conláistí agus feabhsúchán foriomlán ar an leibhéal deighilte a bheadh i gceist, ach bheadh amanna turais níos faide agus níos lú féidearthachtaí turas ábhartha idir an t-oirthear agus an t-iarthar mar thoradh air

Níor cuireadh GCOB 2006 ar aghaidh a thuilleadh ar na cúinsí sin.

Tugtar sonraí iomlána na measúnachta ar rogha bhealaigh GCOB 2006 in Iarscríbhinn A.4.1.

4.7.3.3 Breithmheas ar Rogha an Bhealaigh Chiain

Mar is féidir a fheiceáil ó Tábla 4.6, tá níos mó éadálacha réadmhaoine ag gabháil le Rogha an Bhealaigh Chiain ná mar atá le GCOB 2006, mar thoradh ar rogha bhealaigh eile ar an taobh thiar chun na tionchair ar an gcomhshaol a sainaithníodh i gcinneadh níos luaithe an Bhoird Pleanála a íoslaghdú, mar aon le hAcomhal Bhóthar Thuama an N83 a cuireadh leis. Ní thabharfadh Rogha an Bhealaigh Chiain an réiteach iompair idirmhóduil is fearr mar léirítear le samhaltú fairsing tráchta nach dtabharfadh sé faoiseamh ar an mbrú tráchta go dtí an leibhéal céanna le roghanna bótharbhunaithe eile. Anuas air sin, maidir le Rogha an Bhealaigh Chiain:

- Ní sholáthródh sé nasc díreach ar bith leis na príomhionaid fostaíochta ag an bPáirc Mhór agus Baile an Bhriotaigh agus, dá bhrí sin, ní sholáthródh sé ach an faoiseamh is lú ar an mbrú tráchta atá ann ag achair thoir na cathrach
- Bheadh drochthionchar aige ar shláine láithreáin SAC Loch Coirib de réir chinneadh na Cúirte Eorpaí
- Bheadh tionchar suntasach aige freisin ar chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachtachta cultúrtha agus ar luach conláiste ó thaobh Daoine de

Dá bhrí sin, ní dheachthas ar aghaidh le Rogha an Bhealaigh Chiain.

Tugtar sonraí iomlána na measúnachta ar rogha an bhealaigh Chiain in Iarscríbhinn A.4.2.

4.7.3.4 Breithmheas ar Rogha an Bhealaigh Aistrithe Glas - Gorm

Sholáthair an rogha bhealaigh sin rogha eile chun Abhainn na Gaillimhe a thrasnú, lenar nascadh Rogha an Bhealaigh Ghlais siar ón abhainn le Rogha an Bhealaigh Ghoirm soir ón abhainn agus bhí an buntáiste leis gur seachnaíodh na tionchair ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe agus gur laghdaíodh na tionchair dhíreacha ar limistéar an Daingin siar ó Abhainn na Gaillimhe agus gur seachnaíodh Sráidbhaile Mhionlaigh soir ó Abhainn na Gaillimhe.

Léiríodh an méid seo a leanas i measúnú ar rogha am bhealaigh sin:

- Go mbeadh tionchar níos mó ag an nasc idir Rogha an Bhealaigh Ghlais agus Ghoirm Chéim 2 ag Mionlach ar Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachtachta ailtireachta agus cultúrtha (tionchar mór) agus ó thaobh an tírdhreacha agus amhairc agus luach taitneamhachta an duine de ná mar a bhí ag Rogha an Bhealaigh Ghlais agus Rogha an Bhealaigh Ghoirm nuair a breithníodh astu féin iad
- Bheadh an tionchar díreach ar réadmhaoín chónaithe maidir le rogha eile an bhealaigh seo níos mó chomh maith agus baineann an líon is airde ceannachán réadmhaoine leis nuair a chuirtear i gcomparáid é le Rogha an Bhealaigh Ghoirm nó Rogha an Bhealaigh Ghlais nuair a breithníodh astu féin iad
- D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an rogha seo ar an riosca tuile i gcomharsanacht Abhainn na Gaillimhe agus ina tuilemhánna
- I ngeall ar láithreachtaí ithreacha boga agus móna, bheadh suíomh thrasnú Dhroichead Abhainn na Gaillimhe an-diúltach ó thaobh ithreacha agus na geolaíochta de
- Bheadh tionchair shuntasacha mar thoradh ar an rogha bhealaigh sin ar leas cáilitheach ghnáthóg SAC Loch Coirib (Eanach alcaileach) ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe i SAC Loch Coirib agus bheadh drochthionchar aige ar shláine SAC Loch Coirib
- Bheadh an seans ann chomh maith go ndéanfaidh rogha an bhealaigh sin an méid is mó damáiste maidir le daonra áitiúil na gCrua-ialtóg ag cur san áireamh a ghaireacht do Chaisleán Mhionlaigh agus don phríomhlimistéar sealgaireachta

Ar na cúinsí sin, níor cuireadh Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas – Gorm ar aghaidh a thuilleadh.

Tugtar sonraí iomlána na measúnachta ar Rogha an Bhealaigh Aistrithe Glas-Gorm in Iarscríbhinn A.4.3.

4.7.3.5 Breithmheas ar Roghanna Bealaigh Eile

Rinneadh gach ceann de roghanna eile an bhealaigh a aicmiú de réir a dtionchar maidir le gach disciplín comhshaoil faoi mar a leanas: Is Dealraithí (D), Idirthréimhseach (I), agus Is Lú Dealraitheach (LD). Úsáidtear na téarmaí sin chun measúnú comparáideach a dhéanamh ar roghanna bealaigh i gCuid 1, Cuid 2 nó Cuid 3 agus níor cheart an chiall a bhaint astu go bhfuil comparáid á déanamh idir suntasacht na dtionchar idir na codanna sin. Mar shampla, de bhua go dtrasnaíonn na roghanna bealaigh i gCuid 2 láithreán Eorpach agus nach dtrasnaíonn siad láithreán Eorpach i gCuid 1, is cosúil go mbeidh tionchar i bhfad níos mó ar an timpeallacht éiceolaíoch ag rogha (roghanna) an bhealaigh dá dtugadh rangú LD i gCuid 2 le haghaidh na héiceolaíochta ná mar a bheidh ag rogha (roghanna) an bhealaigh dá dtugadh rangú LD i gCuid 1.

Sa rangú foriomlán maidir le gach rogha bhealaigh i gcomhthéacs an chomhshaoil cuireadh an rangú is dealraithí, idirthréimhseach agus is lú dealraitheach san áireamh. Le linn phróiseas an mheasúnaithe sainaithníodh *Daoine, Éiceolaíocht, Tírdhreach agus Amharc, agus Sócmhainní Ábhartha* mar dhisciplíní lenar bhain príomhshrianta suntasacha. Mar shampla, bhí na tionchair ar fad ar dhaoine amhail pobail agus ceannacháin réadmhaoine cónaithe agus na tionchair ar fad ar an éiceolaíocht amhail láithreáin Eorpacha ina bpríomhshrianta suntasacha a raibh gá lena mbreithniú tuilleadh sa phróiseas cinnteoireachta. Dá bhrí sin, léirítear na disciplíní sin i geló Iodálach sna táblaí achomair agus tugtar “príomhdhisciplíní comhshaoil” orthu thíos.

Cuid 1

Is é Rogha an Bhealaigh Bhuí an rogha is dealraithí ar an iomlán le haghaidh Chuid 1. Tá cúig rangú is dealraithí, cúig rangú idirthréimhseacha agus dhá rangú is lú dealraitheach aige. As na cúig rangú is dealraithí, baineann trí cinn díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil. As an dá rangú is lú dealraithí, bhí ceann díobh sin ina phríomhdhisciplín comhshaoil (éiceolaíocht), ach faoi mar a sonraíodh thuas, trasnaíonn roghanna bealaigh i gCuid 2 láithreán Eorpach agus ní thrasnaíonn siad láithreán Eorpach i gCuid 1, dá réir sin níl na srianta éiceolaíocha i gCuid 1 chomh suntasach leis na cinn i gCuid 2. Tá an rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Bhuí.

Tugadh rangú Idirthréimhseach ar an iomlán do Rogha an Bhealaigh Bhándeirg le haghaidh Chuid 1. Tá rangú amháin is dealraithí, seacht rangú idirthréimhseacha agus ceithre rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Bhándeirg. Níl príomhdhisciplín comhshaoil ar bith ag Rogha an Bhealaigh Bhándeirg lena mbaineann rangú is dealraithí nó is lú dealraitheach.

Tugadh rangú Idirthréimhseach ar an iomlán do Rogha an Bhealaigh Ghoirm le haghaidh Chuid 1 chomh maith. Tá rangú amháin is dealraithí, sé rangú idirthréimhseacha agus cúig rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Ghoirm. As an gcúig rangú is lú dealraitheach, bhain ceann amháin díobh le príomhdhisciplín comhshaoil (tírdhreach agus amharc). Níl rangú is dealraithí le haghaidh príomhdhisciplín comhshaoil ag an rogha bhealaigh seo.

Tugadh rangú Is Lú Dealraitheach ar an iomlán do Roghanna an Bhealaigh Dheirg, Oráiste agus Ghlais le haghaidh Chuid 1.

Tá sé rangú is dealraithí, dhá rangú idirthréimhseacha agus ceithre rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Dheirg. As na ceithre rangú is lú dealraitheach, baineann trí cinn díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil. Tá seacht rangú is dealraithí, aon rangú idirthréimhseach agus ceithre rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Oráiste.

As na ceithre rangú is lú dealraitheach, baineann trí cinn díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil. Tá rangú amháin is dealraithí, cúig rangú idirthréimhseacha agus sé rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Ghoirm. As na sé rangú is lú dealraitheach, baineann trí cinn díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil.

Mar fhocal scoir, is é Rogha an Bhealaigh Bhuí an rogha is dealraithí le haghaidh Chuid 1.

Cuid 2

Is é Rogha an Bhealaigh Oráiste agus Rogha an Bhealaigh Bhándeirg na roghanna is dealraithí ar an iomlán le haghaidh Chuid 2. Tugadh rangú idirthréimhseach ar an iomlán do Rogha an Bhealaigh Ghoirm le haghaidh Chuid 2. Tugadh rangú is lú dealraitheach ar an iomlán do Roghanna an Bhealaigh Dheirg, Bhuí agus Ghlais le haghaidh Chuid 2. Tá tuilleadh plé déanta thíos ar an rangú foriomlán.

Lena chois sin, ag cur san áireamh gurb é SAC Loch Coirib ceann de na srianta is suntasaí i gCuid 2, déantar plé níos mine ar rangú éiceolaíochta thíos chomh maith.

Rogha an Bhealaigh Oráiste

Tugadh rangú is dealraithí do Rogha an Bhealaigh Oráiste le haghaidh Chuid 2. Tá an líon is airde den rangú is dealraithí (sé cinn), dhá rangú idirthréimhseacha agus ceithre rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Oráiste. As na ceithre rangú is lú dealraitheach, níl ceann ar bith díobh ina príomhdhisciplíní comhshaoil. Cuimsítear i Rogha an Bhealaigh Oráiste tollán 3.5km agus dá bhrí sin ní imrítear tionchar díreach ar a lán de na srianta comhshaoil, dá bhrí sin níor tugadh rangú is dealraithí ar an iomlán ina leith.

Is é Rogha an Bhealaigh Oráiste an rogha bhealaigh is dealraithí ón taobh éiceolaíoch de toisc go seachnaíonn sé tionchair dhíreacha ar SAC Loch Coirib agus toisc go bhfuil achar suntasach de rogha an bhealaigh seo ar líne nó faoi thalamh den chuid is mó, tá a thionchar ar a lán de na gabhdóirí éiceolaíocha eile a sainathnóidh laistigh de limistéar staidéir na scéime laghdaithe.

Ba cheart a thabhairt faoi deara cé go seachnaíonn an tollán tionchair dhíreacha ar na srianta comhshaoil go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeadh tionchar indíreach ag tollán 3.5km ar screamhuisce nó ar ghnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce laistigh de SAC Loch Coirib agus SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Rogha an Bhealaigh Bhándeirg

Tugadh rangú is dealraithí do Rogha an Bhealaigh Bhándeirg le haghaidh Chuid 2 chomh maith. Tá an dara líon is airde den rangú is dealraithí (ceithre), sé rangú idirthréimhseacha agus dhá rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Bhándeirg. As an dá rangú is lú dealraitheach, níl ceann ar bith díobh ina bpríomhdhisciplíní comhshaoil. As an rangú is dealraithí, tá ceann amháin díobh ina príomhdhisciplín comhshaoil (Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta). Tá an líon is lú den rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Bhándeirg agus na disciplíní comhshaoil ar fad á gcur san áireamh.

Tá rangú idirthréimhse tugtha do Rogha an Bhealaigh Bhándeirg ón taobh éiceolaíoch de i gCuid 2.

Tá Rogha an Bhealaigh Bhándeirg agus Rogha an Bhealaigh Ghoirm cosúil lena chéile ón taobh na héiceolaíochta de mar cé go seachnaíonn siad tionchair dhíreacha ar bith ar ghnáthóga Iarscríbhinn I laistigh de theorainn SAC Loch Coirib, beidh caillteanas gnáthóg go pointe áirithe laistigh den láithreán ainmnithe mar thoradh orthu. Tá lorg níos mó ag baint le Rogha an Bhealaigh Bhándeirg ná mar atá le Rogha an Bhealaigh Ghoirm laistigh the SAC Loch Coirib agus tá tionchar níos mó aige ná mar atá ag Rogha an Bhealaigh Ghoirm ar ghnáthóg Iarscríbhinn I ar an iomlán sa chuid seo.

Rogha an Bhealaigh Ghoirm

Tugadh rangú idirthréimhseach ar an iomlán do Rogha an Bhealaigh Ghoirm le haghaidh Chuid 2. Tá rangú amháin is dealraithí, seacht rangú idirthréimhseacha agus ceithre rangú is lú dealraitheach ag baint leis. As na ceithre rangú is lú dealraitheach, baineann ceann amháin díobh le príomhdhisciplín comhshaoil (tírdhreach agus amharc). Níl rangú is dealraithí le haghaidh príomhdhisciplín ag an rogha bhealaigh seo.

Tá rangú idirthréimhseach tugtha do Rogha an Bhealaigh Ghoirm ón taobh éiceolaíoch de i gCuid 2. Tá Rogha an Bhealaigh Ghoirm beagáinín níos dealraithí ná Rogha an Bhealaigh Bhándeirg i ngeall ar a lorg níos lú laistigh the SAC Loch Coirib agus an tionchar níos lú atá aige ná mar atá ag Rogha an Bhealaigh Bhándeirg ar ghnáthóg Iarscríbhinn I ar an iomlán sa chuid seo.

Mar sin féin, tharla tionchair dhiúltacha eile do dhisciplíní comhshaoil eile do Rogha an Bhealaigh Ghoirm, mar shampla tionchair na Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta ar Shaoráid Caitheamh Aimsire Ollscoil na Gaillimhe agus ar réadmhaoin tráchtála eile sa chomharsanacht agus tionchair Tírdhreacha agus Amhairc.

Rogha an Bhealaigh Dheirg

Tugadh rangú is lú dealraitheach ar an iomlán do Rogha an Bhealaigh Dheirg le haghaidh Chuid 2. Tá trí rangú is dealraithí, rangú amháin idirthréimhseach agus ocht rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Dheirg. As na hocht rangú is lú dealraitheach, baineann trí cinn díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil. Tá rangú is dealraithí amháin le haghaidh príomhdhisciplín (Éiceolaíocht) ag an rogha bhealaigh seo.

Tá rangú is dealraithí tugtha do Rogha an Bhealaigh Dheirg ón taobh éiceolaíoch de i gCuid 2. Tá Rogha an Bhealaigh Dheirg ar cheann de na roghanna bealaigh lena mbaineann an tionchar foriomlán is lú ar SAC Loch Coirib, an tionchar is lú ar ghnáthóga Iarscríbhinn I as na roghanna bealaigh ar fad agus, de bhua go bhfuil siad ar líne den chuid is mó, is cosúil go mbeidh an tionchar is lú aige ar fhorhmór na ngabhdóirí éiceolaíocha eile.

Cé go bhfuil Rogha an Bhealaigh Dheirg dealraithe don éiceolaíocht, tugadh rangú Is Lú Dealraitheach ar an iomlán ina leith mar gur sainaithníodh tionchair fhéideartha shuntasacha/throma ar Rogha an Bhealaigh Dheirg maidir leis an tírdhreach agus amharc, seandálaíocht agus oidhreacht, sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta agus daoine. Tarlaíonn tionchair dhiúltacha eile do dhisciplíní comhshaoil eile amhail ithreacha agus geolaíocht, aer agus aeráid, pleanáil agus torann agus creathadh. Ciallaíonn tionchar carnach na dtionchar diúltach suntasach/trom eile a tharlaíonn do na disciplíní comhshaoil eile gur tugadh rangú is lú dealraitheach ar an iomlán don rogha bhealaigh sin.

Rogha an Bhealaigh Bhuí

Tugadh rangú is lú dealraitheach ar an iomlán do Rogha an Bhealaigh Bhuí le haghaidh Chuid 2. Tá rangú amháin is dealraithí, ceithre rangú idirthréimhseacha, rangú amháin idirthréimhseach/is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Bhuí. As na sé rangú is lú dealraitheach, baineann ceithre cinn díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil.

Tugtar rangú is lú dealraitheach do Rogha an Bhealaigh Bhuí ón taobh éiceolaíoch de i gCuid 2 toisc gurb é an rogha bhealaigh is mó seans a bheidh tionchar aige ar leasanna cáilitheacha (QI) ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de SAC Loch Coirib. Fuarthas gur cosúil go mbeidh drochthionchair mar thoradh ar Rogha an Bhealaigh Bhuí ar shláine SAC Loch Coirib.

Rogha an Bhealaigh Ghlais

Tugadh rangú is lú dealraitheach ar an iomlán do Rogha an Bhealaigh Ghlais le haghaidh Chuid 2. Tá rangú amháin is dealraithí, ceithre rangú idirthréimhseacha agus seacht rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Ghlais. As na seacht rangú is lú dealraitheach, baineann trí cinn díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil.

Tugtar rangú is lú dealraitheach do Rogha an Bhealaigh Ghlais ón taobh éiceolaíoch de i gCuid 2 toisc gur cosúil go mbeidh tionchair dhíreacha aige ar leasanna cáilitheacha (QI) ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de SAC Loch Coirib ach go mbeidh níos lú tionchar díreach aige ná mar atá ag Rogha an Bhealaigh Bhuí mar thoradh air. Fuarthas gur cosúil go mbeidh drochthionchair mar thoradh ar Rogha an Bhealaigh Ghlais ar shláine SAC Loch Coirib.

Mar fhocal scoir, is é Rogha an Bhealaigh Oráiste agus Rogha an Bhealaigh Bhándeirg na roghanna is Dealraithí don Bhreithmheas Comhshaoil le haghaidh Chuid 2. Tá rangú idirthréimhseach tugtha do Rogha an Bhealaigh Ghoirm agus tá rangú is lú dealraitheach tugtha do Roghanna an Bhealaigh Dheirg, Bhuí agus Ghlais le haghaidh Chuid 2.

Cuid 3

Tá líon comhchosúil den rangú is dealraithí, idirthréimhseach agus is lú dealraitheach ag na roghanna bealaigh go léir ach is é Rogha an Bhealaigh Bhándeirg an rogha is dealraithí le haghaidh Chuid 3. Tá cúig rangú is dealraithí, dhá rangú idirthréimhseacha agus cúig rangú is lú dealraitheach aige. As na cúig rangú is dealraithí, baineann dhá cheann díobh le príomhdhisciplíní comhshaoil (tírdhreach agus amharc agus sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta). As an gcúig rangú is lú dealraitheach, baineann ceann amháin díobh le príomhdhisciplín comhshaoil (comhshaoil), ach níl na tionchair éiceolaíocha i gCuid 3 ar láithreán Eorpach. Tugtar rangú idirthréimhseach do gach rogha bhealaigh eile mar go bhfuil siad go léir mar an gcéanna maidir leis an rangú is dealraithí, idirthréimhseach agus is lú dealraitheach.

Mar fhocal scoir, is é Rogha an Bhealaigh Bhándeirg an rogha is dealraithí le haghaidh Chuid 3.

4.7.3.6 *Conclúid an bhreithmheasa*

Tá achoimre fhoriomlán ar an rangú maidir leis an mbreithmheas innealtóireachta, comhshaoil agus eacnamaíoch do gach ceann de na roghanna eile a breithníodh curtha i láthair i Tábla 4.7 thíos, lena n-áirítear na cinn a cuireadh as an áireamh toisc go raibh siad dodhéanta nó nár chomhlíon siad cuspóirí an tionscadail faoi mar atá léirithe i gCodanna 4.4, 4.5, 4.6 agus 4.7.1, chun críche comparáide amháin.

Is ionann an rangú maidir le Roghanna an Bhealaigh Dheirg, Oráiste, Bhuí, Ghoirm, Bhándeirg agus Ghlais i Tábla 4.7 agus an rangú le haghaidh Chuid 2 de na roghanna bealaigh sin, i.e. an fad ó theorainn na cathrach ag Bearna go dtí an ceangal leis an N6 atá ann ag Cúil Each mar gurb é seo an chuid is inchoimparáide leis na roghanna eile ar fad. Tábla 4.8 agus Tábla 4.9 thíos léirítear an breithmheas le haghaidh Chuid 1 agus Chuid 3 de na roghanna bealaigh sin astu féin.

Le linn phróiseas an mheasúnaithe sainaithníodh *Daoine, Éiceolaíocht, Tírdhreach agus Amharc, agus Sócmhainní Ábhartha* mar dhisciplíní lenar bhain príomhshrianta suntasacha. Mar shampla, bhí na tionchair ar fad ar dhaoine amhail pobail agus ceannacháin réadmhaoine cónaithe agus na tionchair ar fad ar an éiceolaíocht amhail láithreáin Eorpacha ainmnithe ina bpríomhshrianta suntasacha a raibh gá lena mbreithniú tuilleadh sa phróiseas cinnteoireachta. Dá bhrí sin, léirítear na disciplíní sin i gcló Iodálach sna táblaí thíos.

Tábla 4.7 Breithmheas ar Mhaitris na Roghanna Eile – Ar an Iomlán

Roghanna Eile	Dada a Dhéanamh	Íosmhéid a Dhéanamh	Iompar Poiblí Amháin	Rogha Bhealaigh Loch Coirib	Rogha Bhealaigh an Chósta	Tollán thar Achair an Tionscadail	Rogha Bhealaigh 2006	Rogha an Bhealaigh Cyan	Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas – Gorm	Rogha an Bhealaigh Dheirg	Rogha an Bhealaigh Oráiste	Rogha an Bhealaigh Bhuí	Rogha an Bhealaigh Ghoirín	Rogha an Bhealaigh Bhándeirg	Rogha an Bhealaigh Ghlais
Innealtóireacht															
Fad	Cuireadh Dada a Dhéanamh as áireamh agus ní dhearnadh breithmheas air toisc nach fíor-rogha é ag cur san áireamh go bhfuil tionscadail eile á gcur ar aghaidh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe	I	Ní chomhlíonann Iompar Poiblí Amháin cuspóirí an tionscadail nuair a chuirtear chun feidhme as féin é agus ní dhearna breithmheas air as féin. Coimeádadh é, áfach, mar chuid den réiteach iompair foriomlán.	LP	I	I	LP	LP	LP	I	ID	I	I	I	LP
Comhtháthú leis an líonra iompair		LP		LP	LP	LP	LP	I	I	I	LP	LP	I	I	ID
Cumas chun Tógála		I		LP	LP	LP	ID	ID	ID	LP	LP	I	ID	ID	ID
Faoiseamh Tráchtá		LP		LP	LP	LP	I	I	I	ID	I	I	I	I	LP
Comhshaol															
Éiceolaíocht		P		LP	LP	I	LP	LP	LP	ID	ID	LP	I	I	LP

Roghanna Eile	Dada a Dhéanamh	Íosmhéid a Dhéanamh	Iompar Poiblí Amháin	Rogha Bhealaigh Loch Coirib	Rogha Bhealaigh an Chósta	Tollán thar Achair an Tionscail	Rogha Bhealaigh 2006	Rogha an Bhealaigh Cyan	Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas – Gorm	Rogha an Bhealaigh Dheirg	Rogha an Bhealaigh Oráiste	Rogha an Bhealaigh Bhuí	Rogha an Bhealaigh Ghorm	Rogha an Bhealaigh Bhándeirg	Rogha an Bhealaigh Ghlais
Ithreacha agus Geolaíocht		<u>P</u>		LP	I	LP	I	I	I	LP	LP	I	I	I	<u>P</u>
Hidrigeolaíocht		<u>P</u>		LP	I	LP	LP	I	LP	<u>P</u>	I	I	LP	LP	I
Hidreolaíocht		<u>P</u>		LP	LP	I	LP	I	I	I	<u>P</u>	I/LD	I	I	I
<i>Tírdhreach agus Amharc</i>		<u>P</u>		LP	LP	<u>P</u>	I	I	LP	LP	<u>P</u>	LP	LP	I	LP
Seandálaíocht & Oidhreacht		<u>P</u>		I	I	<u>P</u>	LP	LP	LP	LP	<u>P</u>	I	I	I	LP
Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta		<u>P</u>		I	I	<u>P</u>	LP	LP	LP	<u>P</u>	I	I	LP	LP	LP
<i>Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta</i>		<u>P</u>		I	I	<u>ID</u>	<u>ID</u>	<u>P</u>	I	LP	<u>P</u>	LP	I	<u>ID</u>	I
Aer agus Aeráid		I		I	I	I	I	I	I	LP	LP	<u>ID</u>	<u>ID</u>	<u>P</u>	I
Torann agus Creathadh		I		I	I	I	<u>ID</u>	I	LP	LP	LP	LP	I	<u>P</u>	LP
<i>Daoine</i>		I		I	I	I	I	I	I	LP	<u>P</u>	LP	I	I	LP
Pleanáil		I		I	I	I	LP	LP	LP	LP	LP	LP	LP	<u>P</u>	LP
Geilleagar															
Costas Tairbhe		LP		LP	LP	LP	<u>ID</u>	<u>ID</u>	<u>P</u>	I	LP	<u>ID</u>	<u>ID</u>	<u>ID</u>	<u>ID</u>

Roghanna Eile	Dada a Dhéanamh	Íosmhéid a Dhéanamh	Iompar Poiblí Amháin	Rogha Bhealaigh Loch Coirib	Rogha Bhealaigh an Chósta	Tollán thar Achair an Tionscadail	Rogha Bhealaigh 2006	Rogha an Bhealaigh Cyan	Rogha an Bhealaigh Aistrithe - Glas – Gorm	Rogha an Bhealaigh Dheirg	Rogha an Bhealaigh Oráiste	Rogha an Bhealaigh Bhuí	Rogha an Bhealaigh Ghoirm	Rogha an Bhealaigh Bhándeirg	Rogha an Bhealaigh Ghlais
Foriomlán															
Innealtóireacht		LP		LP	LP	LP	I	I	I	LP	LP	I	I	ID	P
Comhshaol		P		LP	LP	LP	LP	LP	LP	LP	P	LP	I	P	LP
Geilleagar		LP		LP	LP	LP	ID	ID	P	I	LP	ID	ID	ID	ID

Nóta: P (cló trom agus líne faoi) = Is Dealraithí, I = Idirthréimhseach, LP = Is Lú Dealraitheach; áirítear na roghanna eile ar fáil as an áireamh iad toisc go raibh siad dodhéanta nó nár chomhlíon siad cuspóirí an tionscadail mar atá léirithe i gCodanna 4.4, 4.5, 4.6 agus 4.7.1 chun críocha comparáide amháin

Tábla 4.8 Breithmheas ar an Maitrís Roghanna – Cuid 1

Roghanna Eile	Rogha an Bhealaigh Dheirg	Rogha an Bhealaigh Oráiste	Rogha an Bhealaigh Bhuí	Rogha an Bhealaigh Ghoirm	Rogha an Bhealaigh Bhándeirg	Rogha an Bhealaigh Ghlais
Innealtóireacht						
Fad	P	ID	LP	I	I	I
Comhtháthú leis an líonra iompair	P	ID	LP	LP	LP	I
Cumas chun Tógála	P	P	I	LP	LP	I
Faoiseamh Tráichta	LP	LP	I	ID	P	I
Comhshaol						
Éiceolaíocht	ID	ID	LP	I	I	LP
Ithreacha agus Geolaíocht	I	ID	I	ID	I	LP
Hidrigeolaíocht	LP	I	LP	LP	P	I

Roghanna Eile	Rogha an Bhealaigh Dheirg	Rogha an Bhealaigh Oráiste	Rogha an Bhealaigh Bhuí	Rogha an Bhealaigh Ghoirm	Rogha an Bhealaigh Bhándeirg	Rogha an Bhealaigh Ghlais
Hidreolaíocht	ID	P	I	I	LP	I
<i>Tírdhreach agus Amharc</i>	LP	LP	P	LP	I	LP
Seandálaíocht & Oidhreacht	P	P	I	I	I	I
Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta	P	P	I	I	I	LP
<i>Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta</i>	LP	LP	P	I	I	LP
Aer agus Aeráid	ID	ID	ID	LP	LP	I
Torann agus Creathadh	ID	P	I	LP	LP	LP
<i>Daoine</i>	LP	LP	P	I	I	I
Pleanáil	LP	LP	P	LP	LP	ID
Geilleagar						
Costas Tairbhe	Cuimsithe i gCuid 2					
Foriomlán						
Innealtóireacht	ID	P	I	LP	LP	I
Comhshaol	LP	LP	P	I	I	LP
Geilleagar	Cuimsithe i gCuid 2					

Nóta: **P** (cló trom & líne faoi) = **Is Dealraithí**, I = Idirthréimhseach, LP = Is Lú Dealraitheach;

Tábla 4.9 Breithmheas ar Mhaitris na Roghanna Eile – Cuid 3

Roghanna Eile	Rogha an Bhealaigh Dheirg	Rogha an Bhealaigh Oráiste	Rogha an Bhealaigh Bhuí	Rogha an Bhealaigh Ghoirm	Rogha an Bhealaigh Bhándeirg	Rogha an Bhealaigh Ghlais
Innealtóireacht						
Fad; Comhtháthú leis an líonra iompair; Cumas chun Tógála; Faoiseamh Trácht	LP	LP	LP	LP	<u>P</u>	I
Comhshaol						
Éiceolaíocht	<u>P</u>	<u>ID</u>	<u>ID</u>	<u>ID</u>	LP	LP
Ithreacha agus Geolaíocht	I	I	I	I	<u>ID</u>	<u>P</u>
Hidrigeolaíocht	I	I	I	I	LP	I
Hidreolaíocht	I	I	I	I	LP	<u>P</u>
Tírdhreach agus Amharc	LP	LP	LP	LP	<u>P</u>	I
Seandálaíocht & Oidhreacht	<u>P</u>	<u>ID</u>	<u>ID</u>	<u>ID</u>	LP	LP
Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta	<u>P</u>	<u>ID</u>	<u>ID</u>	LP	LP	LP
Sócmhainní Ábhartha Neamhtalmhaíochta	LP	LP	LP	I	<u>ID</u>	I
Aer agus Aeráid	LP	LP	LP	LP	I	<u>P</u>
Torann agus Creathadh	I	I	I	I	<u>ID</u>	I
Daoine	I	I	I	I	I	I
Pleanáil	LP	LP	LP	LP	<u>P</u>	LP
Geilleagar						

Roghanna Eile	Rogha an Bhealaigh Dheirg	Rogha an Bhealaigh Oráiste	Rogha an Bhealaigh Bhuí	Rogha an Bhealaigh Ghoirm	Rogha an Bhealaigh Bhándeirg	Rogha an Bhealaigh Ghlais
Costas Tairbhe	Cuimsithe i gCuid 2					
Foriomlán						
Innealtóireacht	LP	LP	LP	LP	<u>P</u>	I
Comhshaol	I	I	I	I	<u>ID</u>	I
Geilleagar	Cuimsithe i gCuid 2					

Nóta: **P** (cló trom & líne faoi) = Is Dealraithí , I = Idirthréimhseach, LP = Is Lú Dealraitheach

Roghanna an Bhealaigh Dheirg agus Oráiste

Is é tátal na measúnachta maidir le Roghanna an Bhealaigh Dheirg agus Oráiste trí Chuid 2 nach bhfuil siad indéanta toisc go gcruthaíonn siad tionchair chomhréireacha ar thimpeallacht uirbeach leochaileach Chathair na Gaillimhe agus ar a cónaitheoirí, pobail agus comharsanachtaí. Baineann méid ollmhór le scála agus cineál an bhonneagair a theastaíonn le haghaidh chion ar líne na roghanna sin; is é is cúis leis sin go ndéanfaí an rogha bhealaigh a athfheistiú ina thimpeallacht uirbeach leochaileach. Is mó an dóigh go mbeidh tionchar radacach buan ag oidhreacht deartha na réiteach suntasach trom innealtóireachta a bhaineann leis na roghanna sin ar eispéireas agus ar íomhá na cathrach. Tá scála na díobhála seo chomh mór sin is go meastar go bhfuil siad an-difriúil ó chuid de chuspóirí na scéime.

Tá an fráma ama chun Rogha an Bhealaigh Dheirg a thógáil thart ar sé bliana, agus arís d'fhéadfadh scála na tógála agus a thionchar a bheith díobhálach do gheilleagar Chathair na Gaillimhe, agus tá feabhas uirthi socraithe mar phríomhchuspóir, agus bheadh tionchar suntasach aige ar ghnáthshaol laethúil na ndaoine a rachadh sé i gcion orthu. Ciallaíonn costas tógála Rogha an Bhealaigh Oráiste gurb é an rogha is lú éifeachtaí ó thaobh costais de, ag coimeád i gcuimhne go bhfuil sé ina chuspóir den tionscadal réiteach atá éifeachtach ó thaobh costais de a sholáthar. Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith cé go seachnaíonn an tollán tionchair dhíreacha ar a lán srianta comhshaoil go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeadh tionchar indíreach ag tollán 3.5km ar screamhuisce nó ar ghnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce laistigh de SAC Loch Coirib agus SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Meastar go bhfuil tionchair Roghanna an Bhealaigh Dheirg agus Oráiste chomh mór sin is go bhfuil siad díréireach leis an ngá foriomlán atá le rogha cuarbhóthair straitéisigh. Mar an gcéanna toisc nach bhfuil mórán cosúlachta ann go gcuirfeadh tuilleadh maolaithe feabhas ar na roghanna bealaigh sin, níor cuireadh na roghanna bealaigh sin ar aghaidh a thuilleadh.

Roghanna an Bhealaigh Bhuí

Tá saincheisteanna ag Rogha an Bhealaigh Bhuí trí Chuid 2 ar an gcuid ar líne cosúil leis na saincheisteanna atá ag Rogha an Bhealaigh Oráiste agus Dheirg ar an taobh thoir den chathair. Bheadh tionchar an-suntasach aige ar dhaoine i limistéar Bhaile an Phoill amach ó Bhóthar Áth Cinn, agus gá le 24 réadmhaoin chónaithe agus bloc árasán (37 aonad cónaithe) a cheannach.

Lena chois sin, is cosúil go mbeidh drochthionchair ag Rogha an Bhealaigh Bhuí ar shláine SAC Loch Coirib; agus as na roghanna bealaigh atá ar fáil, bheadh tionchar aige ar Leasanna Cáilitheacha (LC) ghnáthóga SAC Loch Coirib go dtí an leibhéal is airde. Dá réir sin, níor cuireadh Rogha an Bhealaigh Bhuí ar aghaidh toisc go raibh roghanna eile ar fáil don trasnú ag SAC Loch Coirib.

Roghanna an Bhealaigh Ghoirm, Bhándeirg agus Ghlais

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na roghanna bealaigh ar fad (i.e. Gorm, Bándearg agus Glas), breithníodh líon réadmhaoine cónaithe a bhí le ceannach. Rinneadh measúnú i ngach cuid faoi chritéir éagsúla lenar bhféachadh le cothromaíocht a aimsiú idir an tionchar féideartha ar dhaoine agus ar shrianta éiceolaíocha agus ar shrianta eile.

Admhaítear gur cosúil go mbeidh drochthionchair ag Rogha an Bhealaigh Ghlais ar shláine SAC Loch Coirib ach tugadh ar aghaidh é lena anailísiú tuilleadh toisc go dtairgeann sé rogha bhealaigh eile a sheachnaíonn na tionchair dhíreacha ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe agus ar Ráschúrsa na Gaillimhe.

Sa mheasúnú ar na roghanna bealaigh ar fad tugadh aithint chuí do na hiarratais a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí fairsing a rinneadh maidir leis an tionscadal chun na tionchair fhéideartha ar dhaoine agus ar réadmhaoine a íoslaghdú. é an toradh ar an measúnú láidir gur comhcheangal é an rogha bhealaigh a roghnaíodh de na roghanna bealaigh lenar bhain an líon ba lú réadmhaoine cónaithe a ceannaíodh i ngach cuid, i.e.

Ba é toradh na measúnachta daingne ná gur roghnaíodh mar rogha bealaigh meascán de roghanna bealaigh lenar bhain an líon ba lú de réadmhaoin chónaithe a éadail i ngach cuid i.e. Buí i gCuid 1 (mionathraithe chun tionchair fhéideartha ar réadmhaoin a laghdú), Bándearg i gCuid 2 agus Bándearg i gCuid 3, agus bhí an tionchar is lú aige chomh maith ar an timpeallacht ghhlactha. Go deimhin, dá mbeadh an bealach níos faide amach ón gcathair nó gar don chathair, bheadh níos mó ceannachán i gceist.

4.7.3.7 Breithmheas ar Bhóthar Ceangail an N59

Cuireadh athbhreithniú ar na srianta agus ar na tionchair fhéideartha ar roghanna Bhóthar Ceangail an N59 i gcrích chun an nasc ceangail is fearr a roghnú.

Tá trí rogha ann chun an N59 a cheangal leis an bpríomhlíne nuair a bheidh an príomhlíne cúitithe ón N59:

- Nasc Oráiste an N59
- Nasc Buí an N59/Nasc Bándearg2 an N59
- Nasc Gorm an N59

Ba cheart a shonrú go bhféadfaidh gach ceann de Roghanna Naisc an N59 a cheangal le príomhlíne na roghanna bealaigh, e.g. Oráiste, Buí, Gorm agus Bándearg. Is iad seo a leanas na príomhdhifríochtaí idir na roghanna naisc:

1. Ceanglaíonn Nasc Buí an N59, Nasc Bándearg an N59 agus Nasc Gorm an N59 le comharsanacht Glenlo Abbey agus ceanglaíonn Nasc Oráiste an N59 1km níos faide ó dheas, níos gaire don chathair, in aice le Séipéal Pháirc na Sceach.
5. Trasnaíonn Nasc Buí an N59, Nasc Bándearg an N59 agus Nasc Gorm an N59 dhá bhóthar áitiúla ar a laghad agus ní idirghníomhaíonn Nasc Oráiste an N59 le bóthar áitiúil ar bith.
6. Beidh foirm an acomhail ag Glenlo Abbey do Nasc Gorm an N59 ina acomhal tosaíochta leis an N59 atá athailínithe feadh an naisc atá beartaithe agus an sean-N59 a cheanglaíonn isteach ann.
7. Beidh foirm an acomhail ag Séipéal Pháirc na Sceach do Nasc Oráiste an N59 ina acomhal le comharthaí.
8. Beidh foirm an acomhail ag Glenlo Abbey do Nasc Buí an N59 agus Nasc Bándearg an N59 ina acomhal le comharthaí.

Rinneadh breithmheas innealtóireachta ar roghanna Bhóthar Ceangail an N59 thuas faoi na ceannteidil ábhartha um gheoiméadracht, fad, straitéis acomhail, cumas chun tógála agus tráchta.

Léiríodh sa mheasúnacht gurb é Nasc Oráiste an N59 an nasc is gairide lena mbaineann an idirghníomhaíocht is lú leis an líonra bóithre áitiúla máguaird, tá figiúirí an tráchta ar an nasc seo i bhfad níos ísle ná mar a bhí siad ar na roghanna naisc ó thuaidh, áfach, (is iad sin, Nasc Buí an N59, Nasc Bándearg an N59 agus Nasc Gorm an N59). Cuireadh é sin i leith nár thairg príomhlíne Rogha an Bhealaigh Oráiste deiseanna comhionanna ceangail ar an taobh thiar den chathair agus mar a thairg Roghanna an Bhealaigh Bhuí, Bhándearg agus Ghoirm. Dá bhrí sin, rinneadh Nasc Oráiste an N59 a thástáil ina dhiaidh sin sa tsamhail tráchta lenar bhain an chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar, rud a léirigh gurbh mó an méid tráchta ar an nasc sin ná mar a bhí ar aon rogha naisc eile a bhí á bhreithniú. Dá bhrí sin, ó thaobh na hinnealtóireachta de is é Nasc Oráiste an N59 an Nasc N59 is dealraithí.

Rinneadh breithmheas comhshaoil ar Nasc an N59 chomh maith agus ba iad na príomhdhifríochtaí gur breithníodh daoine agus sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta. Faoi mar a sonraíodh thuas, sainithníodh *Daoine, Éiceolaíocht, Tírdhreach agus Amharc, agus Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta* mar dhisciplíní lenar bhain príomhshrianta suntasacha. Mar shampla, bhí na tionchair ar fad ar dhaoine amhail pobail agus ceannacháin réadmhaoine cónaithe agus na tionchair ar fad ar an éiceolaíocht amhail láithreáin Eorpacha ainmnithe etc. ina bpríomhshrianta suntasacha a raibh gá lena mbreithniú tuilleadh sa phróiseas cinnteoireachta.

Arís eile, ba é Nasc Oráiste an N59 an rogha bhealaigh is dealraithí ó thaobh an chomhshaoil de. Tá seacht rangú is dealraithí, dhá rangú idirthréimhseacha agus trí rangú is lú dealraitheach aige. As na seacht rangú is dealraithí, baineann trí cinn díobh le príomhdhisciplín comhshaoil, tírdhreach agus amharc, sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta agus daoine. As na trí rangú is lú dealraitheach, bhain ceann amháin díobh le príomhdhisciplín comhshaoil (éiceolaíocht). Mar sin féin níl dhéanann na tionchair éiceolaíocha mar gheall ar Nasc Oráiste an N59 difear do láithreán Eorpach ar bith.

Tugadh rangú idirthréimhseach do Nasc Buí an N59 agus Nasc Bándearg an N59. Tá cúig rangú is dealraithe agus seacht rangú idirthréimhseacha agus níl rangú is lú dealraitheach ar bith acu. As na cúig rangú is dealraithe, bhain ceann amháin díobh le príomhdhisciplín comhshaoil (éiceolaíocht).

Is é Rogha an Bhealaigh Ghoirm an rogha is lú dealraitheach ón taobh éiceolaíoch de. Tá dhá rangú is dealraithe, trí rangú idirthréimhseacha agus seacht rangú is lú dealraitheach ag baint le Rogha an Bhealaigh Ghoirm. As na cúig rangú is dealraithe, baineann trí cinn díobh sin le príomhdhisciplín comhshaoil (tírdhreach agus amharc, sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta agus daoine).

Ar an athbhreithniú ar mheasúnacht innealtóireachta agus comhshaoil Nasc an N59, is é an nasc is dealraithe ar an iomlán Nasc Oráiste an N59.

4.7.3.8 *An Chonair Bhealaigh is Dealraithe a Roghnófar*

Forbraíodh an Chonair Bhealaigh is Dealraithe a Roghnófar (EPRC) don N6 GCRR atá beartaithe mar chumasc de roghanna bealaigh éagsúla thar dhá chuid, is iad sin an R336 go dtí teorainn Chathair na Gaillimhe agus teorainn Chathair na Gaillimhe go dtí an N6 atá ann.

Is í an chonclúid fhoriomlán a thángthas uirthi leis an measúnacht chomparáideach nach raibh Roghanna an Bhealaigh Dheirg, Bhuí agus Oráiste trí Chuid 2 indéanta a mhéid is nach féidir iad a sheachadadh nó a bhaint amach mar gheall ar thionchair ar an gcomhshaoil lena n-áirítear daoine, faoi mar atá léirithe thuas. Mar an gcéanna, níl mórán cosúlachta ann go gcuirfeadh tuilleadh maolaithe feabhas ar na roghanna bealaigh sin agus fágadh na roghanna sin as an áireamh.

Dá bhrí sin, is é Rogha an Bhealaigh Bhuí/Ghlais an rogha bhealaigh is dealraithe thar an gcuid tosaigh de Chuid 1, a cheanglaíonn Rogha an Bhealaigh Bhándéirg ag Barr na hAille agus a leanann slí Rogha an Bhealaigh Bhándéirg go dtí a dheireadh ag an N6 i gCúil Each, seachas Nasc an N59. Cuimseoidh Nasc an N59 an nasc mar atá sé léirithe i Rogha an Bhealaigh Oráiste agus mionathrú beag ar an gceangal le Rogha an Bhealaigh Bhándéirg. Ag an bpointe sin sa phróiseas roghnúcháin bealaigh, rinneadh é a admháil agus a aithint go soiléir go raibh bonneagar suntasach innealtóireachta de dhíth chun go mbeifí ábalta an rogha is dealraithe sin a chur ar aghaidh.

Faoi mar atá leagtha amach i gCuid 4.3, tá líon srianta nach mór oibriú iontu chun an rogha is dealraithe a fhorbairt agus, dá bhrí sin ní mór go dtuigfí agus go n-aithneofaí na srianta atá i dtimpeallacht chathrach i bhforbairt bóthair ar bith atá beartaithe, amhail Cathair na Gaillimhe, agus áirítear leis sin, Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe, Cuan na Gaillimhe agus an timpeallacht nádúrtha máguaird, láithreach na láithreán ainmnithe chomh maith leis na srianta a bhaineann leis an timpeallacht thógtha lena n-áirítear limistéir chónaithe na cathrach í féin. Mhéadaigh na srianta sin castacht an N6 GCRR atá beartaithe agus teastaíonn idirghabhálacha suntasacha innealtóireachta chun dul i ngleic le srianta dá leithéid lena n-áirítear:

- Struchtúr droichid Abhainn na Gaillimhe thar Abhainn na Gaillimhe
- Struchtúr Tollán Leacaigh faoi SAC Loch Coirib
- Struchtúr tarbhealaigh thar ghnáthóg neamhainmnithe i Mionlach

Lena chois sin, spreag an mian an tionchar a laghdú ar an N6 GCRR atá beartaithe ar thailte a fhreastalaíonn ar phobal mór roinnt idirghabhálacha suntasacha innealtóireachta, is iad sin:

- Struchtúr tarbhealaigh a shíneann ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe le trasnú aige
- Struchtúr Tolláin Ráschúrsa na Gaillimhe faoin ráschúrsa

Teastaíonn nascacht ghairiachta agus dhíreach an N6 GCRR atá beartaithe chun freastal ar an trácht straitéiseach a théann isteach go Cathair na Gaillimhe agus chun an réiteach iompair idirmhodúil is fearr a sholáthar laistigh de Chathair na Gaillimhe agus den cheantar máguaird i.e. aistriú tráchta a chumasú atá ag dul chuig ceann scríbe lasmuigh den chathair chuig an gcuarbhothar. Fágann sé sin go bhfuil sé casta toisc dá ghaire a thagann an cuarbhealach don timpeallacht uirbeach, is ea go dtéann na tionchair don timpeallacht dhaonna i méid. Lena chois sin, tá sé níos casta arís agus treoraithe le láithreach na láithreán ainmnithe a thrasnaíonn gach rogha a chiallaíonn go n-idirghníomhóidh réiteach iompair ar bith leis na láithreáin sin.

Bhí na gnéithe suntasacha innealtóireachta ina gcuid de na bearta deartha ar an EPRC. Gan na bearta suntasacha innealtóireachta sin, bheadh Rogha an Bhealaigh Ghlais níos dealraithe ná Roghanna an Bhealaigh Bhándeirg, Ghoirm ná Bhuí ón taobh na héiceolaíochta de trí Chuid 2. Mar sin féin, bhain i bhfad níos mó ceannachán cónaithe le Rogha an Bhealaigh Ghlais chomh maith le tionchair shuntasacha oidhreachta cultúrtha ar Shráidbhaile Mhionlaigh.

Tá soláthar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, Tharbhealach Mhionlaigh, Thollán Leacaigh agus Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe ina bhonneagar suntasach in aice leis an timpeallacht uirbeach ach is freagairt chomhréireach a bhfuil údar léi í chun réiteach a sheachadadh sa suíomh ceart chun na saincheisteanna iompair atá le sárú ag Cathair na Gaillimhe agus ag an gceantar máguaird a réiteach.

Tá an Chonair Bhealaigh is Dealraithe a Roghnófar don N6 GCRR atá beartaithe, léirithe thíos i Pláta 4.18.



Pláta 4.18 An Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar

Comhairle Chontae na Gaillimhe

GCCR-4_04.30.9 | Eagrán 1 | 28 Márta 2025 | Ove Arup & Partners Ireland Limited

Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Leathanach

4.7.4 Scála agus méid an rogha eile in áit an bhóthair

Mar a sonraíodh i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo, rinneadh measúnú incriminteach chun trasghearradh an charrbhealaigh a leagan amach, mar aon le luas dearaidh agus méid an N6 GCRR atá beartaithe. Bhí sé mar chuspóir sa mheasúnú seo trasghearrthacha malartacha, luasanna dearaidh malartacha agus scéimeanna malartacha a iniúchadh chun an cónasc is oiriúnaí a leagan amach.

Sa mheasúnú incriminteach aithníodh an rogha seo a leanas mar an gcónasc is oiriúnaí don N6 GCRR atá beartaithe; is é an rogha atá beartaithe in Iarratas Alt 51 an N6 GCRR ó 2018 atá le faomhadh:

- Carrbhealach aon líne le luas dearaidh de 80km/u ón R336 go dtí Bóthar Bhaile an Mhóinín
- Bóthar Roinnte Cineál 1 le luas dearaidh de 100km/u ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín go dtí Acomhal an N59
- Mótorbhealach uirbeach le luas dearaidh de 100km/u ó Acomhal an N59 go dtí an N6 mar atá. Socraíodh go mbeidh 3 lána i ngach treo ar an stráice den N6 GCRR atá beartaithe idir Bóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Thuama an N83 agus beidh 2 lána i ngach treo ar na stráicí eile

Roghnaíodh an cónasc seo ar an gceann is oiriúnaí ar an cúiseanna seo:

- Cuireann sé leibhéal ard bhonneagar iompair ar fáil i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird
- Comhlíonann an cónasc seo na rialacháin TEN-T mar ceadaióinn sé rochtain ag na hacomhail amháin
- Is féidir leis an gcónasc dul i ngleic leis an toilleadh tráchta atá tuartha sa Bhliain Dearaidh

4.7.5 Rogha Malartach #1 Tagairt déanta dó ag Breathnóirí le linn na hÉisteachta ó Bhéal in 2020.

Maíodh le haighneachtaí don éisteacht ó bhéal in 2020 ag an Uas. Kilgariff agus an Uas. Molinar go bhfuil “ró-innealtóireacht” déanta ar an N6 GCRR atá beartaithe agus go mbeidh débhealach le hacomhal timpeallán comhréidh leordhóthanach chun fadhb an iompair i nGaillimh a réiteach. Cuireadh measúnacht ar an rogha malartach sin i láthair i rith na héisteachta ó bhéal in 2020 agus tugadh taifead air i “Freagraí ar Cheisteanna a Ardaíodh i Modúl 2 – I nDáil le Trácht agus Aeráid¹⁷”. Athbhreithníodh an mheasúnacht sin arís eile le haghaidh an TMTT nuashonraithe seo agus aird á tabhairt ar na sonraí nuashonraithe agus ní raibh aon athrú ar na torthaí ó 2020. Cuirtear an measúnú ar fáil arís eile thíos ar mhaithe le héascaíocht tagartha.

4.7.5.1 Dearadh Thrasghearradh an N6 GCRR agus Leagan Amach na nAcomhal

Socraíodh rogha fhoirm an trasghearrtha agus an acomhail don N6 GCRR atá beartaithe i gcomhthéacs chuspóir an bhóthair agus méideanna na tráchta i gcomhréir leis na caighdeáin dearaidh reatha. Nasc úrnua é an N6 GCRR atá beartaithe ar an líonra bóithre agus tá sé mar chuspóir aige trácht a scaipeadh a thagann ó na bealaí gathacha amhail an N67, an M6/N6, an N83, an N84 agus an N59 agus é ina chuid den líonra TEN-T chomh maith. Mar gheall ar chuspóir an bhóthair thar a chuid ón N6/M6 chuig an N59 i dteannta le méid an tráchta ar an gcuid seo scartar é agus ní chuirtear rochtain ar fáil ach ag na hacomhail ilairde. Is gá sin ionas gur féidir leis fós an cuspóir a chomhlíonadh dá bhfuil sé deartha. Tá sé ainmnithe freisin mar mhótorbhealach chuig Acomhal Leitrí an N59 chun an píosa bonneagair sin a chosaint amach anseo. Bheadh riachtanas comhchosúil ó thaobh tógála talún ag gabháil le débhealach thar an gcuid seo is a ghabhann leis an mótorbhealach atá beartaithe ach is í foirm an acomhail an phríomhdhifríocht. Chun an mótorbhealach a sholáthar is gá acomhail ilairde a sholáthar, agus mar gheall ar na méideanna tráchta ar an mórbohthar i dteannta leis an trácht a chasann ar na bealaí gathacha lena gceanglaíonn sé tugtar údar iomlán leis na hacomhail ilairde a sholáthar. Theipfeadh ar acomhail chomhréidhe ar an gcuid ón N6/M6 chuig an N59 mar gheall ar mhéideanna tráchta tuartha ar an bpríomhlíne i dteannta leis na gluaiseachtaí casta ag na hacomhail agus bheadh an brú tráchta i réim ag acomhal ilairde an N6/M6.

Siar ó Acomhal Leitrí an N59, tá trácht siar laghdaithe go mór cheana agus roinntear an trácht iarmharach ar an N59 ó thuaidh, ó theas isteach sa chathair agus siar i dtreo an R336. Dá bharr sin, tá méid i bhfad níos ísle

¹⁷ https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/GCRR_4-03.34.13.003_Module%202022%20Response_I1_.pdf

tráchtar ar an gcuid ó Acomhal Leitrí an N59 siar le hacomhail ilairde agus tá níos lú scartha ann chun nascacht a sholáthar leis an líonra bóithre atá ann cheana.

Dá bhrí sin, is gá dhá leibhéal sainiúla de sholáthar trasghearrtha don N6 GCRR atá beartaithe agus tá an pointe deighilte ag Acomhal Bhóthar Bhaile Mhóinín mar seo a leanas:

- R336 go dtí Bóthar Bhaile an Mhóinín – carrbhealach singil
- Bóthar Bhaile an Mhóinín chuig an N6 – mótarbhealach uirbeach

Mar thoradh air sin, is bunriachtanach rogha an deighilt leibhéal ag an acomhal toisc, mar gheall ar an am a bheadh riachtanach le haghaidh acomhail ilairde le comharthaí chun an ghluaiseacht tríd ar an N6 GCRR atá beartaithe a éascú, go laghdófaí gó mór acmhainn gach géige den acomhal. Mar thoradh air sin bheadh méadú ar bhrú tráchtar ar na bealaí gathacha trasnacha ag na hacomhail sin agus tharlódh scuainí fada tráchtar. Mar thoradh air sin faoi seach bheadh trácht bachtar siar ar an N6 GCRR atá beartaithe le linn buaic-amanna. Dá bhrí sin, is bunriachtanach an deighilt leibhéal ag na hacomhail chun an trácht tríd ar an N6 GCRR atá beartaithe a bhaint de chéimniú na gcomharthaí agus is bunriachtanach é chun gur féidir leis an mbóthar a chuid cuspóirí sainithe a chomhlíonadh mar atá sainithe i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo, mar shampla:

- Inrochtaineacht fheabhsaithe ar Ghaillimh
- Deireadh a chur leis an gcoinbhleacht idir trácht straitéiseach agus trácht áitiúil
- A ainmniúchán mar bhealach TEN-T a chomhlíonadh

4.7.5.2 Spás bóthair a athdháileadh


Tá an N6 GCRR atá beartaithe suite laistigh den líonra iompair foriomlán. Cuireann sé príomhdhroim nua soir-siar leis an líonra bóithre chomh maith le naisc thábhachtacha thuaidh-theas chun an t-idirnasca a sholáthar leis an droim nua. Cuireann sé acmhainneacht turais leis an ngréasán iompair atá ann cheana, dá réir sin ag laghdú turas trí lár na cathrach agus, go háirithe, laistigh de líonra Rochtain Lár na Cathrach arna sainaitheint in SIG. Mar gheall go mbeadh níos lú turas sa chathair, bheadh níos lú brú tráchtar agus dá thoradh sin bheadh iompar poiblí agus modhanna taistil ghníomhaigh níos tarraingtí toisc go n-athdháilfear an spás bóthair sin ar chóra iompair dá leithéid.

Folaíonn na naisc nua a ionchorpraíodh mar chuid den N6 GCRR do riachtanas straitéiseach an ghréasáin bóithre náisiúnta agus nascacht Chathair na Gaillimhe agus Réigiúin an Iarthair leis an líonra bóithre náisiúnta agus TEN-T. Is féidir le turais teachta agus imeachta chun na cathrach an chathair a iontráil agus a fhágáil ar bhealaí nach gá dóibh dul isteach chuig lár na cathrach murab é sin a gceann scríbe. Cuirtear srian le turais a ghabhann thart ó rochtain a fháil ar lár na cathrach nó é a úsáid agus ar an gcaoi sin méadaítear an spás bóthair i lár na cathrach.

Tá srian le rochtain ar an N6 GCRR atá beartaithe le cinntiú go gcosnaítear an bonneagar sin amach anseo, agus níl acomhail ach ag príomh-chrosbhealaí toisc gurb é acmhainn an acomhail atá rithábhachtach d'fheidhm fhoriomlán an bhóthair.

4.7.6 Rogha Malartach #2 Tagairt déanta dó ag Breathnóirí le linn na hÉisteachta ó Bhéal in 2020

Le haighneachtaí don éisteacht ó bhéal in 2020 a rinne an tUas. Rabbitt agus an tUas. Dowd, thar ceann Ghrúpa Gníomhaíochas an N6, moladh trasnú malartach ar Abhainn na Gaillimhe mar a thaispeántar i Pláta 4.19 thíos. Cuireadh measúnacht ar an rogha malartach sin ar fáil ag an éisteacht ó bhéal agus tá sé curtha i láthair thíos. Moladh leis sin trasnú malartach ar Abhainn na Gaillimhe níos faide ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe agus tosaíocht tugtha leis an gceangal príomhlíne chuig an N59 do thrácht a thaistealaíonn i dtreo Mhaigh Chuilinn agus níos faide ná sin. Déantar freastal ar thrácht atá ag tabhairt aghaidhe ar iarthar Chathair na Gaillimhe agus ar Bhearna trí bhóthar ceangail nua atá nasctha leis an bpríomhlíne le hacomhal saorsreafa mar a léirítear i Pláta 4.19.



Pláta 4.19 Rogha Malartach #2 Tagairt déanta dó ag Breathnóirí le linn na hÉisteachta ó Bhéal in 2020

Mar a leagadh amach thar ceann Chomhairle Contae na Gaillimhe le linn na héisteachta ó bhéal in 2020, tá srianta éiceolaíocha suntasacha ar bhealach an rogha mhalartaigh atá beartaithe, lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I. Go deimhin, scarann an rogha malartach atá beartaithe Caisleán Mionlaigh ón teach geata a bhaineann leis (srian oidhreacht ailtireachta), gearrann sé trí SAC Loch Coirib, tailte Theach Pháirc na Sceach (srian oidhreacht ailtireachta) agus tailte Glenlo Abbey (srian oidhreacht ailtireachta agus taitneamhachta).

Ina theannta sin, leis an rogha malartach atá beartaithe ní chomhlíontar na príomhchuspóirí feidhmiúla a ghabhann leis an N6 GCRR atá beartaithe. Leis an rogha malartach tugtar príomhaíocht ar ais do ghluaiseacht tráchta an N59/N6 (agus tosaíocht tugtha do thrácht ar an N6 a thaistealaíonn siar chuig Maigh Chuilinn/an gClochán agus trácht saorsreafa soir é an trácht ón gClochán), cé go dtagann an príomhéileamh iarbhair ón N59 i dtreo na cathrach, seachas i dtreo chrosbhealach reatha an droichid agus soir. De réir thogra malartach an bhreathnóra, ní mór do thrácht atá ag triall ar an gcathair ar an rogha malartach le haghaidh an N6, atá níos airde ná an trácht soir ón gClochán, géilleadh ag an acomhal sin in Glenlo Abbey agus is é sin an t-ord mícheart tosaíochta. Ní thugtar aghaidh leis ar fhadhb an tráchta a bhfuiltear ag iarraidh a réiteach toisc gur rithabhachtach nascacht siar chuig an gcathair a bheith ann. Cuideoidh an N6 GCRR atá beartaithe leis an mbrú tráchta a bhaint ó Chathair na Gaillimhe agus dá ceantar máguaird trí thrácht atá ann agus trácht amach anseo a aistriú ón líonraí bóithre atá ann go dtí an bonneagar bóithre nua. Ní chomhlíonann an rogha malartach atá beartaithe an fheidhm sin agus ní chomhlíonfar ár gcuid cuspóirí tionscadail mar atá leagtha síos i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo léi ach an oiread.

4.8 Barrfheabhsú an Bhealaigh

Cé gur dearadh bealach an N6 GCRR atá beartaithe chun an chathair agus na tailte a criosaíodh lena bhforbairt a sheachaint, ar an drochuair ní féidir an réadmhaoín ar fad a sheachaint ag cur san áireamh forbairt líne na cathrach agus tithe feadh gach bóthair a shíneann amach ón gcathair.

Mar thoradh ar ghaireacht an N6 GCRR atá beartaithe don timpeallacht uirbeach, atá riachtanach chun an réiteach iompair barmhaith a sholáthar, ar an drochuair, déantar 44 theach cónaithe a scartáil chun tógáil a éascú, agus déantar 10 dteach cónaithe eile a éadail mar gheall ar thionchair ar an réadmhaoín sin. Imríonn sé sin tionchar suntasach ar na daoine atá ina gcónaí sna tithe sin. Mar sin féin, ní mór breithniú air sin agus cothromaíocht a fháil idir é agus na tairbhí foriomlána a sholáthraítear leis an N6 GCRR atá beartaithe do thodhchaí na Gaillimhe agus an cheantair máguaird agus do nascacht le Réigiún an Iarthair.

Ach a roghnaíodh é, rinneadh dearadh na conaire bealaigh is dealraithí a roghnófar (EPRC) a bheachtú a mhéid is féidir chun na tionchair ar an timpeallacht dhaonna a dhíothú agus a laghdú. Rinneadh bearta suntasacha deartha amhail fánaí créfoirt níos géire, claífoirt ghlasa ghéaraithe agus ballaí coimeádta a chuimsiú sa dearadh chun an tionchar ar an timpeallacht dhaonna a íoslaghdú. Tá feidhm á bhaint chomh maith as bearta breise maolaithe amhail bacainní torainn, tírdhreachú, plandú, bundú ithreach chun an tionchar foriomlán ar an timpeallacht ghlactha a íoslaghdú.

Agus ón taobh éiceolaíoch de ní bheadh drochthionchair ar bith ag an N6 GCRR atá beartaithe ar shláine láithreán Eorpach ar bith.

Bhí tabhairt isteach an dearaidh ó chonair bhealaigh ina phróiseas atriallach. Fuarthas ionchuir ó speisialtóirí comhshaoil, comhairliúcháin phoiblí, aighneachtaí, tráchttaireacht páirtithe leasmhara agus ó os cionn 950 cruinniú aonair úinéirí talún agus obair a bhí dírithe ar na tionchair ar úinéirí tí, páirtithe leasmhara agus ar an gcomhshaoil agus ar an leagan amach a bheachtú chun feabhas a chur ar fheidhmíocht.

Mar thoradh ar chuimsiú na n-ionchur sin bogadh thart ar 20% d'fhad an bhealaigh lasmuigh den EPRC foilsithe, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2015. As an 20% sin níor bogadh ach 4% den bhealach lasmuigh den EPRC go hiomlán. Tá na hathruithe níos mó a tháinig chun cinn mar thoradh ar an mbarrfheabhsú sin léirithe thíos.

4.8.1 Ginearálta

I measc na leasuithe a rinneadh ar feadh ailíniú an N6 GCRR atá beartaithe bhí forbairt oibreacha áise mar thoradh ar chomhairliúcháin leis na húinéirí réadmhaoine ar a bhfuil tionchar díreach, beachtú an acomhail áitiúil agus leagan amach socruithe rochtana chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar fheidhmíocht agus athruithe ailínithe cothrománacha chun an tionchar ar úinéirí réadmhaoine a íoslaghdú. Tá forléargas ar na mórleasuithe léirithe sna codanna ina dhiaidh seo.

4.8.2 Na Foráí Maola go Baile an Mhóinín Ch. 0+000 go 5+640

De dhroim cruinnithe comhairliúcháin ar an láithreán agus aiseolas ina dhiaidh sin ó úinéirí talún i limistéar na bhForáí Maola, Throscaigh, na hAille, Cheapaí agus Bhaile an Mhóinín i Meán Fómhair 2015 breithníodh líon roghanna eile dearaidh. Is é seo a leanas liosta de na hathruithe dearaidh a glacadh i ndiaidh an chomhairliúcháin:

4.8.2.1 Na Foráí Maola & Troscaigh Thiar

Tá dearadh an N6 GCRR atá beartaithe ag na Foráí Maola agus Troscaigh Thiar tagtha chun cinn ó foilsíodh an EPRC. Baineadh acomhal an timpealláin ag na Foráí Maola Thiar, nár sholáthair ach ceangal leis an mbóthar áitiúil ó dheas, agus cuireadh nasc tardhroichid ina ionad leath-bhealaigh idir na Foráí Maola agus Bóthar Throscaigh, a chuaigh in ionad thardhroichead beartaithe an EPRC ar Bhóthar Troscaigh freisin. Cé go gcoimeádann an tardhroichead sin nascacht do choisithe agus don trácht áitiúil, chuirfeadh sé teorainn le rochtain dhíreach ar an N6 GCRR atá beartaithe, atá sainaitheanta mar bhealach straitéiseach laistigh de líonra TEN-T. Soláthraítear rochtain áitiúil ar na limistéir sin go dtí an N6 GCRR atá beartaithe ag timpeallán an R336 sa Bhaile Nua agus Timpeallán Bhearna/Mhaigh Cuilinn amháin.

Athraíodh ailíniú cothrománach phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe mar go n-athraíonn sé treo idir R336 an Bhaile Nua agus na Foráí Maola Thiar go dtí ga níos inmhianaithe de 510m le haghaidh luas dearaidh 85 km/uair.

4.8.2.2 *Troscaigh Thoir*

I dTroscaigh Thoir bogadh ailíniú beartaithe phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe níos faide ó thuaidh amach ó na réadmhaoine cónaithe ar Bhóthar Ann Gibbons. Bogadh an timpeallán comhréidh ar Bhóthar Bhearna go Maigh Cuilinn níos faide ó dheas chun na tionchair ar iarratas pleanála le haghaidh áit chónaithe a laghdú.

4.8.2.3 *Na hAille*

Athraíodh príomhlíne bheartaithe an N6 GCRR atá beartaithe ó bheith ag dul trasna Bhóthar na hAille ar chlaífort agus struchtúr droichid le dul faoi Bhóthar na hAille i struchtúr gearrtha agus tardhroichid, go príomha chun na tionchair amhairc ar réadmhaoine chónaithe ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe a laghdú. Ardófar bóthar áitiúil reatha na hAille faoi 3.5 - 4m ag lárphointe an N6 GCRR atá beartaithe chun spás cloiginn leordhóthanach a sholáthar agus chun doimhneacht na tochairle i ngearradh carraigeacha feadh ailíniú phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe a laghdú.

4.8.2.4 *Ceapach*

Athraíodh ailíniú phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe ag Bóthar na Ceapaí ó chlaífort agus tardhroichead go hacomhal comhréidh timpealláin. Cuimsíodh an t-athrú sin sa dearadh chun laghdú a dhéanamh ar thionchair thírdhreacha agus amhairc chlaífort an N6 GCRR atá beartaithe ar réadmhaoine cónaithe ó thuaidh agus ó dheas ón N6 GCRR atá beartaithe agus chun rochtain dhíreach ar N6 GCRR atá beartaithe ó Bhóthar na Ceapaí a chur ar fáil chomh maith.

I ndiaidh an athraithe sin ar an dearadh rinneadh anailís mhionsonraithe tráchta ar na gluaiseachtaí tráchta ar gach acomhal ar fud an N6 GCRR atá beartaithe. Moladh san anailís sin go ndéanfaí Timpeallán Bhóthar na Ceapaí a athrú go hacomhal le comharthaí chun feabhas a chur ar na cóimheasa méid is acmhainne ar an iomlán agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht coisithe agus rothaithe mar gheall ar a shuíomh laistigh den timpeallacht uirbeach.

4.8.2.5 *Bóthar Bhaile an Mhóinín*

Ar na cúiseanna céanna le hacomhal Bhóthar na Ceapaí atá léirithe thuas glacadh an athrú dearaidh céanna ar Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín i gcás gur cuireadh acomhal le comharthaí in ionad an timpealláin.

4.8.3 *Limistéar Acomhal Leitrí Ch. 7+600*

Tógadh an tardhroichead ag Bóthar Leitrí ar N59 an Bhóthair Cheangail Theas agus cuireadh acomhal comhréidh ina aonad agus rinneadh athrú ina dhiaidh sin ar ailíniú cothrománach an N6 GCRR atá beartaithe. Cuimsíodh an t-athrú sin sa dearadh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Íoslaghdaíonn sé tionchair thírdhreacha agus amhairc an droichid thar Bhóthar Leitrí
- Soláthraíonn sé nasc le príomhlimistéar Ollscoil na Gaillimhe (UoG) agus Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh (UHG)
- Laghdaíonn sé an trácht ar an mbóthar áitiúil in aice láimhe mar go laghdaíonn sé na bealaí atreoraithe chun N6 GCRR atá beartaithe a rochtain.

Tógadh nasc díreach N59 an Bhóthair Cheangail Theas go Bóthar Stiofáin agus atreoraíodh é go dtí Bóthar Ghort na Bró. Cuimsíodh an t-athrú sin sa dearadh toisc go bhfuil sé ina phointe ceangail níos oiriúnaí ar na cúiseanna seo a leanas:

- Cuireann sé deireadh leis an gcoinbhleacht idir bealaí isteach díreacha ó thithe atá ann agus an trácht a théann isteach ar an N6 GCRR atá beartaithe
- Laghdaíonn sé na tionchair ar thithe ar Bhóthar Stiofáin
- Scarann sé feithiclí earraí troma a théann isteach ar Pháirc Mhiondiola Iarthar na Gaillimhe ó na gluaiseachtaí áitiúla agus úsáideoirí bóithre leochaileacha a théann isteach ar Bhóthar Stiofáin

Rinneadh ailíniú cothrománach an N6 GCRR atá beartaithe agus acomhal ilairde an N59 a bhogadh thart ar 150m siar chun na tionchair dhíreacha ar réadmhaoine a íoslaghdú. Athraíodh an t-acomhal ilairde diamaint

chomh maith ó thimpealláin go hacmhail le comharthaí chun feabhas a chur ar na cóimheasa méid is acmhainne ar an iomlán agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht coisithe agus rothaithe feadh bhóthar N59 an bhóthair cheangail atá beartaithe.

Athraíodh an phríomhlíne chomh maith ó bheith ag dul faoi N59 an Bhóthair Cheangail go dtí bheith ag dul thairis chun doimhneacht na tochairte ar an iomlán i ngearradh na gearraigeacha a laghdú.

4.8.4 Limistéar an Daingin/Pháirc na Sceach

Bogadh príomhlíne bheartaithe an N6 GCRR atá beartaithe beagáinín siar thart ar 15-20m i limistéar an Daingin/Pháirc na Sceach chun na tionchair dhíreacha ar bhunscoil áitiúil agus réadmhaoine cónaithe a laghdú. Leasaíodh an t-ailíniú thar Abhainn na Gaillimhe chun an réimse agus sceabha foriomlán thar an abhainn a laghdú.

4.8.5 Limistéar an Chaisleáin Ghearr Ch. 8+300 go 8+800

Rinneadh ailíniú cothrománach an N6 GCRR atá beartaithe a bhogadh ó thuaidh agus laghdaíodh an t-ardú chun na tionchair dhíreacha ar réadmhaoine a íoslaghdú.

4.8.6 Acomhal na Páirce Móire/an N83 Ch. 13+600 go 14+000

Cuireadh acomhal lánghluaiseachta in ionad an acomhail ilairde pháirtigh ar Bhóthar Ceangail an N83/na Páirce Móire. Cuimsíodh an t-athrú sin sa dearadh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Freastalaíonn sé ar an éileamh tráchta atá tuartha ag baint feidhm as Bóthar Ceangail na Páirce Móire chuig/ón oirthear
- Cuireann sé feabhas ar acmhainn Acomhal Chnoc Mhaoil Drise an N6 toisc go bhfanann an trácht a thagann ón oirthear ar an mbealach go hEastát Tionsclaíoch na Páirce Móire agus Eastát Tionsclaíoch Bhaile an Bhriotaigh ar an N6 GCRR atá beartaithe go dtí an bealach amach atá beartaithe ag Bóthar Ceangail na Páirce Móire
- Cuireann sé feabhas ar acmhainn N6/N83 Acomhal Bhóthar Thuama atá ann toisc go gcoimeádtar an trácht ar an N6 GCRR atá beartaithe
- Cuireann sé spás bóithre ar fáil ar an N6 atá ann idir N6/N83 Acomhal Bhóthar Thuama agus Acomhal Chúil Each atá beartaithe

4.8.7 Bóthar Ceangail na Páirce Móire Ch. 14+400

Bogadh ailíniú Bhóthar Ceangail na Páirce Móire beagáinín soir chun cosán Aifrinn stairiúil na Páirce Móire a chosaint agus leathnú amach anseo ar shaoráid Boston Scientific a éascú. Mar atá sonraithe i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo agus i gCuid 4.9, rinneadh bealach Nascbhóthar na Páirce Móire a bheachtú arís agus cuireadh i láthair arís é ag oscailt na héisteachta ó bhéal in 2020.

Bhí dhá cheangal ag an EPRC a thaispeántar ar Pláta 4.18 leis an N6 reatha ag an taobh theas. Moladh i dtosach an bóthar ceangail soir laistigh de Pháirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh a fhágáil amach mar gheall ar dhúbailt soláthair a aithníodh i TMTT 2018 agus ar na cúiseanna seo a leanas:

- Cuireann sé deireadh le dúbailt soláthair bhóthair mar íos-éileamh ar an mbóthar ceangail thoir seo
- Seachnaíonn sé tionchar ar an rian agus an draein teorann ag Ráschúrsa na Gaillimhe ag limistéar andlúth i gcás go raibh an chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar gar don ráschúrsa
- Moltar in SIG 2016 príomhlíonra bealaigh rothaíochta feadh an N6 atá ann ag an suíomh seo. Soláthraíonn an t-acomhal nascacht níos fearr leis an N6 atá ann ag an suíomh seo do gach modh tráchta go háirithe d'úsáideoirí bóithre leochaileacha toisc nach bhfuil soláthar ar bith ann faoi láthair don mhianlíne chuig na mórionaid fostaíochta ag an taobh thoir de Pháirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh

Mar gheall ar athrú suntasach ar úinéireacht réadmhaoine idir an t-am a foilsíodh TMTT 2018 agus a cuireadh tús leis an éisteacht ó bhéal in 2020 ar cruthaíodh campas mór fostaíochta dá bharr atá ar dhá thaobh bhóthar cul-de-sac reatha an IDA, rinneadh athbhreithniú ar ailíniú Bhóthar Ceangail na Páirce Móire chun leagan mionathraithe den bhóthar ceangail soir a roghnú agus chun fáil réidh leis an gceangal siar ar

comhréidh ó thuadh den bhóthar cul-de-sac reatha atá faoi úinéireacht IDA. Soláthraíonn an dearadh nuashonraithe pasáiste sábháilte do gach modh iompair toisc go gcuimsíonn sé lána rothaíochta 2m agus cosáin coisithe 2m ar an ailíniú nua atá beartaithe.

Laistigh de Straitéis Iompair na Gaillimhe, *“leagtar béim faoi leith chomh maith ar fheabhas a chur ar an nascacht agus an tréscailteacht laistigh de na láithreáin thionsclaíocha agus chuig na láithreáin thionsclaíocha soir ón gcathair, lena n-áirítear chuig Páirceanna Gnó Bhaile an Bhriotaigh agus na Páirce Móire, uathu agus eatarthu”*.

Sa chomhthéacs sin, comhlíonann ‘Bóthar Ceangail na Páirce Móire’ mar atá curtha i láthair sa TMTT nuashonraithe seo an fheidhm chéanna leis an bhfeidhm atá curtha i láthair le ‘Príomhlíonra Rothaíochta’ i Straitéis Iompair na Gaillimhe, a sholáthraíonn nasc díreach nua chuig Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus trithi agus ar aghaidh go dtí Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire. Is é uailmhian fhoriomlán an phríomhlíonra rothaíochta atá beartaithe “timpeallacht shábháilte agus chompordach a chur ar fáil do rothaithe sa chathair agus sna limistéir máguaird, agus dá réir sin tacaíocht a thabhairt do mhéadú ar líon na rothaithe agus aistriú modha níos mó ón gcarr príobháideach go rothaíocht a spreagadh”.

Is é aidhm straitéiseach rothaíochta Straitéis Iompair na Gaillimhe *“bealach áisiúil agus sábháilte a chur ar fáil do thurais ghathacha chomaitéireachta / caitheamh aimsire de mheánfad”*. Dá bhrí sin, beidh saoráidí tiomanta scartha rothaíochta ag an bpríomhlíonra rothaíochta trí Pháirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus feadh Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar atá curtha i láthair sa TMTT nuashonraithe seo, agus déanfar soláthar do saoráidí nua nó feabhsaithe do choisithe.

Go sonrach, is é atá beartaithe le Straitéis Iompair na Gaillimhe *“a chinntiú go mbreithneofar go hiomlán ar riachtanais coisithe, lena n-áirítear daoine maol-luaineachta agus daoine faoi mhíchumas i ndearadh gach saoráide nua agus an uasghrádaithe ar na saoráidí atá ann. Tá tréscailteacht ina príomhshrian ar rothaithe agus ar choisithe i nGaillimh. Cuirfear feabhas leanúnach ar naisc idir limistéir chónaithe agus ionaid oibre araon mar chuid de chlár struchtúrach tosaíochta cur chun feidhme bunaithe ar na prionsabail thuas”*.

Aithnítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe go bhfuil comhtháthú na talamhúsáide agus an iompair riachtanach chun maireachtáil inbhuanaithe a chruthú. Sonraítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe *“féadfar príomhspríocanna chomhtháthú na talamhúsáide agus an iompair agus freagairt á tabhairt ar an ngá le taisteal a achoimriú faoi mar a leanas:*


- *An gá le taisteal a laghdú*
- *An fad a thaistealaítear a laghdú*
- *An fad ama a ghlacann sé le taisteal a laghdú*
- *Siúl agus rothaíocht a chur chun cinn; agus*
- *Úsáid an chórais iompair phoiblí a chur chun cinn.”*

Dá bhrí sin cuimsítear prionsabail shonracha talamhúsáide i Straitéis Iompair na Gaillimhe chun forbairt i nGaillimh a threorú, lena n-áirítear:

- *Ba chóir do limistéir fhorbartha nua a bheith go hiomlán tréscailteach do shiúl agus rothaíocht agus ba chóir athfheistiú saoráidí siúil agus rothaíochta a dhéanamh más indéanta i gcomharsanachtaí atá ann, chun buntáiste iomaíoch a thabhairt do na modhanna sin.*
- *Nuair is féidir, ba chóir d’fhorbairtí soláthar a dhéanamh do thréscailteacht scagtha. Dhéanfaid siad sin soláthar do rochtain siúil, rothaíochta, iompair phoiblí agus feithiclí príobháideacha ach ag an am céanna dhíspreagfaid siad turais i gcarranna príobháideacha;*
- *A mhéid is atá sé praiticiúil, níor chóir togra maidir le múchadh ceart slí nó ceanglais eile a bhreithniú ach amháin i gcás nach mbeidh turais siúil agus rothaíochta níos timpeallaí do na cónaitheoirí áitiúla a mbeadh iompar poiblí nó cinn scribe áitiúla á rochtain acu mar thoradh orthu sin; agus*

- I limistéir uirbeacha, lena n-áirítear an lion mór bailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí, tabharfar treoir sa 'Design Manual for Urban Roads and Streets (DMURS)' do thograí áitiúla chun modhanna siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí thar an gcarr príobháideach a athdhearbhú.

Tá dearadh nuashonraithe Bhóthar Ceangail na Páirce Móire i gcomhréir leis an mbonn dearaidh atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe agus comhlíonann sé an fheidhm chéanna mar a léirítear sna bealaí bus agus líonra rothaíochta inti, féach Pláta 4.20 agus Pláta 4.21. Is é an ceann is éifeachtaí agus gabhann sé feadh na mianlíne do choisithe agus rothaithe. Le cur chun cinn Bhóthar Ceangail na Páirce Móire, tá feabhas suntasach curtha ar an rochtain coisithe agus rothaithe chuig an limistéar fostaíochta sin.



Pláta 4.20 Bealaí Bus atá Beartaithe de réir Straitéis Iompair na Gaillimhe



Pláta 4.21 An Líonra Rothaíochta atá Beartaithe de réir Straitéis Iompair na Gaillimhe

Faoi mar a fheictear thuas, soláthraíonn nascadh na n-eastát tionsclaíoch trí Bhóthar Ceangail na Páirce Móire bealach níos díri ó lár na cathrach agus ó fho-bhailte an iarthair go dtí na limistéir fostaíochta sa cheantar thoir thuaidh.

4.8.8 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe Ch. 14+000 go 15+150

Glacadh athrú ar dhearadh Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe atá beartaithe i ndiaidh athbhreithniú piaraí le foireann oibríochtaí tolláin Bhonneagar Iompair Éireann (TII). Breithníodh san athbhreithniú sin ar na riachtanais fhadtéarmacha oibriúcháin agus chothabhála a bhaineann le tollán gearrtha agus cumhdaithe 850m chomh maith le costas caipitil a thógála. I ndiaidh an athbhreithnithe sin rinneadh cleachtadh chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht ghiorrú fhad an tolláin ar an iomlán agus ar an ailíniú a bhogadh ó thuaidh chun cuid ghearrtha oscailte a éascú. I ndiaidh an mheasúnaithe sin, cinneadh gur fearr tollán níos gaire 240m agus athailíniú ó thuaidh ná an dearadh roimhe sin a bhí níos faide i gcomhthéacs na sábháilteachta ar an iomlán agus riachtanais oibriúcháin fhadtéarmacha Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe atá beartaithe. Tá sé sin sa bhreis ar na coigiltis chostais a sholáthraíonn an tollán níos gaire.

Go hachomair sholáthair an rogha tolláin níos gaire na tairbhí seo a leanas:

- Laghdú ar chostais oibriúcháin agus chothabhála
- Laghdú ar chostais tógála
- Laghdú ar chlár na tógála
- Laghdú ar na rioscaí tógála
- Laghdú ar an gcomhéadan le hoibríocht Ráschúrsa na Gaillimhe, go háirithe le linn na tógála
- Laghdú ar rioscaí ar oibríochtaí Ráschúrsa na Gaillimhe mar gheall ar laghdú ar an bhforluí idir an tógáil agus oibríochtaí an ráschúrsa
- Mar gheall ar theorannú na deise tógála naoi mí a theastaíonn chun freastal ar oibríochtaí an ráschúrsa tá méadú suntasach tagtha ar an am atá ar fáil chun carraig a thochailt sa chuid oscailte den Tionscadal nach bhfuil laistigh de thollán nó de thailte Ráschúrsa na Gaillimhe a thuilleadh
- Níl córas meicniúil aeraithe tolláin de dhíth
- Níl gá le córas tuile le haghaidh cosc dóiteáin feistithe
- Rinneadh laghdú suntasach ar stóráil an tsoláthair uisce agus umair choimeádta uisce mar gheall ar mhéid an tolláin agus easpa an chórais le haghaidh cosc dóiteáin feistithe
- Baineadh an luas dearaidh laghdaithe 85km/uair trí chuid tolláin níos gaire toisc go gceadaíonn an t-ailíniú luas dearaidh 100km/uair sa limistéar
- Rinneadh laghdú suntasach ar an lorg carbóin mar gheall ar an tollán níos gairide agus laghdaíodh riachtanais na cothabhála
- Réiteach níos saoire thar shaolré an N6 GCRR atá beartaithe
- Tugadh faoi deara go bhfuil ráta níos airde de thimpistí ag suíomhanna tairsí tollán. Cuireann an t-athdhearadh deireadh leis an gcoinbhleacht idir an cumasc soir agus an t-imeacht siar le tairseach thiar an tolláin
- Ní theastaíonn imeacht ó na caighdeán um dhearadh ar na slisrampaí ar Acomhal athbhreithnithe an N83, agus ar an tslí sin feabhsaítear an tsábháilteacht, feidhmíocht oibriúcháin agus comhsheasmhacht an acomhail. Cuireann geoiméadracht chaighdeánach slisbhóthair pointí cinnidh soiléire gan athbhrí ar fáil d'úsáideoirí bóithre inar féidir gluaiseachtaí cumaisc agus imithe réidh agus sábháilte a dhéanamh. Cuireann leagan amach comhsheasmhach cumaisc agus imithe feadh fhad an N6 GCRR atá beartaithe deireadh le mearbhall tiománaithe agus cuidíonn siad le tiománaithe leagan amach acomhal a thuiscint. Tá an leagan amach atá beartaithe níos fabhraí do mhionathrú amach anseo, más gá, ná an dearadh tosaigh den chuid is mó mar thoradh ar athlonnú thairseach an tolláin amach ón acomhal.

4.8.9 Bhóthar Mhuine Meá - Cúil Each Ch. 15+150 go 17+450

I ndiaidh Chéim 3 ar imscrúduithe geoiteicniúla láithreáin, rinneadh ailíniú ceartingearach an Tionscadail a athrú chun R339 Bhóthar Mhuine Meá agus Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise a thrasnú. Tá sé sin mar gheall ar mhaoschlár ard sa limistéar agus na tionchair iarmhartacha a bhaineann le bheith gearrtha sa limistéar seo.

Athbhreithníodh leagan amach Acomhal Chúil Each ag teacht i dtreo an N6 atá ann. Cuimsíodh an leagan amach athbhreithnithe sin sa dearadh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Simplíonn sé an t-acomhal atá beartaithe agus an nasc leis an N6 atá ann
- Scarann sé trácht an tseachbhóthair ón trácht ag dul isteach sna fo-bhailte thoir go soiléir
- Tugann sé tús áite do ghluaiseachtaí tráchta bealaí náisiúnta thar ghluaiseachtaí tráchta bealaí áitiúla
- Soláthraíonn sé leanúnachas bealaigh don N6 thart ar Chathair na Gaillimhe
- Cuimsíonn sé naisc níos gaire agus níos díri
- Is féidir an acmhainn a mhéadú trí uasghrádú ar shaorshreabhadh má éilíonn an t-éileamh é
- Laghdaigh sé na costais tógála agus castacht na tógála

4.9 Roghanna eile a breithníodh le haghaidh Stáblaí ag Ráschúrsa na Gaillimhe

Rinneadh breithniú ar shuíomhanna malartacha sa TMTT a ghabhann leis an iarratas ar stáblaí ionaid do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe atá leagtha amach anseo.

4.9.1 Gan Dada a Dhéanamh

Rinneadh go leor comhairliúcháin idir Ráschúrsa na Gaillimhe agus an comhlacht rialachais um rásaíocht capall in Éirinn, Bord Rialála Rásaíocht Capall na hÉireann (IHRB), maidir le roghanna chun cailliúint na stáblaí, an chlóis stáblaí agus na n-áiseanna gaolmhara a mhaolú, a eascraíonn ó thógáil an N6 GCRR atá beartaithe lena chinntiú go dtabharfar aird ar oibriú leantach an ráschúrsa mar gheall ar a thábhacht do Ghaillimh agus dá ceantar máguaird. Is gá stáblaí mar íosriachtanas le linn príomhimeacht rásaíochta ar mhaithe le leas ainmhithe, sábháilteacht agus slándáil ainmhithe. Is gá áiseanna tréidliachta ag príomhimeachtaí rásaíochta ionas go dtógtar faoi chigireachtaí roimh rásaí ar mhaithe le riosca na díobhála do chapaill a laghdú agus chun tacaíocht leighis a chur ar fáil chomh maith de réir mar a theastaíonn. Tá rochtain agus imeacht shlán do bhoscaí capaill, atá scartha ó rochtain agus imeacht phoiblí, riachtanach chun cur ar chumas na gcapall teacht le haghaidh na bpríomhimeachtaí rásaíochta. Is gá cró le haghaidh na n-ábhar go léir atá riachtanach chun cothabháil a dhéanamh ar an láithreán 52ha i Ráschúrsa na Gaillimhe, agus is gá cró innealra freisin chun innealra/stallaí tosaithe a stóráil le haghaidh rásaí/lomairí féir/fearais um uisciú raoin. Is bunriachtanach cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an raon le dromchla sábháilte rásaíochta a chinntiú agus le cinntiú go n-éiríonn an raon leis na cigireachtaí riachtanacha go léir a dhéanann an IHRB. Tá ceadúnas ag Ráschúrsa na Gaillimhe faoi láthair le haghaidh féile ar feadh seachtaine sa samhradh, ar imeacht mór é ar fhéilire na rásaíochta capall, agus dá gcaillfí an sliotán ama sin san fhéilire rásaíochta dhéanfaí dochar d'oibriú fadtéarmach Ráschúrsa na Gaillimhe.

Ós rud é go mbaintear príomháiseanna, atá riachtanach chun ceadúnas a fháil ó IHRB le leanúint ar aghaidh le cruinnithe rásaíochta chun oibriú leantach Ráschúrsa na Gaillimhe a chinntiú, le tógáil an N6 GCRR atá beartaithe, ní rogha malartach indéanta é an Rogha 'Gan Dada A Dhéanamh' agus níor breithníodh níos mó é.

4.9.2 Réitigh Theicneolaíocha don Rogha Malartach 'Déan Rud Éigin'

Is ainmhithe mothaitheacha iad capaill agus nuair a nochtar iad do spreagthaí coimhthíocha (fuaim, gluaiseacht, radhairc nó meascán díobh siúd) d'fhéadfaidís fanacht chun na bagairtí a mhothaíonn siad a mheas (troid) nó d'fhéadfaidís rith uathu sin chun éalú ón mbagairt (teitheadh).

Dá bhrí sin, mar thoradh ar chapaill a thabhairt isteach i limistéar ina bhfuil spreagthaí fairsinge a bhaineann le tógáil bóthair, d'fhéadfadh capaill rith leo chun éalú ó na spreagthaí gan breathnú rompu nó d'fhéadfaidís fanacht gan inní orthu. Nuair a imíonn capaill chun scaoill, is féidir leo iad féin a ghortú trí rith isteach i mbacainn, nó is féidir leo capaill eile a ghortú fiú. Ach níos measa ná sin, is féidir leo a marcáithe nó pearsanra eile nó an dá dream araon a ghortú freisin.

Níl aon roghanna malartacha dearaidh ann chun capaill a chruinniú le chéile go sábháilte seachas cineál tithíochta nó stáblaí. Níl aon réitigh theicneolaíocha mhalartacha ar féidir a chur i bhfeidhm sa chás seo chun príomhimeacht rásaíochta a oibriú go sábháilte in éagmais stáblaí, boscaí tréidliachta, boscaí slándála etc. Dá bhrí sin, ní rogha malartach indéanta é rogha teicneolaíoch malartach agus níor breithníodh níos mó é.

4.9.3 Déan Rud Éigin - Bonneagar Caillte a Athsholáthar

Mar atá leagtha síos thuas, is gá ceadúnas a fháil ón IHRB roimh phríomhimeacht rásaíochta ar bith. Glacann ionadaithe ar Mharcaigh/Thraenálaíthe/Ghrúmaeirí/Thraenálaíthe Sriantha/Thréidlianna/Blue Cross páirt i gcruinniú ceadúnais, agus iad go léir ag iarraidh a chinntiú go bhfuil na háiseanna de réir an chaighdeáin agus gur féidir dul ar aghaidh go sábháilte leis an bpríomhimeacht rásaíochta, ar son leas an phobail chomh maith le leas na n-ainmhithe. Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh mura mbeadh tithíocht nó stáblaí slána ar fáil. Ar an gcaoi chéanna is bunriachtanach raon sábháilte le haghaidh príomhimeacht rásaíochta capaill, agus ós rud é go bhfuil an raon ann atá de réir an chaighdeáin faoi láthair agus gur cúrsa reatha an-tarraingteach é do chapaill, díriodh leis na roghanna malartacha ar an oiread bonneagair reatha a choinneáil agus ab fhéidir tríd na háiseanna a athsholáthar a chaillfí mar gheall ar thionchar an N6 GCRR atá beartaithe.

Dá bhrí sin is é an rogha 'Déan Rud Éigin' is oiriúnaí ná na háiseanna thuas a athsholáthar ar a laghad chun cur ar chumas Ráschúrsa na Gaillimhe leanúint ar aghaidh ag oibriú.


4.9.4 Déan Rud Éigin – Stáblaí Buana a Athsholáthar

Breithníodh roghanna malartacha chun stáblaí, clós stáblaí agus áiseanna gaolmhara ionaid a shuíomh toisc gur riachtanach stáblaí ionaid buana agus na háiseanna gaolmhara atá liostaithe thuas lena chinntiú go leanfar d'oibriú Ráschúrsa na Gaillimhe. Taispeántar leagan amach Ráschúrsa na Gaillimhe mar atá faoi láthair agus an réadmhaoin in aice ó thuaidh i Pláta 4.22.



Pláta 4.22 Leagan Amach Reatha

Tá cuspóirí críosaithe na dtailte sa limistéar sin curtha i láthair i Pláta 4.23. Tá cion mór de ghabháltas Ráschúrsa na Gaillimhe críosaithe maidir le *Caitheamh Aimsire agus Áineasa (RA)*, agus é taispeánta i ndath glas agus baineann an chuid eile le *Fiontraíocht, Tionscail agus Usáidí Gaolmhara (I)*, agus é taispeánta i ndath corcra.



Pláta 4.23 Sliocht as Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 Léarscáil A

Leis na suíomhanna malartacha le haghaidh na stáblaí ionaid díriodh i dtosach ar iad a chur laistigh de thailte RA. Déantar soláthar i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, Cuid 11.2.5, áfach, chun tailte breise atá criosaithe mar I a úsáid le bonneagar riachtanach tacaíochta don ráschúrsa a chur ar fáil:


‘Tailte criosaithe I suite lastuaidh de Ráschúrsa Bhaile an Bhriotáigh. Breathnóidh an Chomhairle ar bhonneagar ráschúrsa tacaíochta riachtanach a sholáthar ar chuid de na tailte sin agus áit a léirítear nach féidir le réasún é a sholáthar ar na tailte RA in aice láimhe, gan feidhm Ráschúrsa na Gaillimhe a chur i mbaol.’

Breithníodh ceithre shuíomh malartacha le haghaidh na stáblaí buana, is iad sin ná, suíomh na stáblaí reatha, faiche an raoin rásaíochta, siar ón seastán mór agus na tailte in aice láimhe ó thuaidh de na stáblaí reatha. Tá cur síos ar na roghanna malartacha sin curtha i láthair thíos, lena n-áirítear comparáid idir na tionchair a bheadh ag gach ceann ar an gcomhshaol, agus ina dhiaidh sin achoimre ar na príomhchúiseanna leis an rogha a piocadh.

4.9.4.1 Rogha A: De réir shuíomh na stáblaí reatha

Tá láithreán reatha stáblaí an ráschúrsa (Uimh. 5), an limistéar lódála/dílódála agus an limistéar páirceála boscaí capaill (Uimh. 7) ó thuaidh den raon rásaíochta mar a thaispeántar ar Pláta 4.22. Tá suíomh reatha chlós na stáblaí (Uimh. 5) agus na saoráidí coimhdeacha, maidir le teacht isteach sa chiorcal réamhpharáide (Uimh.4) agus ar aghaidh trí sheicheamh na ngníomhaíochtaí go tús an rása, rithábhachtach le haghaidh oibriú éasca an ráschúrsa toisc go gceanglaíonn sé go díreach leis an gcorcal paráide agus (Uimh. 3) agus ón gcorcal paráide tagann na capaill isteach chuig agus imíonn siad ón raon rásaíochta chomh luath is a stadann siad tar éis na líne deiridh. Tá na capaill in ann teacht agus imeacht ón mbloc stáblaí sin gan cur isteach ar an raon rásaí é féin ná ar na limistéir phoiblí, rud atá ina shocrú idéalach chun leasa na gcapall.

Is é an chéad rogha ar a ndearnadh iniúchadh ná athshuí chlós na stáblaí go díreach mar atá sé suite sa suíomh reatha (Uimh.5), tailte ar tailte sainithe RA iad, agus is é atá i gceist leis sin go mbeadh sé ina shuí os cionn an tolláin mar a thaispeántar ar Pláta 4.24.



Pláta 4.24 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe ar Láithreán na Stáblaí Reatha & Tairseach an Tolláin sa Charrchlós Reatha do Bhoscaí Capall

De réir an dea-chleachtais reatha ní foláir nó go mbíonn stáblaí de thoisi 3.65 m x 3.65 m ar a laghad. Mar thoradh air sin, d'fhonn na saoráidí stábla atá ann laistigh de limistéar reatha chlós na stáblaí a athsholáthar beidh talamh i bhfad níos mó de dhíth ná mar atá in úsáid faoi láthair. Dá bhrí sin, mar gheall ar an spás a bheadh riachtanach chun bloc stáblaí a sholáthar i gcomhréir le ceanglais tógála sa suíomh reatha sin, beidh tionchar aige ar an raon é féin agus cuirfear isteach air. Tá ceist fós ann maidir le suíomh a aimsiú do pháirceáil boscaí capaill toisc go ndéanfar limistéar thairseach tolláin den limistéar páirceála reatha, agus dá bhrí sin beidh cuma tochailte móire air (féach ar Pláta 4.24). Ní mór go mbeadh an pháirceáil ionaid do bhoscaí capall ceangailte chomh gar is féidir do na stáblaí chun lódáil agus dílódáil shábháilte capall a chumasú le strus agus riosca fíorbheag, agus ar an gcaoi sin sábháilteacht agus leas ainmhithe a chinntiú. Ina theannta sin, mar gheall ar an gcrios maolánach/srianadh 9m ar gach taobh den tollán nach gceadaítear do chrios tionchair aon struchtúir ualachiompartha a bheith laistigh de, déanfar an limistéar tógála a bhrú isteach níos mó i limistéar an raoin reatha.

Measadh nárbh fhéidir an suíomh sin a úsáid le haghaidh na stáblaí buana nua mar gheall ar na tionchair ar na capaill chomh maith leis an méadú ar na riachtanais spásúla chun caighdeán reatha a chomhlíonadh, an gá le maolánach/srian 9m a chur ar fáil ceachtar taobh den tollán agus amach ó struchtúr ualachiompartha ar bith, i dteannta leis an ngá le cead slí a choinneáil os cionn an tolláin le haghaidh Chomhairle Contae na Gaillimhe i gcomhair rochtana amach anseo i gcás teipe – ciallaíonn sé sin gur léir nach mbeadh an limistéar le haghaidh na stáblaí buana nua ar fáil ach trí chur isteach go mór ar an raon rásaíochta. Bheadh impleachtaí leantacha ag giorrú ar bith ar an raon ar shuíomh na seastán reatha i gcoibhneas leis an líne tosaithe agus/nó an líne chríche, ar fhad na rásaí, agus ar an sreabhadh oibríochta. Ní rogha indéanta é sin mar gheall ar scrios agus giorrú an raoin rásaíochta, agus na héifeachtaí leantacha ina dhiaidh sin ar an ráschúrsa.

4.9.4.2 Rogha B: Faiche (laistigh den raon rásaíochta)

Rinneadh faiche an raoin, atá sainithe arís mar thailte RA, a mheasúnú mar láthair fhéideartha le haghaidh na stáblaí buana a thaispeántar ar Pláta 4.25.



Pláta 4.25 Rogha B Stáblaí Buana: Faiche

Ní féidir clós na stáblaí a bhogadh isteach i ngarpháirc (laistigh den raon rásaí) an raoin mar níl rochtain ar an ngarpháirc do leantóirí capall faoi láthair agus níl aon tollán ann ionas gur féidir le capaill trasnú faoin raon chuig an limistéar diallaite agus an ciorcal réamhpharáide. Bheadh sé riachtanach dhá thollán mhóra a thógáil faoin raon chun freastal air sin – ceann amháin chun ligean d’iompróirí capall clós na stáblaí a rochtain agus imeacht amach uaidh agus an dara tollán chun capaill rása a thabhairt chuig an mbanrach agus ar ais uaidh arís i dtimpeallacht rialaithe amach ó cheantair rochtana poiblí. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht thógála sin dhúnfaí an raon rásaí le haghaidh dhá nó trí bliana, agus tionchar ollmhór mar gheall air sin ar a inmharthanacht.

Sa bhreis air sin, tarlaíonn gluaiseachtaí capall ollmhóra go háirithe le linn sheachtain na féile. Chruthófaí ceisteanna loighciúla géara mar gheall orthu maidir leis na rásaí a reáchtáil dá mbeadh na capaill i stáblaí sa gharpháirc toisc go mbeadh gá le hathruithe ar oibriú na féile chun rochtain a cheadú do chapail trasna an raoin rothaíochta idir rásaí. Tugadh faoi chomhairliúchán leis an IHRB, mar ag deireadh an lae, is iad an comhlacht rialála a rialaíonn forbairt ráschúrsaí in Éirinn agus ba í conclúid an chomhairliúcháin sin ná nach bhfuil garpháirc an raoin rásaíochta oiriúnacha ach ar bhonn sealadach le haghaidh na stáblaí.

Cuireadh an rogha sin as an áireamh mar shuíomh buan le haghaidh na stáblaí ar na cúiseanna thuas.

4.9.4.3 Rogha C: Siar ón seastán mór

Ós rud é nach bhfuil ach roghanna teoranta laistigh de thailte RA, breithníodh roghanna malartacha atá gar do thailte RA sna tailte atá sainithe mar I. Rinneadh an limistéar siar ón seastán mór a mheasúnú mar shuíomh féideartha le haghaidh na stáblaí buana a thaispeántar ar Pláta 4.26.



Pláta 4.27 Rogha D Stáblaí Buana: Ó Thuaidh de na Stáblaí Reatha

Teastaíonn an talamh sin cheana féin chun gur féidir an tollán a thógáil. Is féidir an bloc stáblaí a thógáil ar an talamh sin agus is féidir an pháirceáil do leantóirí capall a shuíomh os cionn an tolláin ar leibhéal an dromchla, díreach in aice leis na stáblaí nua. Leis an socrú sin ligfear iontráil optamach do na capaill chuig an gciorcal paráide roimh na rásaí mar aon le bealach amach ón ráschúrsa tar éis na rásaí. Mar gheall ar na riachtanais tógála atá luaite thíos, beidh laghdú de 13 ar líon na stáblaí i gclós na stáblaí. Tá soláthar na stáblaí ar na tailte sin ceadaithe laistigh den chuspóir criosaithe atá sonraithe thuas, toisc nach féidir na stáblaí a shuíomh áit ar bith eile ar thailte an Ráschúrsa atá criosaithe mar RA.

Is é an réiteach optamach an tógáil a theorannú do chúinne thoir thuaidh Ráschúrsa na Gaillimhe mar coinneofar na stáblaí sa suíomh céanna i dtaca le hoibríochtaí eile an ráschúrsa. Ar an gcaoi sin, áfach, bheadh gá le stáblaí sealadacha chun freastal ar an gcás eatramhach idir tús a chur leis an N6 GCRR atá beartaithe a thógáil, lena ndéanfar na stáblaí reatha a scartáil, agus críochnú na stáblaí buana ar deireadh.

4.9.4.5 Tionchair Fhéideartha ar an gComhshaol agus an Rogha is Dealraithe

Tá na tailte go léir ar a bhfuil gach ceann de na roghanna malartacha thuas suite faoi úinéireacht Ráschúrsa na Gaillimhe nó is tailte iad atá díreach in aice agus cead tugtha ag an úinéir don iarratas pleanála le haghaidh stáblaí ionaid. Mar gheall ar a ghaire is atá na ceithre shuíomh agus nádúr forbartha na suíomhanna sin, ní mór an difríocht idir an timpeallacht bhonnline i ngach ceann acu.

Tagann an phríomhdhifríocht idir na suíomhanna/roghanna malartacha chun solais nuair a dhéantar iad a mheasúnú de réir Sócmhainní Eachaíochta agus Ábhartha Neamhthalmhaíochta. Ó thaobh na heachaíochta de is é an rogha malartach lena ndéantar aithris an oiread is féidir ar an gcás reatha agus arb é an rogha is lú tionchair ar na capaill, an ceann is sábháilte agus is fearr ó thaobh leas ainmhí de, agus é tugtha faoi deara gurb ann do chaighdeán nua nach mór cloí leo leis an dearadh. Leis an gcás reatha oibrítear mórimeacht rásaíochta thar a bheith rathúil le linn fhéile an tsamhraidh, agus 8 go 10 rás in aghaidh an lae á reáchtáil thar thréimhse 8-lá. Le linn an ama sin, tógann cóitseálaithe a gcuid capall luachmhar chuig an imeacht seo bliain i ndiaidh a chéile, agus braitheann sé sin ar chloí leis an gcaighdeán ard sábháilteachta agus ar leas ainmhithe a mheas lena linn. Níor piocadh Rogha A mar gheall ar an teorainn le spás a bheith ar fáil leis na caighdeáin reatha le haghaidh stáblaí a chomhlíonadh mar gheall ar an gcrios srianta timpeall an tolláin. Ar an gcaoi chéanna chuirfí na capaill trasna ar a chéile ar fud an raoin rásaíochta le Rogha B. Le Rogha C bheadh ar na capaill siúil faid mhóra ón gciorcal réamhpharáide agus ní fhéadfaí scaradh sábháilte a sholáthar ón trácht agus ón bpobal i gcoitinne, rud a chuirfeadh an-strus ar na capaill. Is é Rogha D an rogha a bhfuil an méid is lú strus ag baint leis le haghaidh na n-ainmhithe toisc go mbíonn siad leithlisithe roimh an rásaíocht agus ina diaidh, gan ach a lú cur isteach orthu.

Is í an phríomhdhifríocht eile ná an éifeacht ar shócmhainn Ráschúrsa na Gaillimhe, i.e an tionchar a bhíonn ag an suíomh ar oibriú agus loighistic na mórimeachtaí rásaíochta i Ráschúrsa na Gaillimhe. Cuireadh Rogha A as an áireamh mar gheall ar leibhéal an tionchair ar Ráschúrsa na Gaillimhe mar gheall ar na riachtanais spásúla le haghaidh na stáblai ionaid a bheith ag cur isteach ar an raon, arb é príomhshócmhainn an ráschúrsa. Bheadh éifeachtaí an-suntasacha ag Rogha B ar loighistic Ráschúrsa na Gaillimhe mar gheall ar an stad/tosú agus trasnú síoraí an raoin idir gach uile rás. Bheadh tionchair shuntasacha ag Rogha C mar gheall ar na riachtanais spásúla chun rochtain scartha shlán a sholáthar ón suíomh thiar chuig an gcirocal réamhpharáide. Mar gheall ar na tionchair sin cuireadh as an áireamh iad mar roghanna malartacha indéanta. Beidh éifeachtaí ag Rogha D freisin ar Ráschúrsa na Gaillimhe a ndéantar tuilleadh plé orthu síos tríd an TMTT nuashonraithe seo.

Ar bhonn an mheasúnaithe thuas, meastar gurb é Rogha D na tailte amháin atá oiriúnach chun na stáblai a athshuíomh. Teastaíonn an talamh sin cheana féin chun gur féidir an tollán a thógáil. Is féidir an bloc stáblai a thógáil ar an talamh sin agus is féidir an pháirceáil do leantóirí capall a shuí os cionn an tolláin, díreach in aice leis na stáblai nua. Leis an socrú sin tabharfar an bealach isteach optamach do na capaill chuig an gcirocal paráide roimh na rásaí mar aon le bealach amach ón ráschúrsa tar éis na rásaí agus is lú tionchar a ghabhann leis ó thaobh leas ainmhithe de. Is é an réiteach optamach an tógáil a theorannú do chúinne thoir thuaidh Ráschúrsa na Gaillimhe mar coinneofar na stáblai sa suíomh céanna i dtaca le hoibríochtaí eile an ráschúrsa agus dá bhrí sin is fíorbheag an tionchar a bheadh aige ar oibríochtaí an ráschúrsa.

4.9.5 Roghanna Eile a Breithníodh – Stáblai Sealadacha

Mar a sonraíodh thuas, níl an rogha a piocadh le haghaidh shuíomh na stáblai buana ar fáil láithreach toisc go n-úsáidfeadh é do thógáil an N6 GCRR atá beartaithe, mar rachaidh Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe faoi chuid den láithreán a bhfuil na stáblai ionaid buana ann. Dá dheasca sin, ní féidir na stáblai ionaid buana a thógáil go dtí go gcuirfeadh tógáil agus aistriú an N6 GCRR oibríochtúil i gcrích. Dá thoradh seo, is gá stáblai sealadacha a chur ar fáil nach mór iad a bheith i mbun oibre go hiomlán sula ndéanfar na stáblai reatha a scartáil agus sula ndéanfar stáblai buana nua ionaid a gcoimisiúnú.

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an spás atá ar fáil faoi úinéireacht réadmhaoinne Ráschúrsa na Gaillimhe, suíodh na stáblai sealadacha sa gharpháirc, agus é tugtha faoi deara gur le haghaidh tréimhse shealadach amháin é. Bheadh gá le hathruithe ar oibriú na féile chun rochtain a cheadú do chapáil trasna an raoin reatha idir rásaí agus dá bhrí sin, is gá an ciorcal réamhpharáide a athshuíomh, atá mar ábhar don iarratas seo freisin. Ní cheadóidh Bord Rialála Rásaíocht Capall na hÉireann (IHRB), arb é an Comhlacht Rialála um rásaíocht capall in Éirinn na stáblai a shuíomh sa gharpháirc ach ar bhonn sealadach.

4.9.6 Achoimre

Tá suíomhanna deireanacha na stáblai taispeánta i léaráid leagain amach an phlean i bhFíor 5.1.15 sa TMTT nuashonraithe seo. Tá na stáblai sealadacha suite i ngarpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe, lena gcinntítear deighilt shábháilte ó na hoibreacha tógála atá beartaithe i gCéim 2 agus i gCéim 3, agus lena gceadaítear do na stáblai sealadacha oibriú go neamhspleách ar taobh thoir thuaidh an ráschúrsa. Tá na stáblai buana suite ó thuaidh de na stáblai reatha toisc gurb é an réiteach optamach an tógáil a theorannú do chúinne thoir thuaidh Ráschúrsa na Gaillimhe mar coinneofar na stáblai sa suíomh céanna i dtaca le hoibríochtaí eile an ráschúrsa. Fuarthas cead ó na páirtithe leasmhara go léir na stáblai buana a chur sa suíomh sin.

4.10 Mionathruithe ar an N6 GCRR – Ó 2018

Mar atá sonraithe i gCaibidil 1 agus i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo, de bhreis ar Iarratas Alt 51 a chur isteach in 2018 agus an freagra ina dhiaidh sin ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise in 2019, cuireadh mionathruithe agus a measúnachtaí comhshaoil lena mbaineann i láthair ar an N6 GCRR atá beartaithe ag tús na héisteachta ó bhéal roimh an mBord Pleanála i mí Feabhra 2020, is iad sin:

- Ailíniú eile leis an gcuid theas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire trí champas Boston Scientific (arna measúnú i gCuid 4.8.7)
- Athruithe ar an maolú atá beartaithe do Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe (arna measúnú i gCuid 4.9)

- Athruithe ar an maolú atá beartaithe do Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe (ar ar tugadh ONÉG roimhe seo) a tháinig chun cinn mar gheall ar athruithe a mhol Ollscoil na Gaillimhe ar a máistirphlean agus nach n-athraítear leo go hábhartha an N6 GCRR atá beartaithe nó nach dtugtar rogha eile ina áit leo

Is mionchúiseach mionathruithe eile ar an N6 GCRR atá beartaithe a moladh le linn na héisteachta ó bhéal mar atá sonraithe i gCaibidil 5 agus baineann siad le limistéar sonrach amháin agus iad curtha san áireamh mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe sa TMTT nuashonraithe seo.

Rogha eile is ea an Tionscadal atá curtha i láthair sa TMTT nuashonraithe seo leis na mionathruithe a rinneadh ó 2018, i.e. ag Bóthar Ceangail na Páirce Móire, Ollscoil na Gaillimhe agus Ráschúrsa na Gaillimhe chomh maith leis na mionathruithe áitiúla, in áit an togra a bhí mar ábhar TMTT 2018. Tugadh faoi mheasúnacht ar an Tionscadal sin i gcomhréir le togra 2018, agus ní rogha inmharthana é togra 2018 a thuilleadh ar na cúiseanna seo a leanas:

- ní léirítear leis forbairt an mháistirphlean don champas eolaíochta ag Boston Scientific
- ní léirítear leis seasamh Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe i dtaca le stáblaí ionaid
- ní léirítear leis forbairt an mháistirphlean spóirt in Ollscoil na Gaillimhe

Ar na cúinsí sin, tá an Tionscadal mar a chuirtear i láthair anois é á chur chun cinn agus déantar cur síos air i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo.

4.11 Teicnící agus teicneolaíochtaí malartacha tógála

Breithníodh teicnící malartacha tógála chun tionchair ar an gcomhshaol ar fud an Tionscadail a dhíbirt agus a laghdú.

Breithníodh teicneolaíochtaí malartacha tógála le haghaidh gach struchtúr mór, agus tá sonraí orthu tugtha thíos.

4.11.1 Roghanna Eile in áit Thollán Leacaigh

Breithníodh dhá rogha chun Tollán Leacaigh a thógáil, ba iad sin ná meaisín tollta tolláin (MTT) agus Druileáil agus Pléascadh i.e. tollán mianaithe.

4.11.1.1 Druileáil agus pléascadh

Is gnách go n-úsáidtear an modh tógála sin chun tollánú a dhéanamh trí charraig fhulangach agus úsáidtear é mar rogha eile in áit MTT. Is gnách nach mbíonn sé chomh costasach le MTTanna a úsáid ach tógann tógáil níos mó ama. Teicníc an-fhorbartha atá sa teicníc druileála agus pléascatha agus is féidir creathadh agus torann ó na hoibríochtaí a íoslaghdú.

Is é atá i gceist leis an modh tógála sin ná druileáil a dhéanamh ar an éadan carraige, lánáin phléascacha a chur isteach agus na lánáin sin a phléascadh. Baintear na spallaí a bhaineann leis ón tollán agus cruthaítear imlíne an tolláin. Ar Pláta 4.28 taispeántar druileáil ar éadan na carraige.



Pláta 4.28 Druileáil agus Pléascadh

Seo a leanas buntáistí na teicníce sin:

- Is féidir pléascadh a athrú chun an tionchar ar cSAC a íoslaghdú
- Ní mhaireann an creathadh chomh fada leis an gcreathadh ó MTT

Seo a leanas míbhuntáistí na teicníce sin:

- Tionchair fhéideartha ag éadan na carraige mar gheall ar phléascadh, gá le bearta maolaithe sula dtosaíonn oibreacha tolláin
- Tionchar féideartha ar an bpábháil Aolchloiche laistigh de SAC Loch Coirib os cionn an tolláin, ach maolaítear é sin mar a shonraítear in Aguisín A.7.3 den TMTT nuashonraithe sin

4.11.1.2 Meaisín Tollta Tolláin

Is iad Meaisíní Tollta Tolláin an modh is forbartha le tolláin a thógáil. Féadann Meaisíní Tollta Tolláin tollánú trí raon leathan d'ábhar ó ithir go carraig chrua, cé go mbíonn meaisíní aonair thar a bheith saincheaptha do choinníollacha talún sonracha le haghaidh a Tionscadail. Is minic a úsáidtear an modh tógála sin toisc go mbíonn sé níos tapa, mar gheall ar a éifeachtúlacht, éascaíocht an uathoibríthe agus a chumas déileáil le coinníollacha athraitheacha talún agus screamhuisce. IbPláta 4.29 taispeántar Meaisín Tollta Tolláin in úsáid ar thionscadal Chalafort Bhaile Átha Cliath.



IbPláta 4.29 Meaisín Tollta Tolláin le haghaidh Chalafort Bhaile Átha Cliath

Seo a leanas buntáistí na teicníce sin:

- Rátaí arda tochairle a chuireann le laghdú ar am tógála
- Rialú screamhuisce
- Laghdaítear go suntasach na tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol ó thaobh torainn, deannaigh agus físe ar ghabhdóirí íogaire agus sriantar iad dóibh siúd atá suite in aice le sloic sheolta agus aisghabhála

Míbhuntáistí:

- Teastaíonn loic réamhshuiteáilte a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bpábháil Aolchoiche ar an dromchla
- Easpa solúbthachta mar nuair a bheidh an teicníc roghnaithe bheadh sé nach mór dodhéanta í a athrú le linn thógáil an tolláin
- Ba cheart go mbeadh fad an tollánaithe níos mó ná 1km chun go mbeadh úsáid an MTT cost-éifeachtach

4.11.1.3 Achoimre measúnaithe ar roghanna eile in áit tollánaithe

Ba é an tollán mianaithe an mhodheolaíocht roghnaithe chun teorainn a chur leis an mbaol go dteipfí ar an bpábháil Aolchloiche laistigh de SAC Loch Coirib os a chionn toisc gur maille é agus gur modh níos smachtaithe é um thógáil talún mar gheall ar na srianta sa suíomh sin. Cuirtear i láthair sonraí na modheolaíochta chun an tollán mianaithe a thógáil, i dteannta leis an maolú chun aon tionchair fhéideartha ag éadan an chairéil mar thoradh ar phléascadh a íoslághdú agus bearta maolaithe atá riachtanach roimh oibreacha tolláin in Aguisín A.7.3 Tuairisc ar Thollán Leacaigh.

4.11.2 Roghanna Eile in áit Dhroichead Abhainn na Gaillimhe

Breithníodh roghanna malartacha éagsúla, mar gheall ar na srianta reatha, sular roghnaíodh an fhoirm optamach do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe. Áirítear leis na srianta reatha an tionchar físe féideartha agus an tionchar féideartha ar shuíomh an tírdhreacha, an tionchar féideartha ar Ollscoil na Gaillimhe, an tionchar féideartha ar an oidhreacht sheandálaíoch, ailtireachta agus chultúrtha i dtaobh Chaisleán Mhionlaigh agus a dhiméin, an tionchar féideartha ar SAC Loch Coirib, ar fhlóra agus fána, ar an abhainn agus an ceantar timpeall air, an tionchar féideartha ar úsáid áineasa na habhann agus an tionchar ar shainghnéithe seandálaíochta féideartha laistigh de leaba na habhann.

Breithníodh sé rogha eile lenar cuimsíodh trí rogha áit a dtacaítear leis an deic faoina bhun agus trí rogha áit a dtacaítear leis an deic le cáblaí/túir os cionn na deice. Chuimsigh na sé rogha sin meascán de struchtúir deice bhosca coincríte, struchtúir chruach agus meascán de struchtúir chruach agus choincríte. Tugadh faoi mheasúnacht ar na roghanna sin agus aird tugtha ar na tionchair ar an gcomhshaol, ar an dearadh teicneolaíoch, ar ghnéithe geoteicniúla, riachtanais chothabhála, tógáil agus cumas tógála, aeistéitic chun an crosbhealach droichid beartaithe a roghnú. Tá fótamontáisi den fhoirm roghnaithe curtha i láthair in Aguisín A.12.2.

Nuair a roghnaíodh foirm an droichid, breithníodh dhá rogha chun Droichead Abhainn na Gaillimhe a thógáil, is é sin ná teilgte in-situ ar struchtúr sealadacha taca nó starmhaide cothromaithe in-situ. In Aguisín A.7.1 leagtar síos na modhanna tógála chun Droichead Abhainn na Gaillimhe a thógáil agus tugtar cuntas freisin ar na srianta agus na riachtanais ghaolmhara. Tá an modh teilgte in-situ ar struchtúr sealadach taca beartaithe chun an struchtúr a thógáil ar an mbealach isteach ar an taobh thiar os cionn Áiseanna Caithimh Aimsire Ollscoil na Gaillimhe. Tá an modh starmhaide chothromaithe in-situ beartaithe chun réise na habhann a thógáil chomh maith leis na réisí ceachtar taobh den abhainn lena mbaineann taistealaithe foirme a úsáid agus na réisí a theilgeadh in-situ. Le modh an starmhaide chothromaithe don tógáil os cionn Abhainn na Gaillimhe is féidir an droichead a thógáil gan oibreacha ionsrutha agus níl baol ag baint leis go rachadh ábhar tógála isteach san abhainn le linn na tógála.

4.11.3 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe

Breithníodh trí rogha tolláin um fhoirm struchtúrach Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe, ba iad sin ná bosca dúbailte, áirse réamhtheilgte dúbailte agus bíomaí réamhtheilgte réamhstrusta a chlúdóidh réise iomlán na tochailte agus landair bhalla láir curtha isteach chun feadóga dúbailte an tolláin a scaradh. Tógáil choincríte atá i gceist leis na trí rogha eile. Déantar measúnacht ar na roghanna sin de réir roinnt critéar i ndáil le gnéithe teicniúla, aeistéitice, comhshaoil agus sláinte & sábháilteachta.

Piocadh rogha an bhosca dhúbailte. Leis an modheolaíocht tógála sainaitníodh dhá mhodh le rogha eile an bhosca dhúbailte a thógáil, ba iad sin ná coincrít threisithe in-situ agus bosca coincríte réamhtheilgte agus tá sé sin leagtha amach in Aguisín A.7.4 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe.

4.11.4 Tarbhealach Mhionlaigh

Tá Tarbhealach Mhionlaigh thart ar 320m ar fad atá riachtanach chun an phábháil Aolchloiche (lasmuigh ar láithreán Eorpach) sa limistéar sin a chlúdach. Breithníodh foirmeacha éagsúla droichid, agus tá an rogha a piocadh curtha i láthair in Aguisín A.7.2 Scrúdú ar Thógáil Tharbhealach Mhionlaigh. Sa tuarascáil sin freisin leagtar amach trí mhodheolaíocht mhalartach tógála chun an tionchar ar an bpábháil Aolchloiche a íoslaghdú.

4.11.5 Roghanna Eile in áit Ábhair Tógála

Rinneadh breithniú ar ábhair mhalartacha agus an Tionscadal a dhearadh d'fhonn an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Sa bhreis air sin, tá dul chun cinn déanta ó thaobh na heolaíochta agus na teicneolaíochta de agus tá comhdhéanaimh ábhair forbartha atá níos inbhuanaithe ach lena gcomhlíontar an tsonraíocht chéanna feidhmíochta. Tugtar roinnt roghanna eile faoi deara mar a leanas:

- Baintear úsáid as claífoirt ghlasa ghéaraithe in áit ballaí coinneála coincríte chun na tionchair ar an gcomhshaol a mhaolú agus chun méideanna na coincríte a laghdú
- I gcás go n-úsáidtear coincrít i struchtúir, in ionad stroighin Portland cuirtear coincrít ina bhfuil slaig fóirnéise soinneáin gránaithe meilte (GGBS)
- Ní bhaintear úsáid as struchtúir chruach le haghaidh ceann ar bith de na struchtúir mhóra mar atá leagtha amach thuas agus ní úsáid cruach le haghaidh aon tardroichid nó fodhroichid ach an oiread
- I gcás go n-úsáidtear cruach i gcoinchrít threisithe, beidh 70% ar a laghad de ina chruach athchúrsáilte

4.12 N6 GCRR – An Chonair Is Fearr laistigh de Réiteach Iompair SIG

Roghnaíodh an chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar don N6 GCRR atá beartaithe i ndiaidh measúnacht fairsing ar na srianta féideartha fisiciúla agus comhshaoil. Rinneadh anailís ar Chonairí Bealaigh le haghaidh bhonneagar nua bóthair trí phróisis luathscagtha chun líon na roghanna indéanta a chuíchóiriú. Cuimsíodh i measúnú na roghanna cleachtaí comhairliúcháin phoiblí fairsinge agus ceardlanna foirne tionscadal. Bhí na roghanna faoi réir measúnaithe freisin ag foireann breithmheasa a bhí neamhspleách ar an bhfoireann deartha tionscadal. Ar deireadh, trí thuilleadh barrfheabhsaithe agus íoslaghdú tionchar, cinneadh an conair dearaidh deiridh.

Tosaíonn an rogha is dealraithí sin sa Bhaile Nua siar ó Shráidbhaile Bhearna ag an R336 agus téann sé soir ó thuaidh ag trasnú Abhainn na Gaillimhe i nDaingean agus nascann sé leis an N6 atá ann ag Cúil Each. Tugtar forléargas iomlán ar bhealach an N6 GCRR atá beartaithe i gCaibidil 5, Tuairisc ar an Tionscadal.

Seachnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe an líon is airde srianta aitheanta agus dobhogtha, agus baineann sé leas as an bhfabraic atá ar fáil a mhéid is féidir. Comhlíonann sé na ceanglais maidir le dearadh bóthair nua-aimseartha agus riachtanais beartais reatha chomh maith.

Leis na hathruithe dearaidh ar an N6 GCRR atá beartaithe i ndiaidh roghnú an EPRC laghdaítear na tionchair fhéideartha fhoriomlána comhshaoil ar an limistéar agus ar an bpobal gan dul i gcion ar aon slí ar an bpróiseas roghnúcháin a rinneadh nó gan é a athrú ar bhealach ar bith. Is é an réiteach a tairgeadh ag an N6 GCRR atá beartaithe an réiteach iompair is fearr agus is é an rogha is dealraithí ag an am céanna ó thaobh an chomhshaoil de, ó thaobh na timpeallachta daonna de agus ó thaobh na gnáthóige nádúrtha de. Forbraíodh an N6 GCRR agus na freagairtí cuimsithe a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí fairsing a rinneadh maidir leis an tionscadal agus seachadann sé an méid seo a leanas:

- Soláthraíonn sé bealach straitéiseach, atá ina chuid de líonra cuimsitheach TEN-T, trasna Abhainn na Gaillimhe gan ghá le dul trí lár na cathrach mar atá sonraithe i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Soláthraíonn sé nascacht leis na bóithre náisiúnta uile agus le Réigiún an Iarthair dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i nGaillimh agus sa chuid eile den tír
- Cumasaíonn sé athdháileadh an spáis bhóithre reatha laistigh den chathair ar bhearta iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh mar a shamhlaítear in SIG
- Déanann sé soláthar don trácht straitéiseach a théann isteach i gCathair na Gaillimhe agus nascacht le criosanna gineadóirí agus aomhóirí tráchta
- Comhlíonann sé feidhmiúlacht chomhpháirt bhóithre an réitigh iompair idirmhódúil fhoriomláin mar atá leagtha amach in SIG
- Maolaíonn sé an brú tráchta laistigh de Chathair na Gaillimhe a mbeadh truailliú laghdaithe aeir agus torainn mar thoradh air
- Éascaíonn sé córas iompair phoiblí níos éifeachtaí
- Éascaíonn sé soláthar optamach rogha ilchórach taistil
- Cuireann sé feabhas ar na leibhéil sábháilteachta do gach úsáideoir bóithre poiblí
- Íoslaghdaíonn sé scriosadh agus ceannach réadmhaoine a mhéid is féidir
- Cuireann sé feabhas ar chaighdeán beatha iad siúd atá ina gcónaí laistigh de Chathair na Gaillimhe le laghdú ar an mbrú tráchta agus dá bhrí sin laghdaítear truailliú agus méadaítear na deiseanna le haghaidh gníomhaíocht choirp
- Seachadfaidh an N6 GCRR atá beartaithe bealach breise trasna Abhainn na Gaillimhe agus an bóthar ceangail nua faoi mar a bheartaítear in SIG. Dá bhrí sin, tá an N6 GCRR atá beartaithe ina cuid riachtanach de SIG, soláthraíonn sé comhpháirt bhóithre an réitigh iompair fhoriomláin do Chathair na Gaillimhe agus dá ceantar máguaird, soláthraítear tairbhe do phobal áitiúil agus do phobal réigiúnach níos mó na Gaillimhe agus réigiún an iarthair agus tuigtear an timpeallacht íogair ina bhfuil sé fite fuaite

Beidh tionchair dhiúltacha ag an N6 GCRR atá beartaithe ar an timpeallacht ghlaetha lena n-áirítear, ar an drochuair, go ndéanfar a lán réadmhaoine a scartáil nó a cheannach, rud nach féidir a sheachaint.

Soláthraíonn an N6 GCRR atá beartaithe, áfach, na tairbhí an-suntasach agus a bhfuil an-ghá leo do líonra iompair an AE, do Réigiún an Iarthair agus do Chontae na Gaillimhe chomh maith le timpeallacht chomhthógtha Chathair na Gaillimhe agus a ceantair máguaird agus an suíomh a theastaíonn don bhonneagar bóithre.

- Bíonn tionchair ghaolmhara gan dealramh ag seoladh na mílte feithicil in aghaidh an lae trí lár na cathrach ar ghnólachtaí, ar shaoráidí poiblí, ar bhailte agus ar úsáideoirí bóithre gan inneall. Áirítear ar na tionchair sin truailliú torainn agus aeir. Cuireann cineál stop/tosaigh na tiomána uirbí agus dlúthghrúpáil na bhfeithicil ar chúl feithicil a bhogann go mall leis na leibhéil truaillithe a théann i gcion ar dhaoine áitiúla agus ar chualiteoirí
- Laghdóidh an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid de SIG an spleáchas ar charranna trí éascaíocht a dhéanamh d'athdháileadh spáis bhóithre chun feabhas a chur ar acmhainn agus iontaofacht an iompair phoiblí agus chun éascaíocht a dhéanamh do rothaíocht agus siúl laistigh de phríomhlimistéar lár na cathrach
- Is é an gá atá leis an Tionscadal ó thaobh inbhuanaitheacht an chomhshaoil de réiteach iompair comhtháite agus inbhuanaithe a sheachadadh lena n-ailínítear infheistíocht iompair le patrúin lonnaithe, gluaiseachtaí taistil agus a thacaíonn le húsáid inbhuanaithe talún chomh maith
- Cuireann an réiteach iompair foriomlán laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa chun cinn toisc go n-éascaíonn sé cur chun cinn córais iompair ísealcharbóin atá níos tíosaí ar fhuinneamh, agus ag an am céanna soláthraíonn sé inrochtaineacht ar an gcathair agus naisc léi
- Laghdaíonn sé sin leibhéal an truaillithe laistigh de lár na cathrach chomh maith
- Soláthróidh sé tionchar dearfach breise chomh maith ar cháilíocht an aeir i gcás go gcuirfear an trácht ar mhalairt slí ó na gabhdóirí feadh an líonra bóithre reatha laistigh de lár na cathrach
- Beidh an buntáiste breise le soláthar na saoráidí siúil agus rothaíochta níos fearr, is é sin go méadóidh an ghníomhaíocht choirp do phobal na cathrach, a mbaineann tábhacht náisiúnta leis anois toisc go bhfuil ceanglas sa bheartas náisiúnta anois an ghníomhaíocht choirp a chuimsiú mar cheann de na critéir a ndéanfar na tionscadail ar fad lena dtabhaítear cistí poiblí a measúnú ina gcoinne
- Áirítear ar na tionchair atá ann ar an timpeallacht ghlaetha faoi láthair éifeachtaí deighilte i limistéir uirbeacha agus luasanna tráchta i limistéir thuaithe toisc go mbaintear úsáid as bóithre áitiúla chun an líonra bóithre náisiúnta plódaithe a sheachaint. Laghdófar an deighilt sin tríd an trácht a aistriú go dtí an N6 GCRR atá beartaithe